An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# An Tuarascáil Bhliantúil 2021/2022

28 Márta 2021 – 27 Márta 2022

teachingcouncil.ie

# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta | **10** |
| 2. | Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach | **13** |
| 3. | An Clár Múinteoirí | **20** |
| 4. | Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí agus Ionduchtú | **24** |
| 5. | Feabhas a chur ar Chaighdeáin maidir le hIompar Gairmiúil agus Cleachtadh Gairmiúil | **28** |
| 6. | Foghlaim agus Taighde do Mhúinteoirí | **34** |
| 7. | Gairm na Múinteoireachta a chur chun cinn | **38** |
| 8. | Eagraíocht Éifeachtúil agus Éifeachtach a Fhorbairt agus a Chothabháil | **44** |


## Aguisíní


| | |
|---|---|
| **Aguisín 1** Na Ráitis Airgeadais | **48** |
| **Aguisín 2** Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta | **72** |
| **Aguisín 3** Coistí agus painéil | **74** |
| **Aguisín 4** Caiteachais Chomhaltaí na Comhairle, 2021 | **81** |

# Roghbhlúire:

## 28 Márta 2021 go 27 Márta 2022

**112,878**
múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta

**107,947**
múinteoir a rinne clárú a athnuachan

**102,779**
múinteoir athnuachan ar a gclárú ar líne

**27,039**
Rinneadh grinnfhiosrúchán ar 27,039 múinteoir tríd an gcóras nua ríomhghrinnfhiosrúcháin

**6,392**
múinteoir rannpháirteach i Droich

**1.5m**
cuairteoir ar www.teachingcouncil.ie

**56,372**
Freagraíodh 56,372 glao

**92,918**
Freagraíodh 92,918 ríomhphost

**Eisíodh 19 ríomhiris**
lena n-áirítear 5 ríomhiris taighde

**3 sheimineár Foghlaim do Chách**
ar líne i gcomhpháirt leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)

**8**
Taifeadadh 8 bpodchraoladh

**39**
Rinneadh 39 gearán feidhmiúlachta chun múineadh chuig an gComhairle Mhúinteoireachta

**25 thionscadal**
Dámhadh maoiniú ar 25 thionscadal faoin gceathrú babhta de Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan, ar thionscadail de chuid daoine aonair a bhí i 12, agus ar thionscadail chomhoibríocha a bhí i 13

**Éascaíodh 22 cheardlann Cosán**
Éascaíodh 22 cheardlann Cosán do scoileanna i gcomhar le hIonaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI)

**12**
líon na múinteoirí cleachtacha a d'éascaigh ceardlanna Cosán

**9**
dtionscadal maoinithe a thaispeáin taighde trí fhíseáin ag FÉILTE 2021

**17 ríomhleabhar**
ríomhleabhar curtha leis an leabharlann ar líne agus curtha ar fáil saor in aisce do gach múinteoir cláraithe



# Tuairisc an Chathaoirligh

**Michelle Keane**
Cathaoirleach na Comhairle Mhúinteoireachta

**Gach lá sa seomra ranga, bíonn deis agus dúshlán iontach ag gach múinteoir aonair. Is éard atá i gceist ná oiliúint a chur ar na leanaí agus ar na daoine óga, chun iad a mhúnlú, tionchar a imirt orthu agus iad a spreagadh. Is obair chrua í seo. Bíonn oideachas, ullmhúchán agus tiomantas ag teastáil ó thaobh an mhúinteora de. Chomh maith leis sin is gá tacaíocht a thabhairt dár múinteoirí agus go mbeidh léirthuiscint acu ar an ról atá acu.**

Is é a mhúinteoir ról lena mbaineann freagracht, iontaofacht agus iarmhairt thar na bearta do na glúine a bhfuil oideachas á chur orthu. Múnlaítear saolta aonair na mac léinn ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin. Is gairm í lena mbaineann díograis agus tiomantas do mhúinteoirí. Tá sí ar cheann de na gairmeacha is onóraí agus is gairm í a bhfuil an Chomhairle Mhúinteoireachta ann, ní hamháin chun tacú léi, í a chur chun cinn agus a rialáil ach chun í a cheiliúradh freisin.

Cumhdaítear sa tuarascáil bhliantúil seo an tréimhse Márta 2021 – Márta 2022 lena n-áirítear an dara bliain den phaindéim – tréimhse ar bhain dúshlán agus neamhchinnteacht leanúnach léi ach ar tháinig dóchas agus filleadh ar an 'normáltacht nua' ina diaidh de réir mar a cuireadh an clár náisiúnta vaicsínithe i bhfeidhm agus mar a d'athoscail an tsochaí de réir a chéile.

Le linn na paindéime, sholáthair múinteoirí suaimhneas agus díograis buanseasmhach ar mhaithe lena mac léinn agus a bpobail go forleathan. In imthosca a bhí fíordheacair agus strusmhar, ghlac múinteoirí lena ndualgas agus d'fhónadar go hinmholta chun athléimneacht agus leanúnachas an oideachais agus an fhoghlaim do na daoine óga ar fud na hÉireann a chinntiú.

Táimse paiseanta faoi ghairm na múinteoireachta, an ról riachtanach agus foirmitheach atá aici i measc na ndaoine óga agus an rannchuidiú bunriachtanach a dhéantar léi maidir le sláine agus rathúlacht na sochaí agus na tíre. Tá macántacht agus ardchaighdeáin na gairme fíorthábhachtach maidir leis an bhfreagracht sin. Is é ról na Comhairle dá bhrí sin stádas agus ardchaighdeán ghairm na múinteoireachta a chothabháil ar bhonn córasach agus ar mhodh lena dtacaítear leis an muinín atá, mar is ceart, ag an sochaí i múinteoirí agus lena bhfeabhsaítear í.

Tá comhaltas na Comhairle ionadaitheach do ghairm na múinteoireachta agus do na geallsealbhóirí fíorthábhachtacha san fhoghlaim agus san oideachas. Mar a léirítear sa tuarascáil seo, tá obair na Comhairle fairsing agus éagsúil de réir an tsainchúraim reachtúil atá uirthi, agus ag fáis os cionn 113,800 múinteoir ar an gclár. Ina leith sin, bíonn gá le hionchur, treoir, rannpháirtíocht agus treorú uainn thar raon fairsing de réimsí beartais, mar aon le seirbhísí clárúcháin agus rialála a sheachadadh.



Tá an t-ádh ar an gComhairle Mhúinteoireachta go bhfuil bord comhaltaí aici (an Chomhairle) a chuireann seirbhís thiomnaithe dhíograiseach ar fáil agus iad i mbun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus a dhéanann ionadaíocht ar réimse leathan leasanna de chuid páirtithe leasmhara san fhoghlaim agus oideachas. Áirítear leis seo ionadaithe múinteoirí a toghadh ó na hearnálacha bunscoile agus iarbhunscoile agus atá ina ngné ríthábhachtach de chomhdhéanamh agus d'obair na Comhairle, a bhfuil a mballraíocht iomlán le feiceáil in aguisíní atá leis an tuarascáil seo.

Cé nach bhfuil aon ról ag an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le socruithe fostaíochta a threorú ná a shainiú dá cuid ball, agus iad siúd a fhónann ar an gComhairle go deonach, tá ár gcuid oibre ag brath ar bhaill a bheith ar fáil i dteannta a chéile agus ar choistí éagsúla tábhachtacha ar a bhfónann siad. Go dtí seo, bhain an Chomhairle leas as an lánrogha agus as an tsolúbthacht a fheidhmíonn fostóirí, pátrúin scoile agus boird bhainistíochta san áireamh, agus iad ag éascú saoire ón scoil agus ag freastal ar chruinnithe ag baill na Comhairle. Tá sé riachtanach go mbeadh tuiscint ag na páirtithe leasmhara uile a bhfuil spéis acu in obair na Comhairle Múinteoireachta ar an tábhacht a bhaineann leis an éascú agus leis an gcomhoibriú seo.

Maoiníonn an Chomhairle taighde chomhoibríoch agus cuireann sí an dea-chleachtas, forbairt agus foghlaim ghairmiúil leanúnach thar raon clár agus tionscnamh chun cinn, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin, foilseacháin agus ócáidí, agus FÉILTE, sárthaispeántas sármhaitheasa sa mhúinteoireacht.

Le linn na bliana atá faoi chaibidil, fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta tacaíocht AE le haghaidh tioscadal dhá bhliain chun múnla nuálach de rannpháirtíocht an phobail le scoileanna áitiúla a chur chun cinn. Tá beagnach 4,000 scoil in Éirinn, agus tá sé mar aidhm ag an tionscadal sin ceapadh agus feidhmiú an bheartais oideachais a fheabhsú tríd an gcaidreamh idir an t-oideachas agus an pobal agus sochaí go forleathan a neartú. Déantar an méid sin d'fhonn nuálaíocht todhchaí san oideachas a chothú – bunaithe ar riachtanais saoránach agus pobal. Comhlánaítear leis sin próiseas láithreach BEACONS na Comhairle Múinteoireachta trína dtagann grúpa de gheallsealbhóirí éagsúla le chéile chun an t-oideachas a phlé, nasc idir dearcaí áitiúla agus réigiúnacha agus an clár náisiúnta beartais. Tá an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta páirteach leis an AE chun an tionscadal spreagúil sin a thacú agus beimid ag súil leis na torthaí air a thuairisciú sna blianta romhainn.

Thar ceann na Comhairle, aithním go croíúil an méid a rinne an tIar-Chathaoirleach Seán McMahon, agus an tIar-Leaschathaoirleach, Noelle Moran, a raibh a seasaimh acu le linn na tréimhse tuairiscithe ón 28 Márta 2021 go dtí an 27 Márta 2022. Gabhaim buíochas leo as an díograis agus an tiomantas a léiríodar maidir lenár ngairm agus i leith na Comhairle le linn a gceapachán, agus guím gach rath orthu sa todhchaí. Fáiltím roimh Ann Mulcahy mar Leaschathaoirleach agus táimse ag súil le hoibriú i ndlúthchomhar le gach comhalta den Chomhairle.

Táimid an-bhuíoch don Iar-Stiúrthóir Tomás Ó Ruairc a d'fhónaigh don Chomhairle le gradam ar feadh deich mbliana. Ceapadh an tUas. Ó Ruairc ina Ard-Rúnaí Cúnta leis an Roinn Oideachais. Ceapadh Phil Fox, Uas. ina Stiúrthóir Gníomhach ar an gComhairle Mhúinteoireachta fad a bheifear ag feitheamh ar phróiseas earcúcháin chun comharba an Uas. Uí Ruairc a aimsiú.

**Gabhaimid buíochas le foireann go léir na Comhairle Múinteoireachta as a sár-obair - d'ainneoin na paindéime ar leanadh de go leor tionscnaimh thábhachtacha a chur chun cinn lena linn. Ina measc bhí cur i ngníomh rathúil agus seoladh bunachair sonraí fíorthábhachtach don Chlár Múinteoirí. Leis an gcóras nua sin, tá an Chomhairle Múinteoireachta mar nuálaí i réimse na rialála gairmiúla agus seachadta seirbhíse cuíchóirithe, lena n-áirítear digitiú. Tá feabhsú ollmhór déanta ar an gcaoithiúlacht go foriomlán agus ar an áisiúlacht do mhúinteoirí le linn dóibh a gclárúcháin a chlárú agus a athnuachan, chomh maith le próisis mhúnlaithe na Comhairle maidir le soláthar múinteoirí, láithreach agus todhchaí.**

Tar éis comhchomhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí, agus bunaithe ar phleananna ilbhliantúla go dtí seo, sheol an Chomhairle Mhúinteoireachta, i mí na Nollag 2021, a Plean Straitéiseach don tréimhse 2022-2027. Díreofar ar chlárú agus soláthar múinteoirí a fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach, comhoibríocht ghairmiúil sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim a chur chun cinn, an forás leanúnach ar ár gcuid feidhmeanna rialála agus bealaí inmharthana oibre go foriomlán.

Mar Chathaoirleach, is é atá agam mar fhís don Chomhairle Mhúinteoireachta ná go leanfaidh sí de shláine agus ardchaighdeáin ghairm na múinteoireachta a chaomhnú fad a dhéanfar tuiscint an phobail ar luachanna, ardcháilíocht agus rannchuidiú ollmhór na gairme do na daoine agus don tír a chur chun cinn.

Táim ag súil le hoibriú le gach comhpháirtí agus geallsealbhóir ar mhaithe le leas leanúnach ghairm na múinteoireachta agus na bpobal dá bhfónaimid.

Michelle Keane

**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**



# Tuarascáil an Stiúrthóra Ghníomhaigh

**Fáilte go dtí Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta don tréimhse ó mhí an Mhárta 2021 - mí an Mhárta 2022. San áireamh anseo tá an dara bliain den phaindéim - tréimhse ina raibh dúshlán tromchúiseach ann do mhúinteoirí, scoláirí, scoileanna, teaghlaigh, foireann na Comhairle agus an daonra uile. I rith na bliana, thugamar tús áite do sheachadadh na seirbhísí ar an iomlán agus dhíríomar go háirithe ar na fadhbanna a bhain le soláthar múinteoirí, agus ag an am céanna leanamar ar aghaidh ag tabhairt faoinár riachtanais straitéiseacha agus reachtúla chun tacú leis an ngairm agus leis an bpobal.**

**Phil Fox**
Stiúrthóir Gníomhach na Comhairle Mhúinteoireachta

Bhí an mhúinteoireacht chianda ar cheann de na dúshláin do mhúinteoirí agus múineadh sa rang ar cheann eile. Bhí sé ríthábhachtach treoirlínte sláinte poiblí a chomhlíonadh mar a bhí an gá le saoil scoile a atosú mar is gnách a mhéid ab fhéidir freisin – cothromas a raibh sé deacair é a bhaint amach. Cé gur eispéireas strusmhar a bhí ann, bhí athléimneacht agus diongbháilteacht thar na bearta ann i measc múinteoirí agus príomhoidí. Bhíodar misniúil go pearsanta agus cinntíodh gur seachadadh an tseirbhís ríthábhachtach oideachais d'ainneoin na n-imthosca go léir. Níl aon amhras orm nuair a deirim go bhfuil an díograis agus an tiomantas tar éis an meas atá ar mhúinteoirí ag pobail scoile agus an pobal i gcoitinne a neartú tuilleadh, agus deirim an méid sin freisin ó mo thaithí phearsanta mar thuismitheoir páistí atá ag freastal ar scoil.

Tagann an tuarascáil seo le críochnú an Phlean Straitéisigh, 2018-2020 de chuid na Comhairle. D'ainneoin an cur isteach a bhí mar thoradh ar an bpaindéim, baineadh amach dul chun cinn suntasach le linn na bliana seo caite thar gach clár straitéiseach agus oibríochta mar a léirítear sna leathanaigh a leanas.

Mar fhreagairt d'éifeachtaí na paindéime, lean an Chomhairle Mhúinteoireachta de thionscnaimh a chur chun cinn a bhí dírithe ar an soláthar múinteoirí cláraithe a mhéadú chun folúntais a líonadh, lena n-áirítear róil mhaoirseachta agus ionadaíochta, ar bhonn leanúnach le linn scoilbhliain 2021/22. Rinneadh acmhainní a leithdháileadh, agus a atreorú ó fheidhmeanna eile, chun na próisis chlárúcháin agus ghrinnfhiosrúcháin do mhúinteoirí a chuíchóiriú agus a bhrostú do mhúinteoirí incháilithe, fad a leanadh de cheanglais reachtúla a chomhlíonadh. Bhí síniú ordaithe rialála reachtúil ag an Aire Oideachais Norma Foley TD, ar áireamh sa mhéid sin, lenar cumasaíodh do mhúinteoirí a cháiligh thar lear ionduchtú a chur i gcrích in Éirinn. Lean sé sin de thionscnamh dá shamhail a glacadh in 2020 faoi cheangal ama.

I measc bearta breise bhí cumarsáid dhíreach le clár iomlán na múinteoirí, obair leis na hinstitiúidí ardoideachais chun dlús a chur le hinfhaighteacht agus clárú faoi Bhealach 3 den bhreisoideachas do mhúinteoirí incháilithe faoi oiliúint a chríochnaigh an clár Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas, agus múinteoirí a bhí ag teacht gar do dhul in éag cláraithe a spreagadh chun fanacht cláraithe agus iad féin a chur ar fáil chun maoirseacht agus ionadaíocht a dhéanamh nó chun folúntais a líonadh. Leanamar den mhear-phróiseas cláraithe chun a chinntiú go ndéanfaí Múinteoirí Nuacháilithe a chlárú i bhfad roimh na scoilbhliana nua.

Shínigh an tAire Oideachais leasú eile ar Rialacháin Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta freisin chun dlí a dheanamh de. Leis sin, ceadaítear do mhúinteoirí faoi oiliúint (bunscoil agus iar-bhunscoil), a bhfuil an chéad dhá bhiain de chlár creidiúnaithe tosaigh oideachais do mhúinteoirí críochnaithe go rathúil acu, clárú leis na gComhairle, á chumasú dóibh dá bhrí sin cumhdach maoirseachta agus ionadaíochta a sholáthar do scoileanna. Lean an méid sin comhoibríocht fhairsing idir an Chomhairle agus an Roinn Oideachais le geallsealbhóirí san oideachas agus na hInstitiúidí Ardoideachais go háirithe a sholáthraíonn an tOideachas Tosaigh do Mhúinteoirí. Bhí na bearta sin faoi réir gach ceanglas reachtúil eile maidir le clárú a chomhlíonadh freisin.

Ba é 2021 an cúigiú bliain agus an bhliain dheiridh de chéimeanna fáis agus forfheidhmithe Droichead – an Creat Ionduchtúcháin Ghairmiúil do gach Múinteoir Nuacháilithe, ar athrú suntasach córais é in oideachas na hÉireann. Is mian leis an gComhairle Mhúinteoireachta aitheantas a thabhairt don ról a bhí ag na geallsealbhóirí go léir maidir leis an rath a bhí ar Droichead – lena n-áirítear an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí agus na Foirne Tacaíochta Gairmiúla a thacaigh le Múinteoirí Nuacháilithe i scoileanna.

Le linn na bliana tuairiscithe, sheolamar an tairseach nua Mo Chlárú lena soláthraítear rochtain do mhúinteoirí ar thairseach ilseirbhíse clárúcháin atá ar líne go hiomlán. Thacaigh sé sin tuilleadh le héifeachtacht agus luas ár bpróiseas clárúcháin, lena n-áirítear an próiseas do Mhúinteoirí Nuacháilithe. Leanfaidh an córas nua d'fhorbairt tuilleadh de réir mar a oibrímid i gcónaí chun seachadadh seirbhíse dár gcláraithe a fheabhsú.

Mar atá luaite ag an gCathaoirleach, d'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta, i mí na Nollag 2021, a plean straitéiseach don tréimhse cúig bliana, 2022 - 2027. Leagtar amach sa phlean spriocanna straitéiseacha na Comhairle i ndáil lena ról reachtúil chun caighdeáin a chothabháil agus sármhaitheas leanúnach ghairm na múinteoireachta in Éirinn a chur chun cinn. Tá sé ar fáil ar líne ar ár suíomh gréasáin.

Leis an bplean sin, tugtar chun críche céim fáis Droichead, an creat Ionduchtúcháin Ghairmiúil chomhtháite do Mhúinteoirí Nuacháilithe. Bhí athleasú i gceist leis sin freisin ar na caighdeáin maidir le hOideachas Tosaigh do Mhúinteoirí in Céim agus leagtar amach an uaillmhian chun Cosán, an creat náisiúnta foghlama do mhúinteoirí, a chur i ngníomh go córasach.

Leanfaidh taighde de bheith ina ghné ríthábhachtach dár ngníomhaíochtaí lena n-áirítear Sraith Taighde CROÍ, Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan (lena dtacaítear le taighde nuálaíoch agus chomhoibríoch i measc múinteoirí), agus tionscnaimh eile. Áireofar leis an mbéim sin taighde fadaimseartha a choimisiúnú trína scrúdófar aistear gairmiúil múinteoirí in Éirinn.

Leanann sé sin ón dtionscadal taighde DEEPEN lenar scrúdaíodh taithí múinteoirí ar chreat insealbhaithe gairmiúil Droichead, agus tá na sonraí ina leith sin ar fáil ar líne freisin.

Tá an plean curtha i gclár ama cúig bliana ag an gComhairle chun níos mó forbartha a chinntiú go leanúnach sa réimse sin agus i réimsí eile. Cuirtear i gcuntas na hathruithe iliomad atá tarlaithe i ngairm na múinteoireachta le linn na paindéime sa phlean straitéiseach ina mbaintear amach cothromas idir an timpeallacht athraithe agus a chinntiú go leanfaidh na cáilíochtaí múinteoireachta is fearr – a sheas linn i gcónaí – de dhéanamh amhlaidh.

Is tosaíocht sa phlean é sprioc leanúnach na Comhairle soláthar leordhóthanach múinteoirí cláraithe a bhfuil grinnfhiosrúchán déanta ina leith a chinntiú chun riachtanais aitheanta an chórais scoile a chomhlíonadh. Tá clár ar a bhfuil os cionn 113,800 múinteoir á chothabháil ag an gComhairle anois do chóras scoile ina bhfuil beagnach 4,000 scoil agus aon mhilliún foghlaimeoir. Tá méadú tagtha ar an gclár gach bliain ó 2006. Faoi láthair, déanann 5,500 múinteoir, ar an meán, iarratas ar chlárú gach bliain, a fhágann glanfhás 3,000 cláraí in aghaidh na bliana.

Leanfaimid den bhéim a chur ar an tábhacht atá le cleachtadh comhoibríoch ina mbeidh ról ríthábhachtach ag gach geallsealbhóir oideachais chun freagairtí nuálacha beartais a fhorbairt agus a chur i ngníomh do na riachtanais chórasacha atá againn go léir. Cuirfidh muid chun cinn go leanúnach na hoibiachtaí imharthanachta foriomlána, an éagsúlacht agus an uilechuimsitheacht laistigh den mhúinteoireacht, i scoileanna agus sa tsochaí i gcoitinne.

Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach, leis an Leaschathaoirleach, le Comhaltaí na Comhairle, agus le mo chomhghleacaithe go léir as an díograis agus an tiomantas maidir lena ról ar an gComhairle Mhúinteoireachta. Gabhaim buíochas freisin leis an Iar-Stiúrthóir, Tomás Ó Ruairc as a cheannasacht ar ár n-eagraíocht thar na mblianta agus i gcomhpháirt le mo chomhghleacaithe go léir, guím gach rath air sa todhchaí.

Tá ardleibhéal iontaoibhe agus muiníne ag an bpobal sa mhúinteoireacht in Éirinn. Leanfaidh an Chomhairle de ról fíorthábhachtach a imirt chun na caighdeáin is airde san oideachas agus sa ghairmiúlacht do mhúinteoirí trí bheartais éifeachtúla agus rialáil éifeachtúil a chur i ngníomh.

Beidh comhoibriú, comhchomhairle, cumarsáid agus rannpháirtíocht leanúnach le geallsealbhóirí ríthábhachtacha i gcroílár gach tionscnamh dár gcuid mar, i gcomhar laistigh den ghairm agus ar fud na gairme, oibrímid chun cáilíocht na múinteoireachta do chách a fheabhsú agus a chinntiú.

Phil Fox

**Phil Fox**
**Stiúrthóir Gníomhach**

# 1 Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta



**Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta, ar bhonn reachtúil, i mí an Mhárta 2006.**



Is í an Chomhairle an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla maidir le gairm na múinteoireachta, agus déanann sí caighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialáil.

Gníomhaíonn sí ar mhaithe le leas an phobail fad a chaomhnaíonn agus a fheabhsaíonn sí caighdeáin i ngairm na múinteoireachta.



Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla na Comhairle:

- gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil
- caighdeáin mhúinteoireachta, eolais, oilteachta agus inniúlachta a chothabháil agus a fheabhsú
- clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- an t-oideachas agus an oiliúint agus na cáilíochtaí is gá chun clárú a chinneadh
- cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú chun críche clárúcháin
- iarratais ar chlárú, agus iarrataí ar shíneadh ar chlárúcháin faoi réir coinníollacha agus athnuachan clárúcháin de réir na Rialachán Clárúcháin agus nósanna imeachta gaolmhara, a phróiseáil
- nochtuithe grinnfhiosrúcháin a fháil chun críocha clárúcháin agus fostaíochta
- gníomhú mar an t-údarás inniúil chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí i gcás múinteoirí a cháiligh lasmuigh d'Éirinn
- nósanna imeachta agus critéir a bhunú maidir le Múinteoirí Nuacháilithe a ionduchtú
- fiosrúcháin a sheoladh faoi fheidhmiúlacht aon mhúinteora chláraithe chun múineadh, agus más cuí, smachtbhannaí a fhorchur
- cód iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil, lena n-áireofar caighdeáin mhúinteoireachta, eolais, oilteachta agus inniúlachta, agus foghlaim leanúnach múinteoirí a chur chun cinn
- comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas: caighdeáin íosta na gcáilíochtaí oideachais is gá chun dul isteach i gcláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí, soláthar múinteoirí, forbairt ghairmiúil múinteoirí agus aon ní a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle de réir mar a iarrfaidh an tAire.

## Plean Straitéiseach 2022 - 2027

D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta, an 15 Nollaig 2021, a plean straitéiseach don tréimhse cúig bliana, 2022 – 2027, tar éis comhchomhairliúchán fairsing le pobal leathan geallsealbhóirí san oideachas. Is plean é lena gcuirtear tuilleadh le pleananna ilbhliantúla eile roimhe seo.

Tugtar tuairisc ar ghníomhaíochtaí sa tuarascáil bhliantúil seo, a chumhdaíonn an tréimhse ó 27 Márta 2021 go 28 Márta 2022, agus leanann sí an ráiteas cuspóra a leagtar amach i bPlean Straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta, 2018 go 2020.

> Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta na hardchaighdeáin in oideachas múinteoirí agus i ngairmiúlacht múinteoirí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a dheimhniú trí pholasaithe, rialúchán agus taighde atá éifeachtach. Táimid ag iarraidh tacú leis an bhfoghlaim chomhroinnte, an fholláine, an fás agus an nuálaíocht do gach múinteoir agus foghlaimeoir. Ar an mbealach seo, is mian linn timpeallacht a chothú ina mbíonn an teagaisc agus foghlaim ardchaighdeáin faoi bhláth.

## Comhaltas na Comhairle Múinteoireachta


**Tá 37 gcomhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta ar múinteoirí móramh díobh.**

Leagtar amach comhdhéanamh na Comhairle sna hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2000 go 2015 de réir mar a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile, a mbeidh naonúr acu tofa ag múinteoirí cláraithe agus a mbeidh beirt acu ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- Aon mhúinteoir déag iar-bhunscoile, a mbeidh seachtar acu tofa ag múinteoirí cláraithe agus a mbeidh ceathrar acu ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- Beirt a bheidh ainmnithe ag coláistí oideachais
- Beirt a bheidh ainmnithe ag institiúidí ardoideachais sonraithe
- Ceathrar a bheidh ainmnithe ag eagraíochtaí bainistíochta scoile (beirt ag bunscoileanna agus beirt ag iar-bhunscoileanna)
- Beirt a bheidh ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine ag bunscoileanna agus duine ag iar-bhunscoileanna) agus
- Cúigear a bheidh ainmnithe ag an Aire Oideachais, lena n-áirítear duine amháin a bheidh ionadaitheach do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus do Chomhar Ceardchumann na hÉireann.

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

**I rith na bliana tuairiscithe fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta tacaíocht ina cuid oibre ó fhoireann feidhmiúcháin ar a raibh 54 chomhalta.**




1. D'éirigh Tomás Ó Ruairc as mar Stiúrthóir le héifeacht ón 16 Eanáir 2022
2. Ceapadh Phil Fox mar Stiúrthóir Gníomhach le héifeacht ón 17 Eanáir 2022
3. Ceapadh Maria Fitzgerald mar Leas-Stiúrthóir Gníomhach le héifeacht ón 18 Eanáir 2022
4. Ceapadh Siobhan Healy mar Cheannasaí Clárúcháin don Idirthréimhse le héifeacht ón 14 Feabhra 2022
5. Ceapadh Brid Murphy mar Cheannasaí Gníomhach um Oiliúint & Iondochtúchán Tosaigh Múinteoirí le héifeacht ón 1 Dheireadh Fómhair 2021
6. Ceapadh Ruth Flynn i Meán Fomháir 2021

# 2 | Cuspóirí Straitéiseacha a Bhaint Amach



## An Plean Straitéiseach, 2018-2020

**D'éirigh leis an gComhairle Mhúinteoireachta dul chun cinn nach beag a bhaint amach le linn na bliana tuairiscithe chun an seacht sprioc straitéiseach faoin bPlean Straitéiseach, 2018-2020 a bhaint amach.**

**Is é Droichead an t-aon bhealach ionduchtúcháin anois do gach múinteoir nuacháilithe**



Tá an Chomhairle ag leanúint go gníomhach leis an idirghabháil leis an gClár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT)

### 1. An dul chun cinn atá déanta i dtreo leanúntas gan uaim san Oideachas do Mhúinteoirí a dhaingniú agus a chur in iúl

- An cúigiú bliain agus an bhliain dheiridh de chéim fáis Droichead, creat Ionduchtúcháin ghairmiúil chomhtháite do múinteoirí nuacháilithe de chuid na Comhairle, a bhí i gceist i rith scoilbhliain 2020/2021. Is é Droichead an t-aon bhealach ionduchtúcháin anois do gach múinteoir nuacháilithe. Tá an Chomhairle ag leanúint go gníomhach leis an idirghabháil leis an gClár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT) lena dtugtar tacaíocht maidir le foghlaim ghairmiúil múinteoirí nuacháilithe a bhíonn ag gabháil do phróiseas Droichead, chomh maith le forbairt ghairmiúil na bhFoirne Tacaíochta Gairmiúla a thugann tacaíocht do mhúinteoirí nuacháilithe i scoileanna. Tugadh socruithe breise isteach mar gheall ar Covid-19 chun fás leanúnach an phróisis a chinntiú trí sholúbthacht mhéadaithe a sholáthar do mhúinteoirí nuacháilithe agus do scoileanna a bhí rannpháirteach i bpróiseas Droichead le linn na paindéime.

- DEEPEN (Droichead: Exploring and Eliciting Perspectives, Experiences and Narratives Dearcaí, Taithí agus Insintí a Scrúdú agus a Spreagadh): Thíolaic foireann taighde DEEPEN a céad tuarascáil don Chomhairle i mí Dheireadh Fómhair 2021. Foilsíodh an tuarascáil chríochnaitheach ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus beidh an taighde mar fhoinse d'athbhreithniú na Comhairle ar Droichead.
- Taighde fadama: Leanadh den phleanáil don tionscadal taighde fadama chun scrúdú a dhéanamh ar aistear gairmiúil múinteoirí in Éirinn. Mar chuid den phróiseas sin, bhí idirghabháil forleathan ann leis an Roinn Oideachais, agus seoladh cleachtadh sondála margaidh réamh-shainfhála. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí doiciméadacht an tionscadail á nuashonrú chun an t-aiseolas a fuarthas ón bpróiseas sin a chur i gcuntas.
- Leanadh den Chlár Ceardlainne, Cosán, agus tá sonraí le fáil faoi sprioc straitéiseach a trí thíos.



## 2. Obair a dhéanamh i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus geallsealbhóirí chun múnla agus próiseas a chomhaontú d'fhonn comhoiriúint níos fearr idir soláthar agus éileamh múinteoirí a chinntiú

- Déantar ionadaíocht don Chomhairle ar an nGrúpa Stiúrtha um Sholáthar Múinteoirí, ar an nGrúpa Forfheidhmiúcháin agus ar trí cinn de na ceithre ghrúpa oibre atá bunaithe, eadhon na Grúpaí Oibre Sonraí, Ardoideachais agus Cumarsáide.
- Lean an Grúpa Oibre Cumarsáide, faoi chathaoirleacht Stiúrthóir na Comhairle, dá chuid oibre chun an ghairm a chur chun cinn de réir an *Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí* lena n-áirítear freastal ar 26 ócáid ar fud Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon. San áireamh sna hócáidí sin bhí aonaigh ghairme, aonaigh do chéimithe, laethanta oscailte i gcoláistí agus in ollscoileanna, móraonach post agus cur i láthair.
- Faoin nGrúpa Oibre Cumarsáide, d'oibrigh an Chomhairle leis an Roinn Oideachais chun an cúigiú Fóram Comhairleach Náisiúnta um Sholáthar Múinteoirí a óstú. I mí Bealtaine 2021, tionóladh an fóram ar líne den chéad uair.
- Lean an Chomhairle de chomhoibriú le heagraíochtaí treoraíochta chun tacú lena n-obair chun conair chun na múinteoireachta a aithint agus a chur chun cinn.
- Rinne an Chomhairle idirghabháil fhorleathan leis an Roinn Oideachais mar chuid den Ghrúpa Oibre Sonraí um Sholáthar Múinteoirí. Aithníodh go raibh na sonraí a shealbhaíonn an Chomhairle ar cheann de na foinsí is fairsinge de shonraí maidir le soláthar múinteoirí atá ar fáil sa Stát. Tar éis comhoibriú forleathan, foilsíodh tuarascáil nuashonraithe an Ghrúpa Oibre Sonraí, *Developing a Teacher Demand and Supply Model for Ireland 2021-2038: A Technical Report* i mí Bealtaine 2021.



- De réir Ghníomh 12 den phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí (2018), rinne an tÚdarás um Ardoideachas idirghabháil le soláthraithe an chláir Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí maidir le cláir chomhthráthacha bhreise ceithre bliana iar-bhunscoile san Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí a sholáthar, lena gcáilítear múinteoirí i dhá réimse ábhair, lena n-áirítear ábhair spriocdhírithe (Mata, Fisic, Ceimic, Ríomheolaíocht, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Gaeilge, Eacnamaíocht Bhaile). Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar chlár iar-bhunscoile comhthráthach ceithre bliana amháin agus chreidiúnaigh sí é. Cheadaigh an Chomhairle freisin go gcuirfí Ríomheolaíocht le ceithre chlár creidiúnaithe iar-bhunscoile.
- Foilsíodh *Tuarascáil agus Plean Gníomhaíochta an Ghrúpa Oibre um Shocrúcháin Scoile* Report and Action Plan of the School Placement Working Group i mí an Mhárta 2021. Ar fhoilsiú na tuarascála, dhaingnigh an Chomhairle na hamlínte athleasaithe chun na grúpaí oibre a bhunú de réir mar a moladh agus iad dírithe ar ghníomh tosaíochta 1 agus 2 sa tuarascáil. Bunaíodh an Grúpa Oibre um Chóras Socrúcháin i R2 2021 agus tháinig sé le chéile cúig uaire sa bhliain tuairiscithe. Bunaíodh an Grúpa um Fhoghlaim Ghairmiúil, Treoraithe i R4 2021 agus tháinig sé le chéile uair amháin sa bhliain tuairiscithe.
- I gcomhthéacs Covid-19, thug an Chomhairle raon bearta isteach chun tacú le pobail mhúinteoireachta agus scoile maidir le hathoscailt scoileanna agus iad a choimeád ar oscailt le linn scoilbhliain 2020/2021. Ar cheann de na bearta sin bhí rialachán lenar cumasaíodh do mhúinteoirí cuícháilithe a cháiligh i dtíortha eile ionduchtú a chur i gcrích in Éirinn. Ghlac an Chomhairle Mhúinteoireachta le hiarratais ar chlárú faoin rialachán leasaitheach sin ar bhonn eisceachtúil agus am-dhaingnithe ón 10 Lúnasa go 30 Deireadh Fómhair 2020. Ghlac an Chomhairle le hiarratais an dara huair idir 14 Meitheamh agus 29 Deireadh Fómhair 2021.
- D'fhonn an soláthar múinteoirí atá ar fáil le haghaidh maoirseachta agus ionadaíochta a fheabhsú, lean an Chomhairle de mhúinteoirí a spreagadh chun clárú go bhfuil siad ar fáil ar *Sub Seeker* trí www.educationposts.ie.
- Tharla comhchomhairliúcháin leis na hInstitiúidí Ardoideachais d'fhonn sásraí a aithint chun infhaighteacht múinteoirí cláraithe le haghaidh socrúcháin scoile a chur ar fáil do scoileanna freisin, mar acmhainn bhreise chun críocha maoirseachta agus ionadaíochta.
- Ceadaíodh leasú ar Rialacháin Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta agus shínigh an tAire Oideachais ina dhlí é, chomh maith le Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, i mí na Nollag 2021. Cumasaítear leis an leasú sin do mhúinteoirí faoi oiliúint a bhfuil an chéad dhá bhliain de chlár céime creidiúnaithe san Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (bunscoil agus iar-bhunscoil) críochnaithe go rathúil acu iarratas a dhéanamh ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Feabhsóidh an bealach nua cláraithe sin an soláthar múinteoirí le haghaidh maoirseachta agus ionadaíochta.

## 3. Tacú le múinteoirí a gcleachtadh gairmiúil a fheabhsú trí chreata foghlama gairmiúla lena n-éascaítear cultúr na foghlama comhroinnte

- Athdhearadh an dara sraith de cheardlanna Cosán i bhformáid ar líne agus d'óstaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta iad i gcomhar le 12 Ionad Tacaíochta Oideachais. Earcaíodh éascaitheoirí breise roimh an tríú sraith de cheardlanna a bhí ag an gcéim phleanála ag deireadh na bliana tuairiscithe, i gcomhar le 18 nIonad Tacaíochta Oideachais. Bhí físeán agus físghrafaic faisnéise maidir le Cosán á bhforbairt ag deireadh na bliana tuairiscithe, agus bhí sraith de sheimineáir thionscnaimh ghréasáin ag an gcéim phleanála.
- D'oibrigh an Chomhairle le roinnt geallsealbhóirí oideachais chun tacú leo deiseanna foghlama reatha a chomhfhogasú le Cosán.
- Dámhadh maoiniú do 25 thionscadal faoin gceathrú babhta de Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan, ar tionscadail de chuid dhuine aonair 12, agus ar thionscadail chomhoibríocha 13.
- Tar éis athbhreithniú ag an gComhairle, iarradh iarratais don chúigiú babhta de Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan. Tá an creat athdheartha comhdhéanta anois de dhá scéim ar leithligh ach atá comhlántach dá chéile:
  - an Scéim Sparánachta Taighde do dhaoine aonair agus grúpaí ar mian leo taighde nua a sheoladh, agus
  - an Scéim do Thaighdeoirí Cónaithe do scoileanna ar mian leo taighde reatha a scrúdú.

Fuarthas 41 iarratas faoin Scéim Sparánachta Taighde agus bhí siad á mbreithniú ag painéal athbhreithnithe an Chreata Tacaíochta Taighde ag deireadh na bliana tuairiscithe.

- Seoladh an Scéim do Thaighdeoirí Cónaithe luath sa bhliain 2022. Tá sé d'aidhm ag an Scéim do Thaighdeoirí Cónaithe feidhmiú taighde reatha a fheabhsú agus a thacú i scoileanna. Bunaíodh sé phainéal de thaighdeoirí atá bunaithe sna hInstitiúidí Ardoideachais i rith na bliana chun tacú leis an scéim.

## 4. Leanúint d'iontráil chuig an ngairm a chosaint trí ardchaighdeáin san oideachas tosaigh do mhúinteoirí, chomh maith le hathbhreithniú éifeachtúil éifeachtach ar phróisis chlárúcháin

- Ní foláir do gach clár nua Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí, bunscoil nó iar-bhunscoil, a bheidh ag lorg creidiúnú, a bheith ag teacht le *Céim: Caighdeáin don Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí*. Ní foláir do gach clár reatha Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí, bunscoil nó iar-bhunscoil, a bheith ag teacht le Céim le tosú i mí Méan Fhómhair 2022 le haghaidh iontógáil múinteoirí faoi oiliúint don chéad bhliain.
- I mí na Samhna 2021, thosaigh an Chomhairle Timthriall 2 de chreidiúnú na gclár reatha san Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí, bunscoil agus iar-bhunscoil. Is éard atá i gceist leis sin ná athbhreithniú sceidealta ar 68 gclár de chuid 14 sholáthraí idir 2021 agus 2023.
- Tar éis comhchomhairliúchán fairsing a seoladh idir Meitheamh 2018 agus Aibreán 2019, foilsíodh athbhreithniú na Comhairle ar *Riachtanais d'Ábhar Curaclaim* ag an leibhéal iar-bhunscoile i mí na Samhna 2020. Tá na riachtanais athleasaithe i bhfeidhm de thuras na huaire chun críocha creidiúnaithe clár agus tiocfaidh siad i bhfeidhm i mí Eanáir 2023 d'iarratasóirí a dhéanfaidh iarratas ar chlárú leis an gComhairle ó mhí Eanáir 2023 ar aghaidh. I rith na bliana tuairiscithe, cheadaigh an Chomhairle go gcuirfí an Pholainnis, An Phortaingéilis, an Liotuáinis agus an Mhandaraínis leis na riachtanais athleasaithe ábhar.
- I bhfianaise thionchar leanúnach na paindéime, lean roinnt solúbthachtaí a tugadh isteach chun tionchar Covid-19 ar na próisis chlárúcháin a mhaolú i bhfeidhm. I measc na mbeart sin bhí forbairt córas TF chun tacú le clárúcháin shamhraidh Múinteoirí Nuacháilithe, riachtanais mhodhnaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe ag clárú le teangacha, úsáid mhéadaithe cumarsáide leictreonaí agus iarratais/doiciméadacht le haghaidh grinnfhiosrúcháin, clárú agus coinníollacha a athnuachan a chur isteach ar líne.
- Sheol an Chomhairle Mhúinteoireachta a tairseach nua *Mo Chlárú* i mí Dheireadh Fómhair 2021, lena gcuirtear feidhmiúlachtaí féinfhreastail feabhsaithe ar líne ar fáil do mhúinteoirí cláraithe agus d'iarratasóirí nua. Tá an tairseach nua agus feabhsaithe *Mo Chlárú* tar éis an cumas próiseála a mhéadú thar go leor de na feidhmiúlachtaí clárúcháin. Soláthraítear, leis an tairseach nua féinfhreastail, rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí clárúcháin do mhúinteoirí agus d'iarratasóirí.

## 5. A chinntiú go bhfuil cur i ngníomh an phróisis maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh láidir, cothrom, agus trédhearcach do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne

- Próiseáladh gearáin a fuarthas i ndáil le múinteoirí cláraithe de réir Nósanna Imeachta Choiste Imscrúdúcháin na Comhairle agus, i gcás gur cuí sin, Rialacha Nós Imeachta an Choiste Araíonachta atá leagtha síos sa reachtaíocht. Cuireadh gearáin agus fiosrúcháin ar aghaidh i bhformáid ar líne agus chroschineálach mar gheall ar shrianta de bharr na paindéime domhanda. Ina leith sin, lean rannóg Caighdeán Ghairmiúil na Comhairle de phróisis an Choiste Imscrúdúcháin agus an Choiste Araíonachta a athbhreithniú agus a bheachtú le linn na bliana tuairiscithe.
- Lean an Chomhairle den rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais chun go gcuirfí i ngníomh go luath na nósanna imeachta faoi alt 28 den Acht Oideachais, 1998 chun socrú a dhéanamh maidir le nós imeachta reachtúil um ghearán do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí ag leibhéal na scoile.
- Lean an rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais ar aghaidh chun rialacháin a chur i gcrích a mbeidh ar an Aire toiliú leo agus a shíniú faoi alt 37 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001- 2015 agus beidh siad le foilsiú mar Ionstraim Reachtúil. Nuair a thiocfaidh Rialacháin faoi alt 37 den Acht i bhfeidhm, beidh oibleagáid ar fhostóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta i gcás go ndífhostófar múinteoir nó go n-éireoidh sé nó sí as tar éis gearán nó próiseas araíonachta ag leibhéal na scoile.





### 6. Gairm na múinteoireachta, lena n-áirítear folláine, a chur chun cinn agus feasacht ar obair na Comhairle a fheabhsú trí chumarsáid nuálach agus inrochtana.

- Tionóladh FÉILTE, Féile Oideachais na Comhairle san Fhoghlaim agus i Sármhaitheas sa Mhúinteoireacht, ar líne an 2 Deireadh Fómhair 2021, agus d'fhreastail os cionn 800 ar an lá.

- Eisíodh 19 ríomhiris le linn na bliana faoi athbhreithniú.

- Bhí trí sheimineár gréasáin beo ann mar chuid de *Sraith Seimineár Gréasán um Fhoghlaim don Uile Dhuine* a óstáitear i gcomhpháirt leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST).

- Mhéadaigh an Chomhairle a lucht leanúna thar gach ceann dá chainéil shóisialta lena n-áirítear Twitter, Facebook, LinkedIn agus Instagram.

- Foilsíodh ocht n-eagrán den tsraith podchraoltaí *Tine a Lasadh! An Chomhairle Mhúinteoireachta agus gach gné den Mhúinteoireacht agus den Fhoghlaim*. Tá an tsraith deartha chun comhrá agus comhroinnt faisnéise a spreagadh san oideachas.

- Mar chuid de shraith CROÍ (Comhoibriú agus Taighde don Nuálaíocht Leanúnach) na Comhairle, leathnaíodh tuilleadh an acmhainn Taighde a Úsáid inár Scoil . Eisíodh trí ríomhChárta poist chun na hacmhainní coimeádta atá ar fáil ar théamaí na hUilechuimsitheachta, na Ceannaireachta agus TFC, faoi seach, a léiriú.


- Tháirg an Chomhairle eagrán speisialta de ríomhiris chun Lá Domhanda na Leabhar a chomóradh i mí an Mhárta 2022.

- Lean fás BEACONS (Oideachas a Bheochan dár bPobal ar Scála Náisiúnta), próiseas nuálach na Comhairle maidir le comhrá éascaithe, ceannasaithe ag leibhéal an phobail agus lena dtugtar gach guth le chéile chun tacú le líon níos mó comhrá agus comhrá níos fearr idir geallsealbhóirí san oideachas. Tionóladh ócáid ar líne i mí Aibreáin 2021 i gcomhar le hIonad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar chun tacú le pobal Bhaile Átha Cliath 10 agus pléadh ábhar na scoileanna DEIS.

- Tar éis iarratas rathúil a dhéanamh chuig an gClár Tacaíochta AE um Athchóiriú Struchtúrach i mí na Nollag 2020 agus ag tógáil ar BEACONS, bhí caidreamh forleathan ann idir an Chomhairle, an tArd-Stiúrthóireacht um Athchóiriú Struchtúrach, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus geallsealbhóirí náisiúnta chun múnla rannpháirtíochta do phobail áitiúla a fhorbairt d'fhonn ceapadh beartais oideachais agus cur i ngníomh an bheartais a neartú in Éirinn. Tá an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta coimisiúnaithe ag an AE chun múnlaí éagsúla de rannpháirtíocht scoileanna áitiúla a scrúdú, a dhearadh, a phíolótú agus a mheasúnú, dírithe go háirithe ar athchóiriú curaclaim agus oideachas uilechuimsitheach sa phróiseas píolótach.

- Is comhalta í an Chomhairle den ghrúpa Folláine do Chách (WFA). Tá an grúpa comhdhéanta d'ionadaithe ar fud an phobail scoile lena n-áirítear Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunscoile, Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann, Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí agus Oifig an Ombudsman do Leanaí. I mí na Samhna 2021 thionól an grúpa Folláine don Uile Dhuine plé comhchéime ar líne. Rinne an lucht freastail scrúdú ar ábhar na folláine i gcomhthéacs an phobail scoile go hiomlán. Bhí cur i láthair ann ar an lá ó gach guth thar réimse an oideachais; múinteoir, tuismitheoir, duine óg agus ionadaí pobail.

- D'fhreastail an Chomhairle ar chruinnithe Ghrúpa Folláine Idirghníomhaireachta de chuid na Roinne Oideachais a ndéanann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) cathaoirleacht orthu.




**Sheol an Chomhairle Mhúinteoireachta a Bunachar Sonraí Clárúcháin lena n-áirítear a tairseach *Mo Chlárú* i mí Dheireadh Fómhair 2021. Soláthraítear leis an tairseach feidhmiúlachtaí féinfhreastail feabhsaithe ar líne do mhúinteoirí cláraithe agus d'iarratasóirí nua thar raon próiseas clárúcháin. Leanadh den obair chun an córas a bheachtú d'fhonn tacú le clárú éifeachtach éifeachtúil múinteoirí fad a chomhlíontar an reachtaíocht iomchuí.**

### 7. A chinntiú go mbeidh ag an gComhairle Mhúinteoireachta dóthain acmhainní, lena n-áirítear ó fhoinsí eile, chun tacú le bealaí éifeachtacha oibre, rialachas corparáideach a chomhlíonadh agus beartais éifeachtúla a fhorbairt

- Sheol an Chomhairle Mhúinteoireachta a Bunachar Sonraí Clárúcháin lena n-áirítear a tairseach *Mo Chlárú* i mí Dheireadh Fómhair 2021. Soláthraítear leis an tairseach feidhmiúlachtaí féinfhreastail feabhsaithe ar líne do mhúinteoirí cláraithe agus d'iarratasóirí nua thar raon próiseas clárúcháin. Leanadh den obair chun an córas a bheachtú d'fhonn tacú le clárú éifeachtach éifeachtúil múinteoirí fad a chomhlíontar an reachtaíocht iomchuí. Is féidir le múinteoirí iarratais ar chlárú, doiciméadacht maidir le measúnachtaí cáilíochta agus iarrataí ar shíneadh a chur isteach ar líne anois i dteannta athnuachan ar chlárú, iarratais Droichead agus grinnfhiosrúcháin. Ligtear do mhúinteoirí leis an tairseach rochtain éasca agus slán a bheith acu ar a gcuid taifead clárúcháin lena n-áirítear deimhnithe clárúcháin.

- Lean an Chomhairle de shlándáil a bonneagar TF a neartú agus de thacú le leanúnachas gnó le linn na paindéime. Tá an eagraíocht i riocht mhaith chun tacú le socruithe oibre cumaiscthe.

- Ar feadh na bliana, lean an Chomhairle de bheartais láidre bainistithe airgeadais agus nósanna imeachta maidir le rialú ioncaim agus caiteachais a oibriú.

- Tá Plean Iniúchta Inmheánaigh ar bun chun comhlíonadh a chinntiú in obair na Comhairle.

- D'éirigh go maith arís le punann infheistíochta íseal-riosca na Comhairle in 2021. Táthar ag súil leis go mbeidh an timpeallacht infheistíochta níos dúshlánaí in 2022.

- Tugadh faoi athbhreithniú ar riachtanais láithreacha foirne i R2 2021 agus cuireadh iarraidh ar thuilleadh foirne chuig an Roinn Oideachais i mí Iúil 2021 tar éis ceadú a fháil ón gComhairle. Ina dhiaidh sin, rinneadh iarraidh fhorlíontach ar fhoireann i mí Eanáir 2022 chun Bealach 5 den phróiseas clárúcháin do Mhúinteoirí faoi Oiliúint a chumasú.

# 3 An Clár Múinteoirí



**Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as comhaltaí de ghairm na múinteoireachta a chlárú**



Is é atá i gceist leis sin an Clár Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil; na caighdeáin iontrála chun clárú ar an gClár a shocrú; agus iarratais ar iontráil ar an gClár a mheasúnú.

| An bealach chun clárú | An Líon |
|---|---|
| Bealach 1 Bunscoileanna | 52,351 |
| Bealach 2 Iar-bhunscoileanna | 47,570 |
| Bealach 3 Breisoideachas | 16,648 |
| Bealach 4 Eile | 1,374 |

**Tabhair do d'aire:** Féadfaidh múinteoirí a bheith cláraithe faoi níos mó ná bealach amháin

## Clárú

Bhí 112,878 múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta an 27 Márta 2022. Go foriomlán, cuireadh 6,436 cláraí nua leis an gClár, lena n-áirítear 3,579 gcéimí nua a chomhlánaigh nó a nuashonraigh a gcuid clárúchán le linn thréimhse chlárúcháin an tsamhraidh.

Oibríonn an Chomhairle próiseas clárúcháin ar chonair mhear do Mhúinteoirí Nuacháilithe. Cuireadh líon iomlán 3,579 clárú céimí i gcrích faoin bpróiseas sin ar mhodh pras agus in am trátha le linn shamhradh na bliana 2021.



Le linn na tréimhse 12 mhí sin, thit 2,780 múinteoir den Chlár. Astu sin, thit 293 múinteoir den Chlár de bharr gan dul i ngleic lena gcoinníollacha, ar athchláraigh cúigear díobh dá éis sin. Thit 1,952 múinteoir de bharr nár íoc siad an táille athnuachana, ar athchláraigh 34 díobh dá éis sin. De na múinteoirí ar iarradh orthu grinnfhiosrúchán a chríochnú, baineadh 276 acu den chlár mar gheall ar neamhchomhlíonadh. Ar leith ón méid sin, bhain 259 múinteoir iad féin den Chlár go deonach le linn na tréimhse ama sin. Tá sé sin i gcomhréir leis na gnáththreochtaí bliantúla.

Is mná iad tuairim is 77% de mhúinteoirí cláraithe agus is fir iad 23%. Tá sé sin i gcomhréir le gairm na múinteoireachta i dtíortha eile.

Tháinig an Coiste Clárúcháin agus an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin le chéile sé huaire le linn na bliana tuairiscithe. Bhreithnigh an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin 16 chás.

## Rochtain a fháil ar fhaisnéis sa Chlár

Ligtear do dhaoine den phobal cuardach a dhéanamh ar mhúinteoir cláraithe tríd an áis chuardaigh ar shuíomh gréasáin na Comhairle trí chritéir éagsúla chuardaigh a úsáid.

Soláthraíonn an Chomhairle faisnéis chlárúcháin do phámháistrí chun múinteoirí a íoc faoi Alt 30 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta agus faoi Alt 24(7) den Acht Oideachais, 1998, arna leasú.



## Clárú a Athnuachan

Ó mhí Eanáir 2014 i leith, is riachtanach do mhúinteoir a bheith cláraithe leis an gComhairle chun tuarastal Stát-mhaoinithe a fháil. Maireann clárú ar feadh tréimhse bliana agus ní foláir do mhúinteoirí a gclárú a athnuachan gach bliain chun fanacht ar an gClár Múinteoirí. Is €65 an táille athnuachana clárúcháin go fóill agus is féidir faoiseamh cánach a éileamh. Le linn na bliana tuairiscithe, rinne 107,947 múinteoir a gclárú a athnuachan, agus lorg tuairim is 95% an rogha íocaíochta ar líne a roghnú.

## Clárú faoi réir Coinníollacha

Ó am go ham, de réir na gcoinníollacha gairmiúla is gá, cuirtear coinníollacha i bhfeidhm laistigh den phróiseas clárúcháin agus athnuachana do mhúinteoirí. Laistigh den tréimhse ama, comhlíonadh 4,982 coinníoll agus rinneadh clárú na múinteoirí a nuashonrú le linn na tréimhse sin.

Próiseáladh líon iomlán 3,044 mhúinteoir lenar bhain coinníollacha clárúcháin a bhí ag dul in éag, agus chomhlíon 755 acu a gcuid coinníollacha, deonaíodh síneadh ama do 1,461 acu, chuir 348 acu deireadh le bealach clárúcháin, d'iarr 25 acu go deonach deireadh a chur lena gclárú agus thit 293 acu den chlár.

Déanann an Painéal Clárúcháin measúnú ar iarratais ar shíneadh thar ceann na Comhairle. Tháinig an painéal le chéile 15 uaire le linn na bliana tuairiscithe seo agus breithníodh 377 gcás agus daingníodh 1,305 cás eile.

## Tionscadal Fíoraithe um Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas

Tacaíonn an Chomhairle le múinteoirí faoi oiliúint do thabhairt faoi Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas iar-bhunscoile chun a fhíorú go gcomhlíonann a n-ábhar fochéime ceanglais na Comhairle chun ábhar amháin iar-bhunscoile ar a laghad a mhúineadh, sula ndéantar iarratas ar chlárú. Cé go ndéanann na hInstitiúidí Ardoideachais measúnú ar cháilíochtaí foriomlána chun rochtain a fháil ar an gclár don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas i gcomhréir le critéir fhairsinge, déanann an Chomhairle seirbhís bhreise fíoraithe atá sainiúil don ábhar a thairiscint. Leis sin, seiceáiltear go gcomhlíonann an t-ábhar a tógadh ag an leibhéal fochéime na ceanglais shonracha atá leagtha síos ag an gComhairle chun clárú leis an ábhar iar-bhunscoile sin. Daingnítear leis sin incháilitheacht an mhúinteora faoi oiliúint atá ag gabháil don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas chun clárú leis an gComhairle ar a gcuid staidéar don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas a chríochnú agus brostaítear an próiseas clárúcháin samhraidh. Bhain líon iomlán 81% de mhúinteoirí faoi oiliúint (iar-bhunscoile) a chuir tús lena gclár dhá bhliain leas as an bpróiseas saor in aisce sin.

## Bealach 5 –Múinteoirí faoi Oiliúint

Ceadaíodh leasú ar Rialacháin Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta agus shínigh an tAire ina dhlí é, chomh maith leis an gCathaoirleach agus Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, i mí na Nollag 2021. Leis an leasú sin, cumasaítear do mhúinteoirí faoi oiliúint a bhfuil an chéad dhá bhliain de chlár creidiúnaithe fochéime san Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí críochnaithe go rathúil acu (bunscoil agus iar-bhunscoil) iarratas a dhéanamh ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Cuireadh i gcrích le linn na bliana tuairiscithe seo forbairt agus tástáil chórais chun aistriú sonraí mac léinn ó gach soláthraí cúrsa chuig an gComhairle a éascú as a n-eisítear iarratais ar líne do mhic léinn infheidhme ina dhiaidh. Bhí rannpháirtíocht fhorleathan ann leis na hInstitiúidí Ardoideachais chun a chinntiú go gcuirfí próiseas éifeachtúil i ngníomh lena gcomhlíontar na ceanglais reachtúla.

## Droichead

Is é Droichead, creat Ionduchtúcháin ghairmiúil chomhtháite na Comhairle do Mhúinteoirí Nuacháilithe an t-aon bhealach ionduchtúcháin anois do gach Múinteoir Nuacháilithe, bunscoil agus iar-bhunscoil.

Bunaíodh bearta eatramhacha sna blianta acadúla 2020/2021 agus 2021/2022 chun tuilleadh solúbthachta a thairiscint do Mhúinteoirí Nuacháilithe ar chuir paindéim Covid-19 isteach ar a bpróiseas Droichead. Nuashonraíodh dá réir na Coinníollacha Iar-cháiliúcháin um Chleachtadh Gairmiúil – Socruithe Idirthréimhseacha chun an tsolúbthacht a bunaíodh chun tacú leis na Múinteoirí Nuacháilithe, na scoileanna agus na Foirne Tacaíochta Gairmiúla a bhí i gceist a léiriú.

Tugadh isteach bearta sealadacha eile ar bhonn éigeandála am-dhaingnithe i mí na Nollag 2021 mar gheall ar thionchar Covid-19 ar scoileanna. Leis na bearta sin, ceadaíodh do Mhúinteoirí Nuacháilithe iarratas a dhéanamh chuig Droichead i gcás go raibh siad fostaithe ar bhonn leanúnach (i.e., 5 lá sa tseachtain) faoi shocrú an phainéil soláthair nó chun lá scaoilte do phríomhoidí a chumhdach.

Ina theannta sin, le linn bhliain acadúil 2021/2022, glacadh le hiarratais Droichead dóibhsan a bhí fostaithe faoi fhoráil na Scéime Foghlama agus Tacaíochta Covid (CLASS), nuair a comhlíonadh riachtanais bheartais Droichead. Foilsíodh faisnéis faoi na forálacha sin ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Leis an tairseach nua Mo Chlárú, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2021, cuireadh tuilleadh éifeachtúlachtaí ar fáil maidir le riaradh phróiseas Droichead i dtaca leis an bpróiseas iarratais le haghaidh Droichead agus Foirm D a chur isteach ar an bpróiseas a chríochnú araon.

Bhain 6,392 mhúinteoir úsáid as próiseas Droichead le linn na bliana tuairiscithe thar an dá bhliain acadúil.

As 3,394 Múinteoir Nuacháilithe thar 1,669 scoil a ghlac páirt in 2020/2021, chríochnaigh 744 Múinteoir Nuacháilithe an próiseas roimh an bhliain tuairiscithe, choimeád Múinteoir Nuacháilithe amháin gnéithe den phróiseas lena chríochnú níos déanaí agus chríochnaigh 2,649 múinteoir a bhí fágtha an próiseas ag deireadh na bliana acadúla.

**Tábla: Forléargas ar Droichead, 2020/2021**

| Cineál Scoile | MNC | Scoileanna |
|---|---|---|
| Bunscoil | 1,830* | 1,115 |
| Iar-bhunscoil | 1,564 | 554 |
| **Iomlán** | **3,394** | **1,669** |

***Lena n-áirítear 1 MNC a chríochnaigh Droichead go páirteach.**

Sa bhliain acadúil 2021/2022, thosaigh 3,956 Múinteoir Nuacháilithe an próiseas i 1,845 scoil ar fud na tíre.

**Tábla: Forléargas ar Droichead, 2021/2022**

| Cineál Scoile | MNC | Scoileanna |
|---|---|---|
| Bunscoil | 2,281 | 1,252 |
| Iar-bhunscoil | 1,675 | 593 |
| **Iomlán** | **3,956** | **1,845** |

Bhí borradh ar an líon Múinteoir Nuacháilithe, iar-bhunscoile agus bunscoile, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí 111 Múinteoir Nuacháilithe iar-bhunscoile breise rannpháirteach sa phróiseas i 39 scoil bhreise, fad a bhí 451 Múinteoir Nuacháilithe bunscoile breise rannpháirteach sa phróiseas i 137 scoil bhreise.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta grinnfhiosrúchán ar mhúinteoirí lena gclárú i dtosach, chun clárú a athnuachan agus chun críocha fostaíochta, a riaradh. Le linn na bliana tuairiscithe, rinneadh grinnfhiosrúchán ar 27,039 múinteoir. Is chun clárú i dtosach a rinneadh an grinnfhiosrúchán ar 30% de na múinteoirí sin; is mar chuid de bheartas athghrinnfhiosrúcháin ar mhúinteoirí cláraithe ar thimthriall trí bliana a rinneadh grinnfhiosrúchán ar 70%.

Tugtar Nochtadh ar thoradh an phróisis ghrinnfhiosrúcháin. Mar chuid de phróiseas clárúcháin, tá an Chomhairle faoi cheangal nochtadh grinnfhiosrúcháin a bhreithniú, maidir le hoiriúnacht an duine aonair mar "duine cuí oiriúnach" chun clárú nó chun críocha athnuachana clárúcháin.

Tháinig Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle le chéile 12 uair agus bhreithnigh sé 31 nochtadh grinnfhiosrúcháin maidir le hiarratasóirí ar chlárú nó ar athnuachan ar chlárú. Tíolacadh 145 cás eile don phainéal lena ndaingniú i rith na bliana. Cuireadh nuashonrú ar fáil don phainéal maidir le 19 múinteoir ar ceadaíodh dóibh clárú / athchlárú faoi réir coinníollacha a d'fhorchuir an painéal. Bhreithnigh an painéal freisin 7 n-aighneacht a rinne múinteoirí mar chuid den tionscadal athghrinnfhiosrúcháin.

## An Tairseach Nua *Mo Chlárú* a Sheoladh

Leanadh ar aghaidh, ar feadh na bliana tuairiscithe 2021/2022 le forbairt chórais, réamhshocrú, tástáil agus oiliúint maidir leis an mbunachar sonraí Clárúcháin ionaid agus leis an gclaochlú digiteach sin seoladh an bunachar sonraí nua agus tairseach Mo Chlárú an 14 Deireadh Fómhair 2021 chuig beagnach 112,000 múinteoir cláraithe. Tugadh fógra do gach múinteoir cláraithe, le ríomhphost, maidir le seoladh an chórais agus tugadh nasc uathúil dóibh chun cuntas a chruthú ar an tairseach.

De thoradh ar an tionscadal, tá uirlis chlárúcháin ann lena seachadtar ardán ar mhórán gné, féinseirbhíse chun riachtanais mhúinteoirí cláraithe na Comhairle agus iarratasóirí nua a chomhlíonadh. Is córas é ar féidir é a scálú de réir líon méadaithe cláraí na Comhairle agus a bhfuil feabhas ollmhór déanta leis ar phróisis dhigiteacha agus éifeactúlachtaí ar fud na heagraíochta.

Tá uirlisí tuairiscthe láidre curtha i ngníomh freisin chun a chumasú don Chomhairle bainistiú agus anailísiú níos fearr a dhéanamh ar na sonraí atá sa Chlár.



# 4 Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí agus Ionduchtú



**Is cuid lárnach é d'obair na Comhairle Múinteoireachta caighdeáin arda i leanúntas oideachas múinteoirí a chur chun cinn.**



Tosaíonn feidhmeanna na Comhairle sa réimse seo nuair a thosaíonn an múinteoir oiliúint tosaigh múinteoirí agus leanann siad ar feadh ghairm bheatha an mhúinteora ar fad.

## Athbhreithniú agus creidiúnú na gClár um Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí -

### Céim: Caighdeáin don Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí

Léirítear in alt 38 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015 sainchúram na Comhairle maidir le Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú agus cuirtear tacaíocht ar fáil le *Beartas na Comhairle maidir le Leanúntas an Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí (2011)*. Leagtar amach na caighdeáin chreidiúnúcháin maidir le cláir OTM, bunscoil agus iar-bhunscoil, in *Céim: Caighdeáin don Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (2020)*.

Léirítear sna Nósanna Imeachta maidir le *Creidiúnú Gairmiúil Clár san Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (2021)* na próisis agus na nósanna imeachta trína ndéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta a ról a fheidhmiú chun cláir san oideachas tosaigh do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú.



### Cláir OTM

De réir Ghníomh 12 den phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí (2018), rinne an tÚdarás um Ardoideachas idirghabháil le soláthraithe an chláir san Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí maidir le cláir chomhthráthacha bhreise 4-bliana iar-bhunscoile san Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí a sholáthar, lena gcáilítear múinteoirí i dhá réimse ábhair, lena n-áirítear ábhair spriocdhírithe (Mata, Fisic, Ceimic, Ríomheolaíocht, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Gaeilge, Eacnamaíocht Bhaile).


Idir mí an Mhárta 2021 agus mí an Mhárta 2022, ceadaíodh clár nua san oideachas tosaigh do mhúinteoirí – Baitsiléir Oideachais (Onóracha) san Ealaín agus i nGrafaic an Deartha agus na Cumarsáide in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo – corpraithe in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (1 Aibreán 2022).

Cuireadh ábhar na Ríomheolaíochta le ceithre chlár creidiúnaithe iar-bhunscoile OTM in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Mhaigh Nuad agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

I mí na Samhna 2021, chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta tús le creidiúnú Timthriall 2 ar chláir láithreacha de réir Céim: Caighdeáin don Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí agus na Nósanna Imeachta maidir le Creidiúnú Gairmiúil Clár san Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí. Is é atá gceist leis sin ná athbhreithniú sceidealta a dhéanamh ar 68 gclár OTM, bunscoil agus iar-bhunscoil, i 14 Institiúid Ardoideachais, idir 2021 agus 2023.

I mí an Mhárta 2022, ceadaíodh ceithre chlár san oideachas tosaigh do mhúinteoirí i gColáiste Oideachais San Aingeal, Sligeach de réir Céim.

Fuair an Chomhairle aighneachtaí freisin maidir le dhá chlár comhthráthach iar-bhunscoile agus clár oideachais eile atá, tráth foilsithe na tuarascála seo, ag dul tríd an bpróiseas athbhreithnithe agus creidiúnúcháin.



### Socrúcháin scoile

D'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley TD agus an Chomhairle Mhúinteoireachta foilsiú Tuarascála agus Plean Gníomhaíochta ag an nGrúpa Oibre Socrúchán Scoile (SPWG) an 19 Márta 2021.

**Léiríodh sa tuarascáil agus sa phlean gníomhaíochta trí réimse tosaíochta gníomhaíochta:**

1. córas lárnach náisiúnta socrúchán scoile agus tairseach comhtháite ar líne a chruthú
2. múnla taispeána a sheoladh lena n-áireofar an córas socrúcháin a phíolótú agus clár gairmiúil foghlama chun tacú le Treoraithe (ar a tugadh múinteoirí ag comhoibriú roimhe seo)
3. tacaíocht maidir le comhpháirtíochtaí scoile/ Institiúidí Ardoideachais a fhorbairt sa réimse taighde agus aitheantas don obair a rinne gach duine a bhí páirteach i socrúcháin scoile.

Mhol an Grúpa Oibre Socrúchán Scoile go mbunófaí roinnt grúpaí oibre. Ar an tuarascáil a fhoilsiú, dhaingnigh an Chomhairle amlínte athleasaithe lenar díríodh ar ghníomhaíochtaí tosaíochta 1 agus 2 agus bunaíodh grúpaí oibre ina leith sin in 2021.

Bhí cúig chruinniú den Ghrúpa Oibre Socrúchán Scoile ann sa bhliain tuairiscithe. Bhí cruinniú amháin ann de Ghrúpa Gairmiúil Foghlama Treoraithe sa bhliain tuairiscithe.

### Tuarascáil um Nuálaíocht Socrúchán Scoile

I mí Meán Fómhair 2021, sheol an tAire Oideachais an Tuarascáil um Nuálaíocht Socrúchán Scoile, a chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta le chéile. Soláthraítear anailís sa tuarascáil maidir le conas a d'oiriúnaigh agus a bhainistigh na hinstitiúidí Ardoideachais próiseas fíorthábhachtach na socrúchán scoile do mhúinteoirí faoi oiliúint le linn phaindéim Covid-19. Déantar cur síos inti ar thaithí na nInstitiúidí Ardoideachais agus sainaithnítear inti próisis a bhféadfaí iad a choinneáil agus a fheabhsú don todhchaí. Rinne gach ceann den 14 Institiúid Ardoideachais a gcuid taithí agus moltaí a chur sa tuarascáil.

## Measúnú Cáilíochtaí

De réir Threoir 2005/36/EC maidir le haitheantas frithpháirteach cáilíochtaí (arna leasú), is é an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás inniúil in Éirinn maidir le hiarratais ar chlárú ó dhaoine a aithnítear mar mhúinteoirí i dtíortha AE/LEE eile a mheasúnú. Ní foláir d'iarratasóirí na critéir a leagtar amach i Rialacháin (Clárú) na Comhairle Múinteoireachta, 2016 a chomhlíonadh. Déantar measúnú, ar bhonn an duine aonair, ar gach iarratas ar chlárú ó mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh den AE/LEE freisin. Sa bhliain tuairiscithe, ceadaíodh lena gclárú 569 iarratas ar mheasúnú cáilíochtaí. Iarratais bunscoile a bhí i 241 díobh sin agus iarratais iar-bhunscoile a bhí i 328.

## Rialachán Leasaitheach COVID-19

I gcomhthéacs Covid-19, thug an Chomhairle isteach raon bearta chun tacú le pobail mhúinteoireachta agus scoile le hathoscailt scoileanna agus lena gcoimeád ar oscailt le linn scoilbhliain 2020/2021. Ar cheann de na hidirghabhálacha sin bhí rialachán leasaitheach (Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) (Leasú), 2021. I.R. Uimh. 266 de 2021) lenar cumasaíodh, ar bhonn eisceachtúil agus am-dhaingnithe, do roinnt múinteoirí a cháiligh i dtír eile ionduchtú a chur I gcrích in Éirinn.

Ghlac an Chomhairle Mhúinteoireachta le hiarratais ar chlárú faoin rialachán leasaitheach den dara huair ón 14 Meitheamh go 29 Deireadh Fómhair 2021. Fuarthas líon iomlán 121 iarratas agus fuair 86 iarratasóir clárú faoi réir coinníollacha le linn na bliana tuairiscithe.

## Riachtanais Chlárúcháin d'Ábhar Curaclaim

Tar éis próiseas forleathan comhchomhairliúcháin le geallsealbhóirí ríthábhachtacha idir Meitheamh 2018 agus Aibreán 2019, foilsíodh *Riachtanais d'Ábhar Curaclain* athleasaithe an 11 Samhain 2020. Tá na ceanglais athleasaithe i bhfeidhm faoi láthair chun cláir san oideachais Thosaigh do Mhúinteoirí a chreidiúnú agus tiocfaidh siad i bhfeidhm ó Eanáir 2023 maidir le hiarratasóirí a dhéanfaidh iarratas ar chlárú leis an gComhairle.

Le linn na bliana tuairiscithe, cheadaigh an Chomhairle go gcuirfí an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Liotuáinis agus an Mhandairínis leis na riachtanais maidir le hábhar curaclaim.


## Droichead

Cuireadh an cúigiú agus an bhliain dheiridh de chéim fáis Droichead, creat ionduchtúcháin comhtháite na Comhairle do MNC, i ngníomh i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna le linn bhliain acadúil 2020/2021. Ó Mheán Fómhair 2020, is é Droichead an t-aon bhealach ionduchtúcháin do gach MNC bunscoile agus iar-bhunscoile. Léirítear sonraí oibríochta maidir le próiseas Droichead in alt 3 – An Clár Múinteoirí.


## Próiseas um Dhearbhú Cáilíochta Droichead do 2020/2021

Cuireadh i gcrích an séú timthriall den phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta Droichead (DQA) le linn na bliana tuairiscithe seo. Bhí painéal an phróisis um Dhearbhú Cáilíochta Droichead rannpháirteach le 24 scoil, 12 bhunscoil agus 12 iar-bhunscoil, d'fhonn tuairisciú a dhéanamh don Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le fionnachtana i ndail le cáilíocht an phróisis sna scoileanna sin. Roghnaíodh ceithre scoil is fiche go randamach a d'fhreagair do chothroime réasúnach cineáil scoile i bhfianaise an líon beag samplaí atá ann go hiomlán. Éascaíodh cuairteanna ar scoileanna, ar an láthair agus ar líne araon, ag brath ar chomhthéacs na scoile i ndáil le Covid-19.

Tá tuarascálacha um Dhearbhú Cáilíochta Droichead ar fáil anois le féachaint orthu ar *shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta*.





# 5 | 5. Caighdeáin maidir le hiompar agus cleachtadh gairmiúil a chinntiú

**Leagtar amach sa dara eagrán den Chód Iompair Ghairmiúil (a nuashonraíodh in 2016) na caighdeáin maidir le heolas gairmiúil, scil, inniúlacht agus iompar a bhfuiltear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe.**



Is ráiteas atá sa Chód i dtaobh cén chuma agus éirim ba chóir a bheith i gceist le dea-mhúinteoireacht. Is doiciméad reachtúil é a fheidhmíonn mar phointe tagartha le linn fiosrúcháin faoi Fheidhmiúlacht chun Múineadh.

Cuireadh tús le feidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh (Cuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015) an 25 Iúil 2016. Is féidir leis an gComhairle gearáin a dhéantar i ndáil le múinteoirí cláraithe maidir le nithe tromchúiseacha a imscrúdú. Nuair a dhéantar gearán, tionscnóidh an Chomhairle imscrúdú agus cinnfidh sí ar chóir déileáil leis trí nósanna imeachta foirmeálta na Comhairle.

Féadfaidh an Chomhairle, tar éis fiosrúchán araíonachta, a chinneadh comhairle, iomardú nó cáineadh i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir, coinníollacha feidhmiúlachta chun múineadh a fhorchur maidir le clárú an mhúinteora, nó an múinteoir a fhionraí nó a bhaint den Chlár Múinteoirí. I gcás go mbeidh múinteoir ar fionraí nó bainte den Chlár, níl siad cáilithe chun go n-íocfar tuarastal Stát-mhaoinithe leo.

Is é beartas na Comhairle go ndéanfar gach gearán a dhéanamh le scoil an mhúinteora ar dtús sula ndéanfar leis an gComhairle iad. I gcás, áfach, go bhfuil leanbh nó duine soghonta i bpriacal, ba chóir é sin a thabhairt ar aird, ar an gcéad ásc, don Gharda Síochána agus Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus a thabhairt ar aird ina dhiadh sin don Chomhairle Mhúinteoireachta.



Dá ndéanfaí nósanna imeachta faoi alt 28 den Acht Oideachais, 1998 a chur i ngníomh bheadh socrú ann maidir le nós imeachta foirmeálta ag leibhéal na scoile i ndáil le gearáin ó thuismitheoirí, á chumasú déileáil le casaoidí nó gearáin, gan gabháil do nósanna imeachta maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh. Ina leith sin, lean an Chomhairle d'idirghabháil leis an Aire agus an Roinn Oideachais i ndáil leis an ngá atá le nósanna imeachta a chur i ngníomh faoi alt 28 den Acht Oideachais, 1998, cibé acu ar mhodh nósanna imeachta faoin mBille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí), 2019 nó ar cibé modh is cuí leis an Aire.

> Lean an rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais ar aghaidh chun rialacháin a chur i gcrích a mbeidh ar an Aire toiliú leo agus a shíniú faoi alt 37 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001- 2015 agus beidh siad le foilsiú mar Ionstraim Reachtúil. Nuair a thiocfaidh Rialacháin faoi alt 37 den Acht i bhfeidhm, beidh oibleagáid ar fhostóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta i gcás go ndífhostófar múinteoir nó go n-éireoidh sé nó sí as tar éis gearán nó próiseas araíonachta ag leibhéal na scoile




## Gearáin um Fheidhmiúlacht chun Múineadh a Imscrúdú / An Coiste Imscrúdúcháin

Ag tús na bliana tuairiscithe, bhí 42 ghearán beo os comhair an Choiste Imscrúdúcháin, tar éis iad a thabhairt ar aghaidh ón mbliain tuairiscithe roimhe sin.

Fuarthas 39 ngearán aonair eile le linn na bliana tuairiscithe reatha, 28 Márta 2021 go 27 Márta 2022. Rinneadh níos mó ná gearán amháin maidir le trí mhúinteoir. Diúltaíodh do ceithre cinn den 39 ngearán a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe, ag céim athbhreithnithe an Stiúrthóra mar gur measadh go raibh siad suaibhreosach.

**Dul chun cinn na 39 ngearán a fuarthas faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe**




- Diúltaíodh ag Céim Athbhreithnithe an Stiúrthóra iad
- Níor mheas an Coiste Fiosrúcháin iad mar nach mbaineann siad le riachtanais Achtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta
- Cuireadh os comhair an Choiste Smachta iad
- Rinneadh cinneadh deiridh gan é a thabhairt ar aghaidh chuig an gCoiste Smachta
- Fiosrúcháin ar bun go fóill

**Anailís ar mhúinteoirí a ndearnadh gearán ina leith – bealach clárúcháin**

| An Bealach Clárúcháin | Líon múinteoirí a ndearnadh gearán ina leith |
|---|---|
| Bunscoil | 12 |
| Iar-bhunscoil | 23 |
| Breisoideachas | 1 |
| Eile | 0 |
| **Iomlán** | **36*** |

*Fuarthas 39 ngearán le linn na bliana tuairiscithe i ndáil le 36 mhúinteoir. (Rinneadh níos mó ná gearán amháin maidir le 3 mhúinteoir)

## Gearáin a tugadh ar aghaidh ó thréimhsí tuairiscithe roimhe seo

| An Grúpa Gearáin | Líon |
|---|---|
| Líon na ngearán fós á mbreithniú ag an gCoiste Imscrúdúcháin, tar éis iad a thabhairt ar aghaidh ón mbliana tuairiscithe roimhe sin | 42 |
| Líon na ngearán ón mbliana tuairiscithe roimhe sin a tarchuireadh chuig an gCoiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin le linn na bliana tuairiscithe reatha | 9 |

## Forais Ghearáin

Féadfaidh an Chomhairle imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin ar roinnt foras mar a leagtar amach i gCuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015, lena n-áirítear:

- mí-iompar gairmiúil
- lagfheidhmíocht ghairmiúil
- gabháil d'iompar atá contrártha don Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- a bheith neamhfheidhmiúil, ó thaobh sláinte de, chun múineadh
- ciontú cúirte i gcionta áirithe
- mainneachtain foráil de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015; den Acht Oideachais, 1998; den Acht Oideachais (Leas), 2000; den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus aon rialacháin, rialacha nó orduithe arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin a chomhlíonadh, nó aon fhoráil den chéanna a shárú
- mainneachtain aon ghealltanas a chomhlíonadh nó aon ghníomh a dhéanamh a bheidh sonraithe i dtoiliú a thabharfar do Choiste Araíonachta na Comhairle ag fiosrúchán agus
- clárú earráideach mar gheall ar dhearbhú nó mífhaisnéis atá bréagach nó calaoiseach.

## Cinntí de chuid an Choiste Imscrúdúcháin

Is coiste scagtha é an Coiste Imscrúdúcháin a dhéanann gearáin a fhaigheann an Chomhairle Mhúinteoireachta i ndáil le múinteoirí cláraithe a bhreithniú agus a imscrúdú. Ní foláir don Choiste sin a chinneadh an bhfuil gá le gníomh nó ar chóir gearán iomlán nó cuid de a tharchur chuig an gCoiste Araíonachta chun fiosrúchán a dhéanamh.

Le linn na bliana tuairiscithe, tháinig an Coiste Imscrúdúcháin le chéile 11 uair.

- Diúltaíodh do cheithre ghearán as 39 a fuarthas ag céim athbhreithnithe an Stiúrthóra. Chinn an Coiste Imscrúdúcháin nárbh fhéidir leis 14 den 35 ghearán a bhí fágtha a bhreithniú. Diúltaíodh do na gearáin sin mar nár chomhlíon siad ceanglais na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015 (i.e. tharla an t-iompar roimh an 25 Iúil 2016 agus ní raibh dlínse ag an gCoiste Araíonachta an ní a bhreithniú), níor bhain siad le feidhmiúlacht an mhúinteora chláraithe chun múineadh, nó ní raibh nósanna imeachta scoilbhunaithe curtha i gcrích sular ardaíodh an ní leis an gCoiste Araíonachta.
- Tar éis don Choiste Araíonachta a chinneadh imscrúdú a dhéanamh, tarchuireadh dhá cheann den 21 ghearán a bhí fágtha chuig an gCoiste Araíonachta chun fiosrúchán a dhéanamh (tarchuireadh naoi ngearán eile chun fiosrúcháin le linn na bliana tuairiscithe, tar éis iad a fháil le linn blianta tuairiscithe roimhe sin).
- Maidir leis an 19 ngearán eile a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe, chinn an Coiste Imscrúdúcháin nár ghá trí cinn díobh a tharchur chun fiosrúcháin.
- Bhí an 16 ghearán déag eile a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe fós faoi imscrúdú ag an gcoiste ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- Níor tarraingíodh siar gearán ar bith a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe ach ghlac an Coiste, áfach, le trí tharraingt siar gearáin a fuarthas le linn blianta tuairiscithe roimhe sin.
- Bhain trí ghearán den 39 ngearán le hiompar a tharla roimh thosach feidhme Chuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015.

## Foinse an ghearáin

| An Grúpa Gearáin | An Líon |
|---|---|
| Tuismitheoirí | 32 |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta tríd an gCoiste Feidhmiúcháin, tar éis don ghearánach teacht ar aird don Chomhairle trí na meáin nó ar shlí eile | 3 |
| Páirtithe eile (3 mhúinteoir/comhghleacaí eile , 1 duine den phobal/nach tuismitheoir) | 4 |
| Údaráis bainistíochta scoile / Boird bhainistíochta | 0 |

## Catagóirí Gearán

Léirítear leis an méid seo a leanas na catagóirí gearán a taifeadadh agus líon na ngearán a fuarthas i ngach catagóir le linn na bliana tuairiscithe:

| An Grúpa Gearáin | An Líon |
|---|---|
| Iompar* | 33 |
| Inniúlacht/feidhmiú/cleachtadh | 5 |
| Cúrsaí míochaine | 0 |
| Cionta coiriúla | 1 |
| Mímhacántacht/ionracas gairmiúil | 4 |
| Sárú ar an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí | 39 |

**Tabhair do d'aire:** D'fhéadfadh go mbainfeadh níos mó ná catagóir gearáin amháin le haon ghearán ar leith. Dá bhrí sin, ní gá go mbeadh líon na catagóirí gearáin sa tábla thuas comhionann le líon iomlán na ngearán a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe.

*Áirítear ar ghearáin a bhaineann le hiompar mí-úsáid fhisiciúil/ionsaí fisiciúil, ionsaí ó bhéal, caidreamh gnéis/dlúthchaidreamh le mac léinn, caidreamh pearsanta míchuí le mac léinn (neamhghnéasach), cumarsáid mhíchuí (de chineál gnéasach nó neamhghnéasach), bulaíocht, iompar idirdhealaitheach agus meáin shóisialta a úsáid go míchuí.

## Fiosrúcháin faoi Fheidhmiúlacht chun Múineadh /An Coiste Araíonachta

Cuireadh tús le feidhm Feidhmiúlachta chun Múineadh na Comhairle an 25 Iúil 2016 agus, ón dáta sin ar aghaidh, is féidir leis an gComhairle gearáin a fháil agus a imscrúdú i ndáil le múinteoirí cláraithe, agus d'fhéadfadh, sa deireadh, imscrúdú maidir le feidhmiúlacht múinteora chun múineadh a bheith mar thoradh.

Féadfaidh Coiste Imscrúdúcháin na Comhairle gearán a tharchur chuig an gCoiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin. I bhformhór cásanna, is éisteacht ó bhéal os comhair painéal den Choiste Araíonachta a bheidh i bhfiosrúchán. Tá sé comhchosúil le héisteacht os comhair cúirte nó binse.

Is go poiblí a tharlaíonn fiosrúcháin i gcoitinne, agus tugann finnéithe fianaise faoi mhionn, ach féadfaidh painéal, ar iarraidh ón múinteoir is ábhar don ghearán, nó le toiliú uaidh nó uaithi, a chinneadh fiosrúchán a sheoladh trí dhoiciméid agus aighneachtaí scríofa a scrúdú, seachas an fiosrúchán a sheoladh i bhfoirm éisteacht ó bhéal. Seoladh fiosrúchán amháin trí dhoiciméid a scrúdú le linn na bliana tuairiscithe.

I bhformhór cásanna, tarlóidh éisteacht ó bhéal, go háirithe má tá díospóid ann maidir le fíorais nó líomhaintí. I gás go seolfar an fiosrúchán go poiblí, féadfaidh comhaltaí de na meáin agus den phobal i gcoitinne freastal. Féadfaidh an painéal, má dhéantar iarratais chuige, a chinneadh an fiosrúchán go léir, nó cuid de, a sheoladh go príobháideach. Féadfaidh an painéal a chinneadh freisin céannacht daoine agus ionaid a bhaineann leis an bhfiosrúchán a chur i ndíth má théann fiosrúchán ar aghaidh go poiblí.

Ag tús na bliana tuairiscithe, bhí 11 fhiosrúchán ag céim phleanála, tar éis iad a tharchur agus a thabhairt ar aghaidh ó thréimhsí tuairiscithe roimhe sin.

Tarchuireadh 11 ghearán eile chuig an gCoiste Araíonachta lena bhfiosrú sa bhliain tuairiscithe 2021/2022.

Bhain ábhar na ngearán sin le réimse ó chásanna ciontúcháin go dtí teagmhais mhí-iompair ghairmiúil, lagfheidhmíocht ghairmiúil, agus sárú ar Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí na Comhairle Múinteoireachta.

D'ainneoin na srianta a forchuireadh mar thoradh ar phaindéim Covid-19, lean obair na bpainéal fiosrúcháin ar aghaidh le linn na bliana tuairiscithe, agus imeachtaí ag leanúint ar aghaidh ar ardán slán ar líne. Tionóladh seacht réamhéisteacht agus cúig fhiosrúchán ar líne (lena n-áirítear fiosrúchán amháin dá dtagraítear thuas a seoladh trí dhoiciméid a scrúdú). Mhair trí cinn den chúig fhiosrúchán níos faide ná aon lá amháin.

Rinneadh ceithre iarratas ar smachtbhanna a dhaingniú chun na hArd-Chúirte agus, i ngach cás, daingníodh an smachtbhanna iomchuí. I ngach ceann den ceithre chás sin, baineadh an múinteoir den Chlár.

Tar éis teacht ar fhionnachtana agus smachtbhannaí a fhorchur ag fiosrúcháin, foilsítear fógraí ar suímh ghréasáin ó am go ham ar an gcuid de shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta a bhaineann le Feidhmiúlacht chun Múineadh. Foilsíodh cúig fhógra den sórt sin le linn na bliana tuairiscithe.

De réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 8 de 2017, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint), 2017, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi oibleagáid, mar an tÚdarás Inniúil faoi Threoir AE 2013/55/AE, cás ina ndeánfaidh údarás náisiúnta nó cúirt cleachtadh duine cláraithe a thoirmeasc nó a chur faoi shrian a chur in iúl do gach Ballstát AE eile. Le linn na bliana tuairiscithe, d'eisigh an Chomhairle Mhúinteoireachta foláirimh i ndáil le cúig mhúinteoir cláraithe. Bhain ceithre cinn de na foláirimh sin le ceathrar múinteoir cláraithe a bhaint den Chlár agus bhain ceann amháin le hordú eatramhach fionraí ón Ard-Chúirt (alt 47 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015).

> Tarchuireadh 11 ghearán eile chuig an gCoiste Araíonachta lena bhfiosrú sa bhliain tuairiscithe 2021/2022.
>
> Bhain ábhar na ngearán sin le réimse ó chásanna ciontúcháin go dtí teagmhais mhí-iompair ghairmiúil, lagfheidhmíocht ghairmiúil, agus sárú ar Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí na Comhairle Múinteoireachta.

| Le linn na bliana tuairiscithe 2021/2022 | An Líon |
|---|---|
| Fiosrúcháin ag an gcéim phleanála ag tús na bliana tuairiscithe year | 11 |
| Gearáin eile a tarchuireadh chun fiosrúcháin | 11 |
| Réamhchruinnithe ar líne a tionóladh | 7 |
| Fiosrúcháin ar líne a tionóladh | 5 |
| Líon cinntí smachtbhanna a dhaingnigh an Ard-Chúirt (sa ceithre chás, baineadh an duine den Chlár) | 4 |
| Líon na bhfoláireamh AE a rinneadh (lena n-áirítear Ordú eatramhach fionraí amháin) | 5 |
| Líon foilseacháin suímh ghréasáin | 5 |



## An Coiste Feidhmiúcháin

Is coiste reachtúil de chuid na Comhairle Múinteoireachta é an Coiste Feidhmiúcháin a chomhlíonann feidhmeanna a thugtar dó leis na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta; áirítear nithe a bhféadfaidh an Chomhairle iad a tharmligean. Tá a feidhmeanna faoi alt 47 agus faoi alt 42(1) den Acht tarmligthe ag an gComhairle don Choiste Feidhmiúcháin, de bhun alt 26(i) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta.

Déantar foráil le halt 42(1) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015 go bhféadfaidh an Chomhairle gearán a dhéanamh leis an gCoiste Imscrúdúcháin. D'fhéadfadh sé sin tarlú i gcás go dtiocfaidh múinteoir cláraithe ar aird na Comhairle trí na meáin nó i gcás go gcuirfidh duine den phobal nó Bord Bainistíochta imní in iúl don Chomhairle a bhaineann le múinteoir cláraithe ach nach ndéantar gearán foirmeálta a chur isteach. Chinn an Coiste Feidhmiúcháin (tar éis don Chomhairle an fheidhm sin a tharmligean chuige), gur chóir don Chomhairle teacht chun bheith mar ghearánach maidir le trí ghearán le linn na bliana tuairiscithe.

Déantar foráil le halt 47 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015 go bhféadfaidh an Chomhairle, más deimhin léi gurb é leas an phobail é, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú go bhfionrófar clárú múinteora chláraithe ar feadh tréimhse shonraithe. Bhreithnigh an Coiste Feidhmiúcháin iarratas amháin den sórt sin sa bhliain tuairiscithe agus cinneadh iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar Ordú alt 47. Dheonaigh an Ard-Chúirt an t-iarratas sin.

## Rannpháirtíocht geallsealbhóirí maidir le nithe a bhaineann le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Déanann an Chomhairle rannpháirtíocht ghníomhach le geallsealbhóirí ar bhonn rialta. Lean an Rannóg Caighdeán Ghairmiúil den chumarsáid le geallsealbhóirí i gcomhthéacs na Feidhmiúlachta chun Múineadh. Lean rannpháirtíocht freisin leis an Roinn Oideachais, Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, An Garda Síochána agus Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcomhthéacs faisnéis i dtaobh cosaint leanaí/priacal leanaí a roinnt leis an gComhairle Mhúinteoireachta, nuair a bhaineann sí le múinteoir cláraithe.

## Forbairtí eile maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Tar éis tarraingt siar na RA ón AE i mí Eanáir 2021, thit comhlachtaí rialála múinteoirí na RA lasmuigh de raon feidhme Chóras Foláirimh *IMI* an AE, lena ndéanann rialtóirí i mBallstáit fógra a thabhairt dá chéile i gcásanna ina mbíonn toirmeasc ar mhúinteoirí múineadh nó ina mbíonn a gcleachtadh faoi shrian.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, thoiligh an Ard-Chúirt dá bhrí sin leis an gComhairle Mhúinteoireachta fógra a thabhairt dá contrapháirtithe sa RA i ndáil le srianta agus toirmisc ar chleachtadh múinteoirí ar cheithre ócáid. Sna cásanna sin go léir, dhaingnigh an Ard-Chúirt smachtbhanna arb éard é an duine a bhaint de chlár na Comhairle Múinteoireachta, tar éis fiosrúchán faoi fheidhmiúlacht chun múineadh. Thug an Ard-Chúirt cead dá shamhail don Chomhairle tar éis ordú eatramhach fionraí (alt 47) a dheonú, agus sa chás sin, thoiligh an Chúirt leis an gComhairle Mhúinteoireachta fógra a thabhairt do rialtóir múinteoireachta lasmuigh den RA agus den AE.



# 6 Foghlaim agus Taighde Múinteoirí




**Éascaíodh an dara sraith de cheardlanna Cosán do scoileanna le linn na bliana tuairiscithe i gcomhar le hIonaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI).**



Tá na ceardlanna deartha chun go ndéanfaidh múinteoirí bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais

## Foghlaim Múinteoirí

### Cosán




Éascaíodh an dara sraith de *cheardlanna Cosán* do scoileanna le linn na bliana tuairiscithe i gcomhar le hIonaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI).

Tá na ceardlanna deartha chun go ndéanfaidh múinteoirí bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais freastal le comhghleacaithe óna scoil féin, chun scrúdú comhoibríoch a dhéanamh ar *chreat Cosán* agus conas é a úsáid ina gcomhthéacs áirithe féin. Trí cheardlann atá sa chlár agus roinnt gníomhaíochtaí comhoibríoch scoilbhunaithe. Tugadh cuireadh do scoileanna trí mhúinteoir a ainmniú (lena n-áirítear ceannasaí sinsearach nó meáncheannasaí) chun freastal ar an gclár ceardlainne i gceann de 12 ionad tacaíochta oideachais.

Mar gheall ar Covid-19, athdhearadh na ceardlanna agus soláthraíodh iad i bhformáid ar líne de bharr comhairle sláinte poiblí agus treoirlínte rialtais. Ghlac rannpháirtithe sna ceardlanna páirt i bpléghrúpaí beaga agus cuireadh múnlaí éagsúla agus uirlisí praiticiúla i láthair dóibh chun tacú leo machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama.

Tar éis an dara sraith de cheardlanna a chríochnú i mí Aibreáin 2021, tugadh an deis do rannpháirtithe na gceardlann suirbhé ar líne a chomhlánú. Ina theannta sin, chomhlánaigh éascaitheoirí na gceardlann suirbhé ar líne freisin agus ghlacadar páirt i seisiún comhroinnte foghlama ar líne le stiúrthóirí Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI) agus stiúrthóirí agus foireann ó rannóg Taighde agus Foghlama na Comhairle Múinteoireachta. Soláthraíodh aiseolas luachmhar le linn an phróisis sin a fheabhsóidh forbairt agus seachadadh tríú sraith de cheardlanna.

Cuireadh tús le pleanáil don tríú sraith de cheardlanna Cosán i mí an Mheithimh 2021, tráth a earcaíodh ocht n-éascaitheoir breise Cosán, agus ar chomhaontaigh sé Ionad Tacaíochta Oideachais (Baile Átha Luain, Muineachán, Gaillimh, Sligeach, Port Láirge agus Loch Garman) an Clár Ceardlainne a óstú mar chuid dá gclár de chúrsaí áitiúla.

I mí na Nollag 2021, sholáthraigh an Chomhairle clár forbartha gairmiúil ar fhad lá amháin d'éascaitheoirí nua agus reatha.

D'óstaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais, i gcomhar, *Ócáid Geallsealbhóirí* i mí Dheireadh Fómhair, 2021, le haghaidh seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais, Institiúidí Ardoideachais, Ionaid Tacaíochta Oideachais agus geallsealbhóirí eile a thacaíonn le foghlaim do mhúinteoirí. Léirigh ócáid Cosán an tábhacht straitéiseach a bhaineann le Cosán sa chóras oideachais agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. An Dr. Brendan Cropley, Ollamh sa Chóitseáil Spórt, Scoil Sláinte, Spórt agus an Chleachtaidh Ghairmiúil ag Ollscoil Dheisceart na Breataine Bige a thug an spreagaitheasc. Ag an ócáid, d'aithin éascaitheoirí conas a d'imir Cosán agus an clár ceardlainne tionchar ar an bhfoghlaim ghairmiúil i gcomhthéacs a scoile féin.

Le linn na hÓcáide, seoladh *Plean Gníomhaíochta Cosán*. Léirigh sé sin go raibh Cosán ag bogadh ón bpróiseas forbartha go dtí céim fáis atá dírithe ar chur i ngníomh córasach a chinntiú.

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí pleanáil ar siúl maidir le roinnt deiseanna chun Cosán a chur chun cinn. Ina measc bhí sraith de sheimineáir ghréasáin do cheannairí scoile i gcomhpháirt le hIonaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann, an Lárionad Ceannaireachta Scoile, Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann agus an Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha.

Bhí sé mar chuspóir ag na seisiúin sin an chéad sraith eile de cheardlanna Cosán do scoileanna a chur chun cinn. Lean obair ar aghaidh freisin chun físeán agus grafaic eolais a tháirgeadh.

Le linn na bliana tuairiscithe, rinne an Chomhairle cur i láthair do raon geallsealbhóirí lena n-áirítear Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI), Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (ETBI), an tSeirbhís Tacaíochta Breisoideachais (FESS), an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (NIPT), an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL) agus Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (IPPN).

Mar chuid de scrúdú na Comhairle maidir le conas is fearr tacú le foghlaim múinteoirí, d'éascaigh an Chomhairle do mhúinteoirí rochtain a fháil ar thriail saor in aisce ar *Zhrum*, ardán forbartha pearsanta agus gairmiúil ar líne sa ráithe deiridh de 2021, agus eisíodh eagrán speisialta de ríomhiris chun é sin a chur chun cinn i mí Lúnasa 2021.

Tháinig Grúpa Oibre Cosán le chéile ceithre uaire le linn na bliana tuairiscithe agus breithníodh aiseolas ó na ceardlanna agus ó gheallsealbhóirí chun cabhrú leis an obair leanúnach. Chuir sé freisin le Plean Gníomhaíochta Cosán a fhorbairt.

## Taighde

### Taighde a Úsáid inár Scoil

Mar chuid de Shraith Taighde CROÍ, déanann an ghné *Taighde a Úsáid inár Scoil* ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta acmhainní a ghrúpáil ó thaobh téama de. Fágann sé sin go mbíonn sé níos éasca do scoileanna teacht ar thaighde iomchuí i bhformáid a oireann dóibh. Ar áireamh sna hacmhainní tá seimineáir ghréasáin, ríomhirisí, ríomhleabhair, podchraoltaí agus ailt irisleabhar, agus spreagtar scoileanna chun téama áirithe a roghnú agus acmhainní a scrúdú le comhghleacaithe mar chuid de chruinnithe foirne. Le linn na bliana tuairiscithe, foilsíodh acmhainní ar théamaí Uilechuimsitheachta, Ceannaireacht agus TFC. Tá na hábhair sin ag teacht le Réimsí Foghlama *Cosán, an Creat Náisiúnta Foghlama do Mhúinteoirí*. Cuirfear tuilleadh ábhair leis an stóras acmhainní de réir ama, agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh sé chun bheith ina acmhainn luachmhar do mhúinteoirí agus scoileanna.

## Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan

Tá sé mar aidhm ag Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan tacú le múinteoirí cur chuige nuálaíoch atá bunaithe ar fhianaise a ghlacadh maidir lena gcleachtadh gairmiúil.

Go luath in 2021, thug an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi athbhreithniú ar an gCreat chun a chinntiú go leanfaidh sé dá oibiachtaí a bhaint amach. Ar scór an athbhreithnithe sin, athdhearadh an Creat mar dhá scéim ar leithligh ach atá comhlántach dá chéile:

1. an Scéim Sparánachta Taighde (RBS) do dhaoine aonair agus grúpaí ar mian leo taighde nua a sheoladh, agus
2. an Scéim do Thaighdeoirí Cónaithe do scoileanna ar mian leo taighde reatha a scrúdú.

I mí Mheán Fómhair 2021, iarradh iarratais ar an Scéim Sparánachta Taighde. Fuarthas 41 iarratas agus bhreithnigh an painéal athbhreithnithe a ceapadh iad.

Bhí seisiún eolais d'Institiúidí Ardoideachais ann i mí Mheán Fómhair 2021 chun an Scéim do Thaighdeoirí Cónaithe a chur chun cinn. Ar scór na hócáide sin, iarradh léirithe spéise ó thaighdeoirí in Institiúidí Ardoideachais ar spéis leo comhpháirtíocht a dhéanamh le scoileanna chun taighde láithreach a scrúdú. Tar éis neart spéise a fháil ó Institiúidí Ardoideachais, bunaíodh agus seoladh sé phainéal de thaighdeoirí bunaithe sna hInstitiúidí Ardoideachais i mí Eanáir 2022, tráth ar iarradh iarratais ó scoileanna.

Fuarthas 52 iarratas ar an Scéim do Thaighdeoirí Cónaithe agus, ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí siad le breithniú ag an bpainéal athbhreithnithe creata, agus bhí pleanáil ar bun le haghaidh ócáid dámhachtainí ar líne i mí na Bealtaine 2022.

Chomh maith leis an obair bhreithniúchain i ndáil le hiarratais nua ar an Scéim Sparánachta Taighde agus an Scéim do Thaighdeoirí Cónaithe, tháinig an painéal athbhreithnithe le chéile freisin chun na tuarascálacha críochnaitheacha a fuarthas ó dhaoine a fuair maoiniú faoi bhabhtaí roimhe sin den chreat agus a raibh tionscadail taighde críochnaithe acu a bhreithniú. Fuarthas 20 tuarascáil chríochnaitheach agus, ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí siad á mbreithniú ag an bpainéal athbhreithnithe creata.

Foilseofar tuarascálacha ceadaithe ar leathanach gréasáin *Creat Tacaíochta Taighde: Taighde a Cuireadh i gCrích* na Comhairle Múinteoireachta.

## Comhrá Taighde

Mar chuid de FÉILTE, an 2 Deireadh Fómhair 2021, tharla Comhrá Taighde ag a raibh seacht múinteoir a fuair maoiniú faoi bhabhtaí roimhe sin de Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan páirteach i bplé painéil faoina n-aistear taighde agus na fionnachtana. Ina theannta sin, léirigh naoi dtaighdeoir dár dámhadh maoiniú faoi bhabhta 4 den Chreat Tacaíochta Taighde físeáin faoina dtionscadal agus a n-aistear taighde agus taispeánadh iad sin ag FÉILTE.

## Ríomhirisí Taighde

Eisíodh eagrán speisialta de ríomhiris chun Lá Domhanda na Leabhar a chomóradh i mí an Mhárta 2022. Bhí sé ríomhleabhar a roghnaíodh ó leabharlann ar líne na Comhairle Múinteoireachta inti. Bhain na ríomhleabhair, ar le húdair Éireannacha iad, le múineadh agus foghlaim sa chomhthéacs Éireannach.

## Malartán Taighde na Múinteoirí (T-REX)

Is ardán ar líne é T-REX (Malartán Taighde na Múinteoirí) chun tacú le caidreamh sa taighde agus le taighde de chuid múinteoirí agus taighdeoirí oideachais eile. Tugtar tacaíocht leis chun rochtain a fháil ar na léargais is déanaí ó thaighde cheannródaíoch agus iad a roinnt. Éascaítear leis an ardán freisin agus tugtar tacaíocht leis maidir le comhrá, comhoibriú agus naisc níos láidre idir réimsí na taighde, an bheartais agus an chleachtaidh idir scoileanna agus institiúidí ardoideachais. Mhaoinigh an Chomhairle Mhúinteoireachta, i gcomhpháirt leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha agus an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ardoideachas céim roimhe sin d'fhorbairt an ardáin agus, le linn na bliana tuairiscithe, bhreithnigh Coiste Oideachais na Comhairle dhá thogra maoinithe lenar lorgaíodh tacaíocht don chéim dheiridh d'fhorbairt T-REX.



## Taighde a Coimisiúnaíodh

Thíolaic foireann thaighde DEEPEN (Droichead: *Exploring and Eliciting Perspectives Experiences and Narratives* Dearcaí, Taithí agus Insintí a Scrúdú agus a Spreagadh) a tuarascáil críochnaitheach don Chomhairle i mí Dheireadh Fómhair 2021. Choimisiúnaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta an taighde a rinne taighdeoirí in Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Scrúdaíodh leis an taighde taithí múinteoirí ar chreat ionduchtúcháin ghairmiúil Droichead, go háirithe i dtaca le róil agus freagrachtaí na ndaoine sin a bhí ag gabháil do phróiseas Droichead agus ag tacú leis an gcéanna; na hacmhainní agus na tacaíochtaí atá ann don phróiseas; tionchar Droichead ar chultúr na scoile; agus na naisc idir Droichead agus oideachas tosaigh do mhúinteoirí. Bhí an taighde dírithe go háirithe ar scoileanna beaga, Gaelscoileanna, scoileanna DEIS (*Delivering Equality of Opportunity in Schools* Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) agus ionaid oideachais speisialta. Foilsíodh an tuarascáil chríochnaitheach ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta agus beidh an taighde mar fhoinse d'athbhreithniú na Comhairle ar Droichead.

Leanadh den obair le linn na bliana maidir le taighde fadama lena scrúdófar aistear gairmiúil múinteoirí tosaigh in Éirinn, taighde a bheidh dírithe go háirithe ar thionchar an oideachais tosaigh do mhúinteoirí ar an taithí sin. Mar chuid den phróiseas, bhí caidreamh forleathan ann leis an Roinn Oideachais chun comhshocrú coimisiúnaithe a chomhaontú.

I mí na Samhna 2021, cuireadh tús le céim réamh-shainfhála ar a dtugtar cleachtadh sondála margaidh. Fuarthas cúig fhreagairt ó dhíoltóirí agus athbhreithníodh iad, agus faoi dheireadh na bliana tuairiscithe bhí pleanáil ar bun chun dul ar aghaidh chuig an gcéim sainfhála.

## An Grúpa Rannpháirtíochta Taighde

Sa Ghrúpa Rannpháirtíochta Taighde tá múinteoirí cláraithe agus daoine eile a bhfuil taithí acu ar thaighde a dhéanamh i réimsí na múinteoireachta, na foghlama agus/nó an mheasúnaithe agus spéis acu sa chéanna. Tá raon leathan de chomhthéacsanna múinteoireachta agus ábhair spéise taighde sa ghrúpa, agus déanann sé iarracht tacú le hobair thaighde na Comhairle. Déanann sé an méid sin trí rannpháirtíocht múinteoirí sa taighde agus leis an taighde a chur chun cinn agus rannpháirtíocht idir múinteoirí agus taighdeoirí oideachais eile a chur chun cinn.
Le linn na bliana, bhí comhaltaí den ghrúpa páirteach i bpainéal athbhreithnithe Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan, ag déanamh athbhreithniú ar ábhar don acmhainn *Taighde a Úsáid inár Scoil* agus cuireadh aiseolas ar fáil chun tacú leis an athbhreithniú ar Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan. Tháinig an grúpa le chéile ar líne trí huaire le linn na bliana tuairiscithe.

## Leabharlann Ar Líne

Tugann an Chomhairle Mhúinteoireachta rochtain saor in aisce do gach múinteoir cláraithe ar leabharlann ar líne d'irisleabhair agus ríomhleabhair faoin shraith taighde CROÍ. Chun rochtain a fháil ar an leabharlann, ní foláir do mhúinteoirí cláraithe logáil isteach ar an tairseach *Mo Chlárú* ó shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta agus an rannóg *Leabharlann ar Líne* a roghnú. I rith na bliana, ceannaíodh ocht ríomhleabhar eile lena n-áireamh sa leabharlann.



# 7 | An Mhúinteoireacht a chur chun cinn mar Ghairm



**Chuir an Chomhairle roinnt bearta i ngníomh chun an soláthar múinteoirí le haghaidh maoirseachta agus ionadaíochta a fheabhsú don bhliain acadúil 2021/2022.**



Ina measc, bhí reachtaíocht an Rialacháin Leasaithe Covid-19, 2021 (féach leathanach 14)

## An Soláthar Múinteoirí a Fheabhsú

Chuir an Chomhairle roinnt bearta i ngníomh chun an soláthar múinteoirí le haghaidh maoirseachta agus ionadaíochta a fheabhsú don bhliain acadúil 2021/2022. Ina measc, bhí reachtaíocht an Rialacháin Leasaithe Covid-19, 2021 lenar cumasaíodh múinteoirí faoi oiliúint a chlárú agus cumarsáid leis an gClár Múinteoirí chun iad a spreagadh chun cumhdach ionadaíochta agus maoirseachta a sholáthar. Bhí na bearta sin ina gcuid de na bearta leanúnacha a chomhordaigh an tAire leis an Roinn Oideachais i gcomhairle le gach geallsealbhóir san oideachas.

## An Grúpa Oibre Cumarsáide

Lean an Grúpa Oibre Cumarsáide, faoi chathaoirleacht Stiúrthóir na Comhairle, dá chuid oibre chun an ghairm a chur chun cinn de réir an Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí. I mí Bealtaine 2021, d'óstaigh an Chomhairle agus an Roinn Oideachas, i gcomhpháirt, an cúigiú Fóram Comhchomhairleach maidir le Soláthar Múinteoirí. Tionóladh an fóram ar líne den chéad uair.



## An Mhúinteoireacht a chur chun cinn mar Rogha Mhealltach Ghairme

Lean an Chomhairle Mhúinteoireachta den ghairm a chur chun cinn trí fhreastal ar ócáidí éagsúla i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann agus lean sí de chomhoibriú le heagraíochtaí gairmthreoracha agus oifigí gairme in Institiúidí Ardoideachais. Bhí cruinniú ann le comhaltaí Chomhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí (AHECS) chomh maith le cruinniú eile den Chomhairle, an Roinn Oideachais, Institiúid na dTreoirchomhairleoirí, Comhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí (AHECS), agus an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach. Go hiomlán, freastalaíodh ar 26 ócáid lena n-áirítear aonaigh ghairme, aonaigh chéimithe, laethanta oscailte ag coláistí agus ollscoileanna agus cuir i láthair maidir leis an mhúinteoireacht mar ghairm.

## Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta cumarsáid lena gheallsealbhóirí chun a ról agus a freagrachtaí a mhíniú, chun cur leis an dtuiscint maidir le cad leis a bhaineann a cuid oibre, tuiscint ar a bhfuil i gceist lena cuid oibre a mhéadú, agus chun tacaíocht a ghiniúint maidir leis an rialáil agus an chur chun cinn a dhéanann sí maidir le gairm na múinteoireachta, ar mhaithe le leas an phobail. Rinne an Stiúrthóir agus foireann na Comhairle cuir i láthair rialta maidir le saincheisteanna a bhain le hobair na Comhairle, i rannpháirt le raon leathan geallsealbhóirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne. Sa liosta seo a leanas, tá liosta nach bhfuil uileghabhálach de na saghsanna gníomhaíochtaí rannpháirtíochta a rinne an Chomhairle le geallsealbhóirí i rith na bliana:

- Táirgeadh seimineáir ghréasáin maidir le hábhair éagsúla
- Óstaíodh Ócáid Cosán do Gheallsealbhóirí i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais
- Freastal ar raon comhdhálacha, seimineár agus ócáidí eile
- Seisiúin Ceist agus Freagra a óstú ar bhonn buail isteach do mhúinteoirí/taighdeoirí ar spéis leo iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoin gCreat Tacaíochta Taighde
- Seisiúin faisnéise/cruinnithe do gheallsealbhóirí i ndáil le soláthar múinteoirí
- Aoi-léachtaí do mhic léinn maidir le cláir chreidiúnaithe do mhúinteoirí iar-chéime
- Páirteach i gCoiste Stiúrtha agus fochoistí SCoTENS (An Bhuanchomhdháil maidir le hOideachas do Mhúinteoirí, Thuaidh agus Theas)

**Le linn na bliana, rinne an Chomhairle:**



**Ócáid bhliantúil FÉILTE a óstú ar líne Dé Sathairn an 2 Deireadh Fómhair 2021**



**31 ríomhiris a eisiúint do gach múinteoir ar an gClár**



**1,478,874 amharc leathanach a thaifeadadh ar a suíomh gréasáin ag os cionn 263,654 úsáideoir, ar úsáideoirí nua ab ea 252,485 acu**




**Líon a lucht leanúna thar na hardáin méan sóisialta a mhéadú**

Freastal ar roinnt comhdhálacha oideachais, seimineáir agus cruinnithe a d'óstaigh geallsealbhóirí, mar shampla:

- Na Ceithre Náisiún (Cruinnithe de Chathaoirligh agus Príomh-Fheidhmeannaigh Chomhairlí Ginearálta Teagaisc in Éirinn, Tuaisceart Éireann, Albain agus an Bhreatain Bheag)
- Fóram Idirnáisiúnta Chomhdháil Údarás Rialála Múinteoirí 2021
- Cruinniú Chomhthionól Ginearálta Líonra Comhairle Oideachais an Aontais Eorpaigh
- Cruinniú Rannpháirtíochta Geallsealbhóirí na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
- Comhdháil Líonra Eurydice maidir le "Múinteoirí san Eoraip: Gairmeacha, Forbairt agus Folláine"
- Féile Oideachais Acadamh Nuálaíochta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Siompóisiam Choláiste na hollscoile, Corcaigh maidir leis an tSíceolaíocht sa Mhataoideachas (PME)
- Comhdháil Taighde na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2021
- Siompóisiam Earraigh na Cigireachta
- Cuairt Staidéir ó Ollscoil Stenden san Ísiltír
- Cuairt staidéir ó Ghníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Liotuáine.

## Caidreamh leis na Meáin

Mar chuid dá straitéis chun an ghairm a chur chun cinn agus tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú, déanann an Chomhairle for-rochtain ghníomhach leis na meáin, chomh maith le ceisteanna ó na meáin a fhreagairt.



## I measc na ráiteas a rinne an Chomhairle le linn na bliana tuairiscithe, bhí:

**Aibreán 2021**

**Comhairle bhreise foilsithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais maidir le Socrúcháin Scoile in 2020/2021**

**Bealtaine 2021**

**Beart eisceachtúil fógartha ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun soláthar múinteoirí le haghaidh maoirseachta agus ionadaíochta a fheabhsú i mbliain acadúil 2021/2022**

**Lúnasa 2021**

**Fadú comhairle maidir le Socrúcháin Scoile don bhliain acadúil 2021/2022 daingnithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais**

**Meán Fómhair 2021**

**Tuarascáil um Nuálaíocht Socrúchán Scoile na Comhairle Múinteoireachta seolta ag an Aire Foley**

**FÉILTE 2021 de chuid na Comhairle Múinteoireachta seolta ag an Aire Foley**

**Nollaig 2021**

**Ráiteas maidir le Bearta Eatramhacha Droichead**

**Tacaíocht AE deonaithe d'Éirinn chun múnla rannpháirtíochta pobail áitiúil a fhorbairt faoi cheannaireacht na Comhairle Múinteoireachta**

**Seoladh Phlean Straitéiseach, 2022–2027 na Comhairle Múinteoireachta**

**Ráiteas maidir le Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid (CLASS) agus Droichead**

**Eanáir 2022**

**Ráiteas maidir le Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) (Leasú) (Uimh.2), 2021**

**Márta 2022**

**Ceanglas Cónaithe, 2022 do Chéimithe cláir Iar-bhunscoile Teangacha de chuid Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (ITE)**

**Ráiteas maidir le tacaíocht na Comhairle Múinteoireachta do mhúinteoirí agus do mhuintir na hÚcráine**



## FÉILTE

Tharla FÉILTE, Féile Oideachais na Comhairle Múinteoireachta san Fhoghlaim agus i Sármhaitheas sa Mhúinteoireacht, mar ócáid ar líne an 2 Deireadh Fómhair 2021. Ba é seo an dara bliain inar tionóladh an ócáid ar líne, mar gheall ar an bpaindéim, agus bhí os cionn 800 duine páirteach.

Léirigh téama na féile *Transforming Teaching in a Sustainable World*, an nuálaíocht ina raibh múinteoirí ceannasach inti, go háirithe le linn na paindéime.

Cuireadh tús leis an ócáid le ráiteas fáilte ó Phil Fox, Leas-Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, agus ansin thug an tAire Oideachais, Norma Foley TD agus Seán McMahon, Cathaoirleach na Comhairle Múinteoireachta, aitheasc oscailte.

D'fhreastail Roddy Doyle i bpearsa mar phríomhóráidí, iar-mhúinteoir agus comhbhunaitheoir an charthanais *Fighting Words*, agus údar 12 úrscéal, agus dúirt sé *"teaching was the making of me and I still think that"*, le linn plé fadréimseach le Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, Tomás Ó Ruairc.

Bhí clár d'ábhar beo agus taifeadta mar chuid den ócáid ar Phríomhstáitse, i Limistéar Beosheisiún agus Limistéar Móraonaigh.

Bhí trí dhíospóireacht ann le painéil bheo: *Teaching in a Sustainable World; Reimagining Creative Spaces in Schools, agus Student Placement, Online and in the Classroom*. Tar éis na ndíospóireachtaí painéil, osclaíodh an bhoth taighde StudentMeet, faoi stiúir ag an Dr Finn Ó Murchú, Ceann Scoil an Oideachais (iar-bhunscoil) i gColáiste Mhuire gan Smál, Dúrlas. Thíolaic múinteoirí faoi oiliúint na bliana deireanaí cur i láthair póstaeir freisin mar chuid dá dtaighde bliana deireanaí.

Bhí raon cruinnithe ann ag FÉILTE 2021 lenar tugadh an deis do mhúinteoirí líonrú a dhéanamh agus foghlaim óna chéile. Tugadh cuairt ar líne ar Shárthaispeántais, Ceardlanna agus cuir i láthair *TeachMeets* inar déileáladh le téamaí éagsúla lena n-áirítear ETIM, digitiú, cleachtadh comhoibríoch, uilechuimsitheacht, traschuraclaim, teangacha, modheolaíochtaí múinteoireachta, folláine agus eile.

Le linn Comhrá Taighde, phléigh múinteoirí a dtaithí ar bheith páirteach i dtaighde, agus le taighde, ar réimse ábhar is iomchuí maidir le cleachtadh agus foghlaim múinteoirí. Maoiníodh na tionscadail faoi Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan de chuid na Comhairle.

Le linn *LeadershipMeet*, a d'óstaigh an Lárionad Ceannaireachta Scoile, díríodh ar réimse na Meáncheannaireachta. Roinn meáncheannairí agus foirne ceannaireachta a gcuid scéalta, smaointe agus a raibh foghlamtha acu maidir le mar a fheidhmíonn siad agus mar a d'fhorbraíodar cumas ceannaireachta na foirne go léir.

Bhí taibhiú speisialta ag FÉILTE ó Bhunscoil na Ceapaí Buí in Iarthar Chorcaí leis an amhrán lenar bhuadar *Schoolovision*, We Create Magic, a taifeadadh ar an suíomh ag an scoil.

Chun achoimre a fháil ar aon ócáid féach ar *FÉILTE Innovations Report 2021*. Tá físeán buaicphointí agus gach ábhar físe ón imeacht ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle freisin.

féilte

BEACONS
Bringing Education Alive for our Communities On a National Scale

## BEACONS (Oideachas a Bheochan dár bPobal ar Scála Náisiúnta)

Don dara bliain, mar fhreagairt don phaindéim, cuireadh próiseas BEACONS na Comhairle Múinteoireachta ar líne. D'óstaigh pobal scoile Bhaile Átha Cliath 10, an 28 Aibreán 2021, ócáid ar líne BEACONS lenar cumasaíodh comhrá maidir le DEIS. D'fhreastail seacht mbunscoil agus iar-bhunscoil ar fud limistéar Bhaile Átha Cliath 10, lena n-áirítear mic léinn, tuismitheoirí agus príomhoidí.

An 3 Márta 2022, baineadh úsáid as múnla comhrá BEACONS chun tacú le comhchomhairliúcháin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) maidir le dréacht-Chreat Churaclam na Bunscoile. D'fhreastail os cionn 70 duine ar an ócáid i mBaile Átha Cliath lena n-áirítear trí bhunscoil. Tá tuarascáil ar an ócáid á chur le chéile chun tacú tuilleadh leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ina comhchomhairliúcháin.

## Tionscadal AE/ECFE chun múnla rannpháirtíochta do phobail áitiúil scoileanna a fhorbairt d'fhonn ceapadh agus cur i ngníomh beartais oideachais a neartú

Tar éis iarratas rathúil a dhéanamh ar Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil AE in 2020, lenar cuireadh le próiseas BEACONS na Comhairle Múinteoireachta, choimisiúnaigh an AE an ECFE chun taighde a dhéanamh ar mhúnlaí éagsúla de rannpháirtíocht pobal áitiúil scoileanna agus iad a dhearadh agus a phíolótú, ag díriú go háirithe ar athleasú an churaclaim agus ar an oideachas uilechuimsitheach.

Tá an Chomhairle agus roinnt comhlacht náisiúnta geallsealbhóirí ag obair le ECFE agus an Coimisiún Eorpach chun tacú leis an tionscadal. Tá sé mar chuspóir tacú le múnlaí rannpháirtíochta lena ndéantar ceapadh agus cur i ngníomh beartais oideachais a neartú in Éirinn.

Bhí na comhlachtaí náisiúnta geallsealbhóirí seo a leanas i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle san iarratas bunaidh:


- An Roinn Oideachais
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- Oifig an Ombudsman do Leanaí
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoile)

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Tionscadail chun cabhrú leis an tionscadal ar a raibh an Ard-Stiúrthóireacht um Athchóiriú Struchtúrach, ECFE, agus an Chomhairle. Foirmíodh freisin Grúpa Oibre Tionscadail agus tháinig sé le chéile ar líne faoi dhó, i mí an Mheithimh 2021 agus mí na Nollag 2021.

Tar éis tionscnamh foirmeálta an tionscadail i mí an Mheithimh 2021, tá ECFE ag gabháil d'anailís ar phróisis rannpháirtíochta i gcóras oideachais na hÉireann, lena n-áirítear samplaí de mhúnlaí rannpháirtíochta idirnáisiúnta. Chun tacú leis an anailís sin, sheol ECFE taighde lena n-áirítear ceistneoir agus roinnt grúpaí fócais geallsealbhóirí. Tá an anailís le críochnú i R3 de 2022.

Tugtar thíos céimeanna an tionscadail agus beidh treoirscéim ann lena ndéanfar sraith ócáidí rannpháirtíochta a dhearadh, a reáchtáil agus a mheas i R4 2022 agus R1 2023.

## PLEAN TIONSCNAIMH






## An Chomhairle Mhúinteoireachta a chur in aithne do mhúinteoirí faoi oiliúint na bliana deireanaí

Gach bliain, déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta rannpháirtíocht, ar dhá ócáid ar leithligh, le múinteoirí faoi oiliúint na bliana deireanaí. Tugann an Chomhairle, mar aon leis an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (NIPT), cuairt ar mhúinteoirí faoi oiliúint na bliana deireanaí chun ról agus feidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta agus próiseas Droichead do Mhúinteoirí Nuacháilithe a chur i bhfios dóibh. Tugann foireann chlárúcháin na Comhairle cuairt orthu freisin chun treoir a chur ar fáil dóibh maidir le próiseas clárúcháin ar chonair mhear na Comhairle do Mhúinteoirí Nuacháilithe.

Faraor, mar gheall ar an bpaindéim, níorbh fhéidir dul ar aghaidh leis na cuairteanna sin ar an suíomh in 2021. Ina ionad sin, d'óstaigh an Chomhairle agus an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí seimineáir ghréasáin do gach múinteoir faoi oiliúint maidir leis na hábhair sin i mí Aibreáin 2021 agus mí an Mhárta 2022. Bhí caidreamh ann idir an fhoireann agus mic léinn na bliana deireanaí roimh na seimineár gréasáin sin, trí na soláthraithe cláir, chun a gcuid ceisteanna a bhailiú agus freagraíodh iad mar chuid de na cuir i láthair. Feabhsaíodh é sin tuilleadh le cumarsáid bhreise maidir le próisis nuashonraithe chlárúcháin ar líne agus ceisteanna coitianta.

## Cumarsáid Inrochtaine

### Iniúchadh Inrochtaineachta

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta a chinntiú go mbeidh an fhaisnéis a soláthraítear ar a suíomh gréasáin chomh hinrochtana is féidir do chách de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí), 2020.

Rinneadh anailís maidir le saincheisteanna inrochtaineachta an 15 Nollaig 2021 agus baineadh úsáid as 'Uirlis Mheasúnachta um Rochtain Ghréasáin' (WAVE) chun earráidí inrochtaineachta a shainaithint. Mar thoradh ar an scanachán rochtana sin, cuireadh gach deisiú rochtana i bhfeidhm an 4 Feabhra 2022.

## An Ghaeilge

Tháinig an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi choimirce Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ar scór Ionstraim Reachtúil 230 de 2020, a tháinig i bhfeidhm an 25 Meitheamh 2020. De réir na n-oibleagáidí a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, lean an Chomhairle dá seirbhísí a sheachadadh trí mheán na Gaeilge trí shuíomh gréasáin na Comhairle agus trína chinntiú go ndéantar ríomhirisí agus foilseacháin i gcoitinne a chur ar fáil trí Ghaeilge. Freagraíodh comhfhreagras a fuarthas i nGaeilge trí Ghaeilge.



# 8 | Eagraíocht Éifeachtúil agus Éifeachtach a Fhorbairt agus a Chothabháil

**€8.16 milliún an caiteachas a rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta i mbliain airgeadais 2021, méadú €0.94 milliún i gcomparáid le 2020**



Costais níos airde foirne agus dlí ba chúis leis an méadú

## Airgeadas

€8.16 milliún an caiteachas a rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta i mbliain airgeadais 2021, méadú €0.94 milliún i gcomparáid le 2020. Costais níos airde foirne agus dlí ba chúis leis an méadú. €8.41 milliún a bhí in ioncam na Comhairle (lena n-áirítear ioncam infheistíochta agus glanioncam cíosa lúide cáin), méadú €0.43 milliún ar 2020. Go páirteach, bhain an méadú le borradh ar líon na múinteoirí ar an gclár ach tá sé inchurtha síos go príomha don mhéadú ar luach sócmhainní airgeadais. Réadaigh na sócmhainní infheistíochta a shealbhaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta toradh dearfach in 2021. Tá an Chomhairle ag leanúint de dhíriú ar chostais a bhainistiú chun a riocht airgeadais a chomhdhlúthú.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

Cumasaíodh obair chumaiscthe agus leanúnachas iomlán gnó le bonneagar TFC na Comhairle Múinteoireachta i rith na bliana. Ardtosaíocht a bhí sa tslándáil. Buaicphointe ar leith ab ea an tairseach ar líne nua agus feabhsaithe Mo Chlárú, a cuireadh i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ba chóir go bhfeabhsófaí éifeachtúlacht leis agus seirbhís níos fearr a sheachadadh do chláraithe.



## Cosaint Sonraí

Mar an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla do ghairm na múinteoireachta, leanann an Chomhairle Mhúinteoireachta d'ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le cleachtais chosanta sonraí agus tá sí dáiríre maidir lena cuid freagrachtaí i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.

Déanann an Chomhairle athbhreithniú leanúnach ar a cuid cleachtais go léir i gcás go bpróiseáltar sonraí chun comhlíonadh iomlán na reachtaíochta um chosaint sonraí agus cosaint sonraí pearsanta a chinntiú. Déantar athbhreithniú leanúnach ar Bheartas Príobháideachta na Comhairle chun a chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht agus an dea-chleachtas i seachadadh nósanna imeachta cuí maidir le cosaint sonraí. Ina theannta sin, cinntíonn an Chomhairle go bhfuil comhaontuithe láidre ar bun maidir le próiseáil sonraí le gach soláthraí a phróiseálann sonraí pearsanta.

Tar éis cibear-ionsaí i mí an Mhárta 2020, a chur isteach ar líon beag cuntas ríomhphoist, thuairiscigh an Chomhairle Mhúinteoireachta teagmhas slándála don Choimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) a chur tús le fiosrúchán maidir leis an ní ina dhiaidh sin. D'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí cinneadh críochnaitheach an 2 Nollaig 2021 agus ní dhearna an Chomhairle Mhúinteoireachta achomharc ina leith.

## An tOmbudsman

Tagann an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi shainchúram an Ombudsman agus fuarthas sé cheist le linn na bliana tuairiscithe. Tar éis an fhaisnéis a chur isteach, tarraingíodh siar / scoireadh de gach cás nó cinneadh gan seasamh leis mar thoradh.

## Saoráil Faisnéise

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2014. Fuair an Chomhairle ocht n-iarraidh Saorála Faisnéise i rith na bliana. Foilsíodh go ráithiúil gach iarraidh neamhphearsanta ar shuíomh gréasáin na Comhairle.



## Cothromaíocht Inscne i gComhaltas na Comhairle

Amhail an 27 Márta 2022, is mná 50% den Chomhairle (Bord na Comhairle Múinteoireachta) agus is fir 50% agus tá post amháin folamh. Dá bhrí sin, tagann an Chomhairle le sprioc an Rialtais go mbeidh íosmhéid ionadaíochta 40% ag gach inscne ar chomhaltas Bord Stáit.

## Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 — Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas)

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta an t-idirdhealú a dhíchur, cearta an duine a chosaint, agus comhionannas dá foireann agus d'úsáideoirí a cuid seirbhísí a chur chun cinn. Tá bearta bunaithe ag an gComhairle chun a chinntiú go ndéanfar cearta an duine agus comhionannas a bhreithniú le linn beartais, nósanna imeachta agus rannpháirtíocht le geallsealbhóirí a fhorbairt.

Tá Cód Iompair inmheánach ag an gComhairle do Chomhaltaí agus d'Fhoireann na Comhairle atá bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Ionracas
- Faisnéis
- Oibleagáidí
- Dílseacht
- Cothroime
- Timpeallacht oibre agus seachtrach
- Freagracht
- Athbhreithniú

**Luaitear sa chód go bhfuil an Chomhairle tiomanta cothroime a chur chun cinn:**

- tríd an reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus um stádas comhionann a chomhlíonadh; agus
- trí dhíriú ar an gcothroime agus ar an gcóir chomhionann gach uair a dhéileálann sí leis an bpobal.

Tá cultúr na Comhairle Múinteoireachta á mhúnlú ag na cóid sin chomh maith leis an reachtaíocht iomchuí go léir lena n-áirítear an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta,1998-2015 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000– 2018. Déanann an Chomhairle Múinteoireachta Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i gcrích le treoir ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Tá comhaltaí den Chomhairle Mhúinteoireachta a shealbhaíonn poist ainmnithe faoi oibleagáid forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 a chomhlíonadh, agus ráiteas leasanna a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i gcás go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith orthu le linn nithe de chuid na Comhairle a chomhlíonadh.

## An Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí

Forbraíodh Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí na Comhairle Múinteoireachta chun tiomantas na Comhairle a léiriú maidir le hardchaighdeáin seirbhíse a sholáthar de réir tionscnaimh arna gceadú ag an Rialtas maidir le Scoth Seirbhíse do Chustaiméirí.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glactar cur chuige dearfach san eagraíocht maidir le comhionannas. Tá beartais curtha ar bun ag an gComhairle Mhúinteoireachta lena soláthraítear roghanna don fhoireann chun a gcuid riachtanais ghairme agus phearsanta a bhaint amach, amhail deiseanna leanúnacha forbartha pearsanta, saoire staidéir, uaireanta oibre laghdaithe, agus sosanna gairme. Tá Beartas maidir le Bulaíocht agus Ciapadh agus Dínit san Áit Oibre ar bun agus é curtha in iúl don fhoireann go léir.



# Appendices



**Aguisín 1**

Ráitis Airgeadais

01



**Aguisín 2**

Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

02



**Aguisín 3**

Coistí agus Painéil

03



**Aguisín 4**

Caiteachais Chomhaltaí na Comhairle 2021

04

# Appendix 1

## An Chomhairle Mhúinteoireachta
## The Teaching Council

Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

### Cathaoirleach:

Seán McMahon

### Leas-Chathaoirleac:

Noelle Moran

### Comhaltaí na Comhairle:

Asiya Al-Tawash
Sinead Brett
Geoffrey Browne
Kathleen Burke
Noel Cronin
Catherine Cross
Mary Curley
Michael Delargey
Charles Dolan
Brendan Doody
Catherine Doolan
Niall Duddy
John Holian
Anne Howard
Rosena Jordan
Michelle Keane
Mary Kelly
David Leahy
Gerry Leydon
Dr. Anthony Malone
Claire Markey
Peter McCabe
An tOll. Marie McLoughlin
(d'éirigh as oifig an 11 Deireadh Fómhair 2021)
Paul Moroney
Catherine Moynihan
Anne Mulcahy
Dr. Melanie Ní Dhuinn
Seán Ó Dubhlaing
Deirdre O'Connor
Ciaran James O'Donnell
Séamus Ó Fearraigh
Seán O'Neill
Eamonn Shaughnessy
Tracie Tobin

**Iniúchóirí**

Crowleys DFK Unlimited Company
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Inniúchóirí Reachtúla
16/17 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

**Seoladh Gnó**

Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Baincéirí**

Banc na hÉireann
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Aturnaetha**

Fieldfisher Ireland
Áras Chéipil
Mainistir Mhuire
Baile Átha Cliath 7

**Contents**


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoin Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle | 50-54 |
| Ráiteas faoin Rialáil Inmheánach | 55-57 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 58-60 |
| An Cuntas Ioncaim & Caiteachais | 61 |
| An Clár Comhardaithe | 62 |
| Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid | 63 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 64-71 |

## Cúrsaí Rialachais

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in alt 7 den Acht. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Oideachais agus freagrach as rialachas maith a chinntiú. Cuirtear sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéise a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna ar fad a thagann chun cinn. Ar an Stiúrthóir agus ar an lucht bainistíochta sinsearach atá cúram maidir le bainistíocht, rialáil agus stiúir na Comhairle Múinteoireachta ó lá go lá. Ní mór don Stiúrthóir agus don lucht bainistíochta sinsearach an stiúir straitéise arna leagan amach ag an gComhairle a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Chomhairle ar na bearta agus ar na cinntí príomhthábhachta a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon réimse suntasach baoil is dócha a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar phearsa idirchaidrimh díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta.

## Réimsí Freagrachta na Comhairle

Leagtar amach a bhfuil de dhualgas agus de fhreagracht ar an gComhairle i gCód Cleachtais na heagraíochta agus luaitear go sonrach ann chomh maith na nithe forchoimeádta sin ar faoin gComhairle amháin cinneadh a dhéanamh ina leith. Áirítear ar na buanréimsí cláir a thagann faoi mheas na Comhairle:

- Dearbhú leasa
- Miontuairiscí na gcruinnithe roimh ré a aontú
- Tuairisc an Stiúrthóra
- Tuairiscí a fháil ó na coistí, ábhar na dtuairiscí a mheas agus cinneadh a dhéanamh de réir mar is cuí sin
- Gnóthaí forchoimeádta

Tá dlite ar an gComhairle, faoi Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001, gnáthchuntais agus taifid chuí a choinneáil maidir le hairgead a fhaightear agus a chaitear le maoin, sócmhainní agus dliteanais uile na Comhairle.

Tá ceangailte ar an gComhairle, i ndáil leis na ráitis airgeadais sin a ullmhú:

- Polasaithe cuntasaíochta atá oiriúnach a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta leanúnach
- Stuaim agus réasún a bheith le gach breithiúnas agus meastachán a dhéantar
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nár chuí a cheapadh go leanfaidh an eagraíocht i mbun gnó
- A lua an ndearnadh de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá le cur i bhfeidhm, taobh amuigh d'aon chás ina n-imítear ón ngnáthnós a luaitear go sonrach agus a mhínítear sna ráitis airgeadais féin

Tá an Chomhairle freagrach as taifid fhónta cuntasaíochta a choinneáil lena nochtaítear go réasúnta cruinn tráth ar bith riocht airgeadais na Comhairle agus a chuireann ar chumas na Comhairle a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais faoi mar a éilítear faoi Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Leagtar de fhreagracht ar an gComhairle an fhaisnéis corparáide agus an fhaisnéis airgeadais ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta a choinneáil agus iomláine na faisnéise sin a chinntiú.

Tá an Chomhairle freagrach as an mbuiséad bliantúil a aontú.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as caomhnú na sócmhainní agus dá réir sin as bearta réasúnta a dhéanamh maidir le calaois nó mírialtacht eile a chosc agus a thabhairt chun aire.

Is é tuairim na Comhairle gur léiriú cruinn cothrom na ráitis airgeadais ar thorthaí airgeadais agus ar riocht airgeadais na Comhairle Múinteoireachta ar an 31 Nollaig 2021.

## Struchtúr na Comha

37 comhalta deonach atá ar an gComhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile (naonúr arna dtoghadh agus beirt arna n-ainmniú ag aontas na múinteoirí)
- Aon mhúinteoir déag iarbhunscolaíochta (seachtar arna dtoghadh agus ceathrar arna n-ainmniú ag ceardchumainn na múinteoirí)
- Beirt arna n-ainmniú ag coláistí oideachais
- Beirt arna n-ainmniú ag comhlachtaí sonraithe tríú leibhéal
- Ceathrar arna n-ainmniú ag lucht bainistíochta na scoileanna (beirt maidir le bunscoileanna agus beirt maidir le scoileanna iar-bhunoideachais)
- Beirt arna n-ainmniú ag cumainn na dtuismitheoirí (duine maidir le bunscoileanna agus duine maidir le scoileanna iar-bhunoideachais) agus




- Cúigear arna n-ainmniú ag an Aire Oideachais agus Scileanna (ar a n-áirítear duine a dhéanann ionadaíocht thar ceann CGFE agus duine a dhéanann ionadaíocht thar ceann CNC)

Ar feadh téarma ceithre bliana a cheaptar comhaltaí ar an gComhairle. Tá mionsonraí faoin gComhairle faoi láthair ar fáil faoin teideal Faisnéis faoin gComhairle ag tús na ráitis airgeadais.

Tá Coistí agus Painéil mar seo a leanas curtha ar bun ag an gComhairle::

- An Coiste Feidhmiúcháin - fónann d'fheidhmiú éifeachtach críochnúil na Comhairle trí ghnó na Comhairle a dhéanamh ó chruinniú Comhairle go chéile.
- An Coiste Imscrúdúcháin - Is féidir le duine ar bith iarratas chur faoi bhráid an Choiste seo ag éileamh go ndéanfaí fiosrú maidir le feidhmiúlacht aon mhúinteoir cláraithe ar bith a bheith i mbun múinteoireachta.
- An Coiste Araíonachta - Seolann painéal de chuid an Choiste Araíonachta éisteacht faoi aon ghearán a chuireann an Coiste Imscrúdúcháin faoina bhráid.
- An Coiste Clárúcháin - cuireann an coiste seo comhairle ar an gComhairle agus cuireann moltaí ar aghaidh faoi na réimsí ar fad a bhaineann le múinteoirí a chlárú.
- An Coiste Oideachais - tá de fhreagracht ar an gcoiste seo moltaí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle maidir le buanleanúnachas na hoiliúna ar mhúinteoirí.
- An Coiste Airgeadais – déanann maoirseacht maidir le gnóthaí airgeadais na Comhairle.
- An Coiste Iniúchóireachta agus Priacail – déanann an coiste seo monatóireacht ar an gcóras rialála inmheánach agus bainistíocht maidir le réimsí baoil san eagraíocht.
- An Grúpa Athbhreithnithe maidir le Cúrsaí Clárúcháin - In ainm an Ghrúpa Athbhreithnithe maidir le Cúrsaí Clárúcháin a thionóltar an Coiste Clárúcháin sa chás go dtarlaíonn múinteoir míshásta leis an mbreith a thugann painéal agus go n-iarrann an múinteoir sin athbhreithniú ar an gcéad bhreith.
- An Painéal Clárúcháin - tá an painéal seo freagrach as measúnacht a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le múinteoirí a chlárú, mar shampla síneadh téarma a cheadú do dhaoine a bhfuil coinníoll leis an gclárúchán ina leith.
- An Painéal maidir le Teist ar Charachtar - déanann an painéal seo an teist ar dhea-chlú iarratasóirí a mheas nuair a chuireann siad iarratas isteach go ndéanfaí iad a chlárú ina múinteoirí leis an gComhairle. Tá de fhreagracht ar an bPainéal freisin measúnacht a dhéanamh, mar chuid den phróiseas i ndáil le hathnuachan clárúcháin, maidir le daoine a bheith cuí oiriúnach.
- Painéal na gCáilíochta - déanann an painéal seo cáilíochtaí gairmiúla na n-iarratasóirí a mheas a iarrann go gclárófaí ina múinteoirí iad.

**Nochtadh atá dlite faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá de fhreagracht ar an gComhairle a chinntiú go gcomhlíontar na coinníollacha Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"). Éilítear nochtadh maidir leis na nithe seo a leanas faoin gCód:

## Costas Comhairleoireachta

Áirítear le costas comhairleoireachta an costas a ghabhann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní thugtar san áireamh feidhmeanna "gnó mar is gnách" a dhéantar a sholáthar go seachtrach.

**Costas Comhairleoireachta**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhairle Dlí | 157,729 | 180,223 |
| Riarachán Pinsean | 13,250 | 9,102 |
| Cosaint Sonraí | 3,625 | 17,538 |
| Cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta | 6,642 | 484 |
| Rialáil inmheánach & iniúchadh inmheánach | 24,785 | 7,865 |
| Cumarsáid | 39,567 | 35,233 |
| TEC | 24,269 | 13,767 |
| Acmhainní Daonna | 26,477 | - |
| Pleanáil Straitéise | 19,284 | - |
| Soláthar | 5,541 | - |
| | **321,169** | **264,212** |

**Costas eile Dlí**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas Dlí – Clárú | 111,405 | 144,381 |
| Costas Dlí – Caighdeáin Ghairmiúla | 785,511 | 439,765 |
| | **896,916** | **584,146** |

**Caiteachas maidir le Taisteal & Cothabháil**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **In Éirinn** | | |
| – Comhaltaí na Comhairle | 47,717 | 41,450 |
| – Baill Foirne | 6,690 | 15,476 |
| | | |
| **Thar lear** | | |
| – Comhaltaí na Comhairle | - | - |
| – Baill Foirne | - | 194 |
| | **54,407** | **57,120** |

**Caiteachas Aíochta**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Leas na Foirne | 940 | 5,092 |

## Ráiteas faoi chúrsaí Comhlíontais

Tá an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016) glactha chuige féin ag an gComhairle. Thug an Chomhairle faoi anailís easnaimh i rith na bliana 2017 chun na réimsí sin ar ghá díriú orthu a thabhairt chun suntais. Tugadh aghaidh ar a bhformhór i rith na bliana 2021. Le nithe maidir leis an tSeirbhís don Chustaiméir a bhaineann fuílleach na hoibre ina leith sin.

## Cora nua san am atá romhainn

Tá leagtha amach ag an gComhairle leanúint den bheartaíocht atá ar siúl faoi láthair.

## Taifid Cuntasaíochta

Tá an Chomhairle freagrach faoi Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 as leabhair chuí chuntais a choimeád lena dtugtar eolas réasúnta cruinn tráth ar bith riocht airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chaomhnú agus, dá réir sin, as bearta cuí a chur i bhfeidhm d'fhonn calaois nó mírialtacht eile a bhrath agus a sheachaint. I gCampas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara, a dhéantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a choinneáil.

## Na hIniúchóirí

Tá curtha in iúl ag na hiniúchóirí, Crowleys DFK Unlimited Company (Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil) go bhfuiltear toilteanach leanúint i mbun na hiniúchóirechta.

## Gnóthas Leantach

Tá comhaltaí buiséid agus réamh-mheastachán maidir leis an sreabhadh airgid ullmhaithe ag comhaltaí na comhairle ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad dháta cheadú na ráiteas airgeadais agus léirítear leo sin nach mbaineann aon éiginnteacht ábhartha le hacmhainn na heagraíochta dliteanais a shásamh de réir mar a bhíonn siad dlite agus leanúint i mbun gnó mar ghnóthas leantach. Ar an mbunús sin, measann comhaltaí na Comhairle gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartú maidir le suimeanna glanluacha ná leis an rangú ar shócmhainní agus ar dhliteanais mar a d'fhéadfadh a theacht i gceist sa chás nach mb'acmhainn don eagraíocht leanúint ar aghaidh ina gnóthas leantach.


## Teagmhais tar éis dháta an Chláir Chomhardaithe

Níor tharla teagmhas ar bith tar éis dheireadh na bliana a mbeadh cur isteach uaidh ar na ráitis airgeadais ná ar na nótaí leis na ráitis airgeadais nó ar ghá é a lua sna ráitis airgeadais ná sna nótaí leis na ráitis airgeadais.

## Ráiteas faoi Fhaisnéis a bhaineann le hÁbhar maidir leis an Iniúchóireacht


Níl aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar maidir leis an iniúchóireacht nach bhfuil na hiniúchóirí reachtúla ar an eolas faoi. Rinne comhaltaí na comhairle gach beart is ceart dóibh a dhéanamh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar maidir leis an iniúchóireacht agus tá deimhnithe acu go bhfuil na hiniúchóirí reachtúla ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Thar ceann na Comhairle



**Michelle Keane**
Cathaoirleach

**Dáta: 4 Lúil 2022**



**Phil Fox**
Stiúrthóir Gníomhach



# Ráiteas faoin Rialáil Inmheánach

## Réimse Freagrachta

Thar ceann chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta, admhaítear go bhfuil de fhreagracht orainn a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil maidir le rialáil inmheánach a chur ar bun agus a oibriú.

## An Chuspóir atá leis an gCóras Rialála Inmheánach

Leagtar amach an córas rialála inmheánach d'fhonn bainistíocht ar leibhéal inghlactha a dhéanamh ar réimsí baoil seachas an baol a chur ar neamhní ar fad. Deimhniú réasúnta dá bhrí sin, seachas deimhniú lánchuimsitheach, is féidir a chur ar fáil leis an gcóras go bhfuil sócmhainní á gcumhdach, go dtugtar údarás le hidirbhearta agus go ndéantar tuairisc chuí a choinneáil orthu, agus go ndéantar earráid nó mírialtacht a chosc nó a thabhairt chun aire go tráthúil.

Bhí an córas rialála inmheánach, atá ag teacht leis an Treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus anall go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais.

## An Acmhainn Déileáil le hÁbhar Baoil

I rith na bliana 2021, bhí Coiste Iniúchóireachta agus Priacail ar bun ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar a raibh cúigear comhalta de chuid na Comhairle agus beirt chomhaltaí neamhspleácha arna gceapadh ón taobh amuigh. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana 2021.

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta an fheidhm maidir leis an iniúchadh inmheánach a fhostú ón taobh amuigh, cuirtear acmhainní leordhóthanacha ar fáil ina leith sin agus reáchtáiltear clár oibre a aontaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Priacail.

Tá Polasaí Bainistíochta maidir le Réimsí Baoil tugtha chun cinn ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Priacail ina leagtar síos an leibhéal baoil a bhfuil glacadh leis, na próisis bainistíochta atá ar bun maidir le hábhar baoil agus mionsonrú maidir lena leagtar de ról agus de fhreagracht ar bhaill foirne maidir le réimsí baoil.

## Creat na Réimsí Baoil agus an Córas Rialála

Tá córas bainistíochta maidir le hábhar baoil curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Múinteoireachta trína ndéantar na príomhréimsí baoil a shonrú agus cuntas a thabhairt orthu sin agus ar na bearta atá á ndéanamh ar mhaithe le bainistíocht agus, a oiread agus is féidir sin, maolú orthu.

Tá clár réimsí baoil ar bun ina sonraítear na príomhréimsí baoil atá roimh an gComhairle Múinteoireachta. Déantar gach ábhar baoil a shonrú, a mheas agus a rangú de réir an díol suntais a bhainfeadh leo. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Priacail athbhreithniú agus leasú ar an gclár go tráthrialta. Baintear úsáid as toradh na measúnachta sin don phleanáil maidir lena chinntiú go ndéantar bainistíocht ar na réimsí baoil go mbíonn ar leibhéal inghlactha agus maidir le hacmhainní a chur ina leith sin.

Leagtar amach go mion i gclár na réimsí baoil na bearta rialála agus na gníomhartha is gá chun ábhar baoil a mhaolú. Dearbhaím go bhfuil réimeas rialála ar bun lena mbaineann na gnéithe seo a leanas:

- Tá tuairisc ar an ngnás oibre maidir le gach ceann de na próisis príomhthábhachta gnó
- Leagtar cúram airgeadais, agus freagracht dá réir, ar gach leibhéal bainistíochta
- Tá córas cuimsitheacht pleanála agus buiséid i bhfeidhm agus déantar athbreithniú gach mí ar phatrúin caiteachais
- Tá gnás oibre leagtha síos maidir leis an tionchar a bheadh ag réimsí mórbhaoil gnó ar ghnóthaí airgeadais, lena n-áirítear treoracha maidir le cúrsaí airgeadais, nótaí faoi ghnáis oibre, gnáis tarmligin, mar shampla teorainneacha údaráis arna n-aontú ag an gComhairle agus idirdhealú dualgais maidir le híocaíocht a phróiseáil agus a cheadú
- Tá córais i bhfeidhm maidir le sócmhainní inláimhsithe a chumhdach agus le córais theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a choinneáil slán

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá gnás foirmeálta oibre ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialála agus déantar aon easnamh maidir le cúrsaí rialála a chur in iúl go tráthúil don té atá freagrach as beart coigeartaithe a dhéanamh ina leith agus don lucht bainistíochta agus don Chomhairle de réir mar is cuí. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo i bhfeidhm:

- Tá na príomhréimsí baoil agus na bearta rialála ina leith tugtha chun suntais agus próisis curtha ar bun ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhbhearta rialála sin agus le tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a thugtar chun aire
- Tá socruithe tuairiscíochta ar bun ar na leibhéil bainistíochta ar fad de réir mar a leagtar cúram bainistíochta maidir le gnóthaí airgeadais agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú go tráthrialta ar na tuairiscí míosúla agus bliantúla ar chúrsaí feidhmíochta agus airgeadais ina ndéantar comparáid idir an ghnóthachtáil agus an buiséad

## Soláthar

Deimhním go bhfuil gnáis oibre ar bun ag an gComhairle Mhúinteoireachta d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le gnóthaí soláthair agus go ndearna an Chomhairle Mhúinteoireachta i rith na bliana 2021 cloí leis na gnáis ach amháin sna cásanna eisceachta seo a leanas:

- Bhain an Chomhairle úsáid as eagraíocht maidir le cóitseáil lucht feidhmiúcháin gan próiseas tairisceana a eagrú ina leith sin ó tharla gur braitheadh go raibh gnéithe faoi leith ag baint le hobair na heagraíochta áirithe seo. €16k an caiteachas a bhí i gceist sa bhliain 2021.
- Bhain an Chomhairle úsáid as lucht foirne gníomhaireachtaí, arna n-earcú de phainéal trí cinn de ghníomhaireachtaí, chun easpa acmhainní gearrsealadacha a chúiteamh. Níor eagraíodh aon phróiseas soláthair maidir leis an bpainéal trí cinn de ghníomhaireachtaí a chur ar bun. Cuireadh tús i rith R2 2021 le próiseas tairisceana d'fhonn painéal nua gníomhaireachtaí a chur le chéile agus tugadh sin chun críche i rith R4 2021 ar dhá ghníomhaireacht a cheapadh sa Chreatchóras. Luach timpeall is €135k a bhí leis na n-íocaíochtaí a rinneadh leis na gníomhaireachtaí i rith na bliana 2021, sular cuireadh an creatchóras sin ar bun.
- Bhí roinnt blianta caite ó fostaíodh cuideachta chun teachtaireachtaí meabhrúcháin a scaipeadh ar an ríomhphost chuig na múinteoirí cláraithe. Rinneadh leathnú ar an tseirbhís, ionas gur tugadh ríomhirisí a scaipeadh faoina scáth, gan próiseas tairisceana a eagrú, ós é a bhí leagtha amach sin a dhéanamh nuair a bheadh an Bunachar Sonraí Clárúcháin nua á fhorbairt. Eagraíodh próiseas tairisceana i dtús na bliana 2020 agus tháinig an conradh nua i bhfeidhm an tráth ar seoladh an Bunachar Sonraí nua i mí Deireadh Fómhair 2021. Luach €95k a bhí leis an gcaiteachas i rith na bliana 2021.

## Sárú maidir le Cosaint Sonraí

I dtús na bliana 2020, tugadh cibearionsaí faoin gComhairle a raibh de thoradh air gur tharla sárú maidir le cosaint sonraí. Tugadh tuairisc ina leith sin d'oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Ar imscrúdú a dhéanamh don Choimisinéir um Chosaint Sonraí, gearradh fíneáil €60,000 ar an gComhairle i mí na Nollag 2021.

Déantar soláthar don fhíneáil sna ráitis airgeadais seo. Tá obair shuntasach déanta ag an gComhairle freisin d'fhonn treisiú leis na bearta slándála i ndáil le TE agus na moltaí uile a luaitear sa tuarascáil ón gCoimisinéir um Chosaint Sonraí a chur i bhfeidhm.



## Ábhar Baoil maidir le Covid-19/Cianobair

I mí Márta 2020, chuir an lucht bainistíochta sinsearach grúpa stiúrtha Covid-19 ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar Covid-19 ar an eagraíocht agus bainistíocht a dhéanamh ina leith.

Leagadh pleananna amach d'fhonn fónamh do chianobair á déanamh ag an uile dhuine de na fostaithe an tráth céanna a mbeifí deimhin de go leanfadh na córais TEC agus na bearta rialála inmheánacha ag oibriú go héifeachtúil agus go maolófaí ábhar baoil maidir le calaois nó earráid. D'fhonn an t-ábhar baoil a mhaolú a ghabh le cianobair maidir le cúrsaí TEC, chuir an brainse TEC oiliúint leanúnach agus treoir ar fáil maidir le cúrsaí cibearshlándála agus réimsí baoil ina leith agus treisíodh leis na bearta slándála maidir leis an infreastruchtúr TE.

Choinnigh an Roinn Airgeadais cuntas ar na bearta airgeadais ar fad i rith na bliana airgeadais agus rinneadh a bpróiseáil gan aon chur isteach. Leanadh de shíniúchán sainordaithe a éileamh le hidirbhearta airgeadais maidir le húdarás a thabhairt leo agus ní raibh deis ag aon duine ceangal le córais airgeadais ná baincéireachta na heagraíochta ach amháin acu siúd atá údaraithe chuige sin. Tá an lucht bainistíochta cinnte, ainneoin ar tháinig de dheacrachtaí chun cinn leis an bpaindéim, gur leanadh de na bearta rialála agus de na gnáis oibre ar fad maidir le gnóthaí airgeadais a fheidhmiú go héifeachtúil ar feadh na bliana airgeadais.

## Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil gnáis oibre ar bun ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ngnás bainistíochta agus rialála i ndáil le hábhar baoil. Tagann an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta ar éifeachtúla an chórais maidir le rialáil airgeadais inmheánach faoi anáil obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na n-iniúchóirí seachtracha, faoi anáil an Choiste Iniúchóireachta agus Priacail a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus faoi anáil an lucht bainistíochta sinsearach sa Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as an gcreat rialála inmheánach maidir le gnóthaí airgeadais a thabhairt chun cinn agus a choinneáil ar bun.

Dearbhaím gur eagraigh an Chomhairle athbhreithniú bliantúil maidir le críochnúlacht na mbearta rialála inmheánacha i ndáil leis an mbliain 2021.

## Saincheisteanna maidir leis an Rialáil Inmheánach

Níor tugadh aon laige suntasach maidir leis an rialáil inmheánach chun suntais i ndáil leis an mbliain 2021 a mbeadh ceangailte a chur in iúl sna ráitis airgeadais.

## Thar ceann na Comhairle

**Michelle Keane**
Cathaoirleach

**Dáta: 4 Lúil 2022**

# Tuarascáil faoi iniúchadh na ráiteas airgeadais

## An Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 lena n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid agus na Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ina leagtar amach achoimre ar na polasaithe cuntasaíochta is suntasaí faoi nóta 1. Dlí na hÉireann agus FRS 102 "na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" an creatchóras maidir le tuairiscíocht airgeadais a cuireadh i bhfeidhm maidir le hullmhú na ráiteas.

Is é tuairim na n-iniúchóirí maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíor cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar riocht airgeadais na heagraíochta faoi mar a bhí ar an 31 Nollaig 2021 agus ar bharrachas na bliana dar chríoch an dáta sin;
- go ndearnadh a n-ullmhú go cuí i gcomhréir le FRS 102 "na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann"; agus
- go ndearnadh a n-ullmhú go cuí i gcomhréir le forálacha Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001.

## Bunús na Tuairime

Rinneadh an iniúchóireacht i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus leis an dlí is infheidhme. Tugtar cuntas níos leitheadaí thíos ar a leagtar de fhreagracht ar na hiniúchóirí faoi na caighdeáin sin sa chuid den tuarascáil faoi Fhreagrachtaí na nIniúchóirí maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Tá na hiniúchóirí neamhspleách ar an gComhairle de réir na gcoinníollacha eitice a bhaineann le hiniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear, an Caighdeán Eitice arna eisiúint an ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta in Éirinn (IAASA), agus rinneadh gach freagracht eile atá orainn de réir eitice a chomhlíonadh i gcomhréir leis na coinníollacha sin. Táthar den tuairim gur leordhóthanach agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a bhí ar fáil go bhfuil bunús leis an tuairim a thugtar.

## Breith maidir le Gnóthas Leantach

Ar iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, thángthas ar an mbreith gur cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh le hullmhú na ráiteas airgeadais faoi mar atá déanta ag comhaltaí na comhairle.

Níor sonraíodh, bunaithe ar an obair a rinneamar, aon éiginnteacht ábhartha maidir le teagmhas ná cúinse, ná le teagmhais nó cúinsí ar a n-áireamh le chéile, a bheadh ina gcúis le hamhras suntasach ar acmhainn na comhairle leanúint i mbun gnó ar bhonn gnóthais leantaigh go ceann dhá mhí dhéag ar a laghad ón tráth a n-údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint.

Tugtar cuntas sna codanna cuí den tuarascáil seo ar a bhfuil de fhreagracht ar na hiniúchóirí agus ar a bhfuil de fhreagracht ar chomhaltaí na comhairle maidir le gnóthas leantach.

## Eolas Eile

Comhaltaí na comhairle atá freagrach as an eolas eile. Is é atá san eolas eile an fhaisnéis sa bhreis ar na ráitis airgeadais, agus ar Thuarascáil na nIniúchóirí ina leith sin, a luaitear sa tuarascáil bhliantúil. Ní bhaineann tuairim na n-iniúchóirí faoi na ráitis airgeadais leis an eolas breise sin agus, taobh amuigh dá luaitear go sainráite i dtuarascáil na n-iniúchóirí, ní chuirtear aon bhreith ná dearbhú de chineál ar bith in iúl ina leith.

I ndáil leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é atá de fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, lena linn sin, a mheas an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile ar míréir leis na ráitis airgeadais nó lena bhfuil ar eolas againn ón obair iniúchóireachta, nó an dóigh go bhfuil míluа ar an eolas eile ar bhealach seachas sin. Sa chás go dtugtar míréir nó cosúlacht míráitis chun aire, tá ceangailte ar na hiniúchóirí a dheimhniú an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha san eolas eile. Sa chás, arna bhunú ar an obair iniúchóireachta, go dtagtar ar an gcomhairle go mbaineann mílua leis an eolas breise, tá ceangailte orainn sin a chur in iúl sa tuarascáil. Níl aon tuairisc ar a leithéid le tabhairt againn sa chás seo.

## Nithe nach mór tuairisc eisceachta a thabhairt ina leith

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an gcomhairle agus an timpeallacht oibre a gnóthaíodh le linn na hiniúchóireachta, ní thugtar aon mhíráiteas ábhartha chun suntais sa Ráiteas faoin Rialachas ná i dTuairisc Chomhaltaí na Comhairle.

## Freagrachtaí faoi Seach

**A bhfuil de fhreagracht ar chomhaltaí na comhairle maidir leis na ráitis airgeadais**

Mar a mhínítear níos mine sa Ráiteas faoin Rialachas agus i dTuairisc Chomhaltaí na Comhairle, tá comhaltaí na comhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith cinnte gur léargas fíor agus cothrom a thugtar leo, agus as rialáil inmheánach ar an leibhéal a dheimhníonn siad a bheith cuí ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá de fhreagracht ar chomhaltaí na comhairle a mheas an acmhainn don chomhairle leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach agus, de réir mar is cuí, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus le húsáid as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a nochtadh mura bhfuil sé i gceist ag an lucht bainistíochta an chomhairle a leachtú nó deireadh a chur leis an ngnó nó nach bhfuil aon rogha dáiríre ach sin a dhéanamh.

## A bhfuil de fhreagracht ar na hiniúchóirí maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is é a bhíonn d'aidhm againn teacht ar chinnteacht réasúnta faoi na ráitis airgeadais maidir le cibé an bhfuil siad tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar earráid agus Tuarascáil Iniúchóra a eisiúint ina dtugtar an tuairim i leith na ráiteas airgeadais. Is dearbhú ardleibhéil dearbhú réasúnta ach ní hionann é agus barántas go dtabharfar chun suntais i ngach cás, le hiniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin ISA (Éire), míráiteas ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míráiteas eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar gur ábhartha míráiteas ann féin nó míráitis ar a n-áireamh in éineacht, sa chás gur féidir a mheas le réasún go mbeadh tionchar ar chinneadh eacnamaíochta a dhéanfadh duine de lucht úsáide na ráiteas airgeadais bunaithe ar na ráitis.

## An chuspóir atá leis an obair iniúchóireachta agus an dream a bhfuil na hiniúchóirí freagrach dóibh

Do chomhaltaí na comhairle amháin, in ainm comhlachta, a thugtar tuairisc i gcomhréir le hAlt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Tugadh faoin obair iniúchóireachta sa chaoi is gur féidir na nithe sin a chur in iúl do chomhaltaí na comhairle atá dlite orainn a lua i dTuarascáil na nIniúchóirí agus chun na críche sin amháin. A mhéad a cheadaítear faoin dlí, ní ghlactar freagracht ar bith i leith aon duine ná dream seachas an chomhairle agus comhaltaí na comhairle, in ainm comhlachta, i ndáil leis an obair iniúchóireachta, leis an tuarascáil seo ná leis na tuairimí ar ar thángthas.

**Natalie Kelly**

ar son agus thar ceann
Crowleys DFK Unlimited Company
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
16/17 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

**Dáta: 4 Lúil 2022**

# Aguisín le Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

## Eolas breise maidir le scóip na bhfreagrachtaí a leagtar ar na hiniúchóirí

Mar chuid de bheart iniúchóireachta i gcomhréir leis na Caighdeáin ISA (Éire), cleachtaítear breithiúnas gairmiúil agus amhras gairmiúil ó thús go deireadh na hoibre. Déantar chomh maith:

- An baol maidir le mílua sna ráitis airgeadais, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, a shonrú agus a mheas, gnás iniúchóireachta i ndáil le baol den sórt sin a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, agus faisnéis iniúchóireachta a aimsiú atá leordhóthanach agus oiriúnach go mbíonn bunús leis an tuairim iniúchóireachta. Is mó an baol nach dtabharfaí chun suntais mílua ábhartha mar gheall ar chalaois ná mílua mar gheall ar earráid, ó tharla go bhféadfadh claonpháirtíocht, góchumadh, mainneachtain tuairiscíochta d'aon ghnó, mífhaisnéis nó bearta rialála inmheánacha a shárú a bheith i gceist le calaois.
- Tuiscint a fháil ar an rialáil inmheánach de réir mar a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta ionas go leagtar amach gnás iniúchóireachta atá oiriúnach do chúinsí an cháis, ach ní dhéantar seo chun críche tuairim a chur in iúl faoi éifeachtúlacht chóras rialála inmheánach na heagraíochta.
- Oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta atá i bhfeidhm, chomh maith le réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nithe gaolmhara eile arna nochtadh ag comhaltaí na Comhairle, a mheas.
- Breith a thabhairt faoina oiriúnaí atá úsáid chomhaltaí na Comhairle as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a aimsíodh, cibé an mbaineann éiginnteacht ábhartha le teagmhais nó le cúinsí sa chaoi is go mbeadh amhras suntasach ar acmhainn na heagraíochta leanúint i mbun gnó mar ghnóthas leantach. Sa chás go dtagtar ar an mbreith go bhfuil ábhar éiginnteachta ann, dlitear aird a tharraingt i dTuarascáil na nIniúchóirí ar na nithe gaolmhara a luaitear sna ráitis airgeadais nó, sa chás nach leor an nochtadh ina leith sin, tuairim na n-iniúchóirí a leasú. Tá breith na n-iniúchóirí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a aimsíodh anall go dtí dáta Thuarascáil na nIniúchóirí. D'fhéadfadh, ina ainneoin sin, go dtabharfadh teagmhais nó cúinsí san am atá romhainn ar an eagraíocht scor de leanúint i mbun gnó mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, leagan amach agus ábhar na ráiteas airgeadais a mheas go forghinearálta, an nochtadh san áireamh chomh maith leis an léiriú sna ráitis airgeadais ar na hidirbhearta agus na teagmhais is bun leo agus a chothroime atá an léargas sin.

Bíonn caidreamh againn leo siúd ar a leagtar cúram rialachais i ndáil le pleanáil ar scóip na hiniúchóireachta, an tráth a ndéantar an iniúchóireacht agus torthaí suntasacha na hiniúchóireachta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach maidir leis an rialáil inmheánach a thugtar chun suntais i mbun na hiniúchóireachta dúinn.

# Income and Expenditure Account for the year ended 31 December 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam Nótaí** | **Nótaí** | | |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnachta | | 7,553,822 | 7,475,337 |
| **Ioncam Iomlán** | 2 | 7,553,822 | 7,475,337 |
| **Caiteachas** | | | |
| Cóiríocht | | (156,113) | (106,465) |
| Costas Foirne | | (4,860,376) | (4,340,529) |
| Caighdeáin Gairmiúlachta | | (853,301) | (473,578) |
| Costas eile Riaracháin | | (754,647) | (810,039) |
| Costas Cruinnithe | | (93,064) | (59,801) |
| Costas Clárúcháin | | (197,912) | (131,430) |
| Teicneolaíocht an Eolais | | (310,833) | (279,463) |
| Cumarsáid, Oideachas & Taighde | 7 | (608,253) | (711,313) |
| Dímheas | | (329,905) | (309,933) |
| **Caiteachas Iomlán** | | **(8,164,404)** | **(7,222,551)** |
| **(Easnamh)/Barrachas ón nGnáthbheartaíocht Gnó** | | **(610,582)** | **252,786** |
| Fáltas ó Éileamh Árachais | | - | 47,450 |
| Ioncam Infheistíochta | | 92,891 | 103,419 |
| Gluaiseacht de réir Luach Cóir maidir le Sócmhainní Airgeadais | | 592,896 | 170,208 |
| Ioncam Cíosa | | 211,306 | 211,306 |
| Bainistíocht Áitribh | | (36,854) | (26,967) |
| **Barrachas roimh Chánachas** | 3 | **249,657** | **758,202** |
| Cánachas | 6 | - | - |
| **Barrachas tar éis cánachais** | | **249,657** | **758,202** |

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta le háireamh ach amháin toradh na dtréimhsí airgeadais thuasluaite. Is ó ghnóthaí oibriúcháin leantacha amháin a gnóthaíodh toradh na bliana.

Is cuid dílis de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 64 - 71.

D'aontaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 4 Lúil 2022 agus rinne siad seo a leanas iad a shíniú thar ceann na Comhairle:

Michelle Keane

**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**

Phil Fox


**Phil Fox**
**Stiúrthóir Gníomhach**

# An Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2021


| | | 2021 | | 2020 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 7 | | 4,722,874 | | 4,499,386 |
| Sócmhainní Airgeadais | 8 | | 13,311,318 | | 12,625,531 |
| | | | **18,034,192** | | **17,124,917** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí | 9 | 11,466 | | 61,582 | |
| Airgead agus Coibhéis Airgid | | 840,034 | | 1,383,091 | |
| | | **851,500** | | **1,444,673** | |
| **Dliteanais Reatha: Suimeanna atá dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin** | 10 | **(471,522)** | | **(405,077)** | |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | | **379,978** | | **1,039,596** |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | | **18,414,170** | | **18,164,513** |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ainmnithe | 11 | - | 4,000,000 | | 4,000,000 |
| Cúlchistí Ginearálta | 11 | | 14,414,170 | | 14,164,513 |
| **Iomlán na gCistí** | | | **18,414,170** | | **18,164,513** |

Is cuid dílis de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 64 - 71.

D'aontaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 4 Lúil 2022 agus rinne siad seo a leanas iad a shíniú thar ceann na Comhairle:



**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**




**Phil Fox**
**Stiúrthóir Gníomhach**




# Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€** | **€** |
| **Réiteach idir easnamh oibriúcháin agus sreabhadh glan Airgid ó bhearta oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin (roimh ús a fuarthas agus cáin) | | 249,657 | 758,202 |
| Dímheas | 3 | 329,905 | 309,933 |
| Ísliú/ (Ardú) maidir le féichiúnaithe | 9 | 50,116 | (8,780) |
| Ardú maidir le creidiúnaithe | 10 | 66,445 | 156,898 |
| **Sreabhadh glan airgid ó bhearta oibriúcháin** | | **696,123** | **1,216,253** |
| **Sreabhadh Airgid ó Bhearta Infheistíochta** | | | |
| Ús a fuarthas | | - | - |
| Ioncam ón bpunann infheistíochta | 13 | (92,891) | (103,419) |
| Gluaiseacht maidir le Luach Cóir an phunainn infheistíochta | 13 | (592,896) | (170,208) |
| Cánachas | 13 | - | - |
| Caiteachas Caipitil | 13 | (553,393) | (645,996) |
| **Sreabhadh glan airgid ó bhearta infheistíochta** | | **(1,239,180)** | **(919,623)** |
| **Réiteach idir sreabhadh glan airgid agus gluaiseacht maidir le hairgead tirim agus coibhéis airgid (Nóta 14)** | | | |
| (Ísliú)/Ardú Glan maidir le hairgead agus coibhéis airgid i rith na bliana | | (543,057) | 296,630 |
| Glanchistí airgid agus coibhéis airgid ar an 1 Eanáir 2021 | | 1,383,091 | 1,086,461 |
| **Glanchistí airgid agus coibhéis airgid ar an 31 Nollaig 2021** | 13 | **840,034** | **1,383,091** |

D'aontaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 4 Lúil 2022 agus rinne siad seo a leanas iad a shíniú thar ceann na Comhairle:



**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**



**Phil Fox**
**Stiúrthóir Gníomhach**

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

## 1. Polasaithe Cuntasaíochta

### 1.1. An Bunús Ullmhúcháin

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh i gcomhréir le FRS 102 "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC). Rinneadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go leanúnach ag plé leis na míreanna a meastar go mbaineann siad le hábhar i ndáil le ráitis airgeadais na heagraíochta.

### 1.2. Ioncam

Táillí clárúcháin agus measúnachta a fuarthas le linn na bliana atá san ioncam. Luaitear na táillí infhaighte ar fad ar bhonn fáltais ach amháin an t-ioncam ó athbhreithniú agus creidiúnú a dhéanamh ar bhunchláir oiliúna tosaigh do mhúinteoirí a luaitear ar bhonn sonraisc. Cláraíonn na múinteoirí i rith na bliana agus leanann an téarma clárúcháin go ceann 12 mhí. Ní dhéantar ioncam a iarchur i ndáil leis sin. Sa bhliain 2014, cheannaigh an Chomhairle Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad agus faightear ioncam cíosa ó thionóntaí san fhoirgneamh. Luaitear sin faoi "Ioncam Cíosa ar Mhaoin" sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais.

### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

De réir an chostais stairiúil lúide dímheas carntha a luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe.

Déantar foráil don dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe ar fad de réir rátaí arna ríomh d'fhonn an costas nó an luacháil, lúide an luach iarmhairte measta, a dhíscríobh de réir córais i rith ré úsáide measta chineálacha éagsúla sócmhainní, mar seo a leanas

| | | |
|---|---|---|
| Áitreabh | - | 2.5% de réir méid cothrom |
| Fearas & Feisteas | - | 10% de réir méid cothrom |
| Bogearraí Ríomhaireachta | - | 20% de réir méid cothrom |
| Trealamh Ríomhaireachta | - | 33.33% de réir méid cothrom |

Déantar athbhreithniú gach bliain ar an luach anonn maidir le sócmhainní seasta inláimhsithe i ndáil le lagú sna tréimhsí má thugtar le tuiscint mar gheall ar theagmhais nó athrú cúinsí nach móide gur in-aisghabhála an luach anonn.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscíochta, déanann an eagraíocht measúnú cibé an bhfuil nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ar fáil maidir le lagú i ndáil le sócmhainní airgeadais a mheastar de réir an chostais nó nó an chostais amúchta, lena n-áirítear, infheistíochtaí neamhliostaithe, infheistíochtaí, iasachtaí, féichiúnaithe trádála agus airgead tirim. Sa chás go mbíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú ar fáil, luaitear an caillteanas lagaithe an bhliain chéanna sin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### 1.4. Pinsin

Déanann an Chomhairle scéim pinsin le sochair shainithe a oibriú do mhórchuid na bhfostaithe. Tá an córas, arna cheadú ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus ag an Aire Airgeadais bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. As an Státchiste a mhaoinítear na sochair pinsin atá le híoc faoin scéim.

Chomh maith leis sin, tá saintréithe faoi leith a bhaineann le socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht aontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
- tugtar gné an fhostaí san áireamh leis an ranníocaíocht sin chomh maith le gné an fhostóra. I gcomhréir le polasaí an rialtais maidir le pinsin seirbhíse poiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% den ollphá maidir le fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A agus 30% den ollphá maidir le fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D.
- tá geallta go sainráite ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, le haontú na Roinne Airgeadais, go nglanfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bhíonn dlite.

Faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, tugadh isteach Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair") a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013. Is ball den Scéim Aonair gach fostaí nua de chuid na Comhairle Múinteoireachta a thosaigh den chéad uair san earnáil phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ó shin i leith.

Tá an Chomhairle den tuairim gur mar a chéile an toradh airgeadais ó thaobh na Comhairle de ag na socruithe pinsin a dtugtar cuntas thuas orthu agus a bheadh ag scéim le ranníocaíochtaí sainithe. Is é tuairim na Comhairle nach bhfóireann forálacha an chaighdeán FRS 17, Cuntasaíocht maidir le Sochair Aoisliúntais, a thagann chun cinn faoi scéimeanna le sochair shainithe, do chúinsí na Comhairle. Dá réir sin, déantar an chuntasaíocht maidir le ranníocaíochtaí na Comhairle mar a bheadh scéim le ranníocaíochtaí sainithe i bhfeidhm.

### 1.5. Cánachas

Déantar Sceideal 4 leis an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 a leasú le hAlt 37 den Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2013 ionas go dtugtar an Chomhairle Mhúinteoireachta san áireamh le liosta de na comhlachtaí Stát-urraithe neamhthráchtála a sonraítear go bhfuil siad incháilithe maidir le díolúine ó fhorálacha cánach faoi leith faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Faoin alt sin, áirítear díolúine ó cháin ioncaim agus ó cháin corparáide i ndáil le hioncam áirithe a mbeadh cáin le gearradh air faoi Chásanna III, IV, agus V de Sceideal D murach an díolúine sin. Tagann an t-ús a shaothraítear ar thaisce faoi réir cháin coinneála ar ús taisce (DIRT) i gcónaí. Bíonn an muirear cánach bliantúil buanaithe ar an ús a shaothraítear ar thaiscí an bhliain sin agus déantar a ríomh i ndáil leis an ráta cánach atá i bhfeidhm an dáta a bhfaightear an t-ús.

### 1.6. Cúlchistí Ainmnithe

Tá socraithe ag an gComhairle gur féidir, de réir thogra na Comhairle, suimeanna neamhtheoranta a chur de leataobh maidir le cuspóirí faoi leith san am atá le theacht. Sa chás nach mbíonn gá níos mó le cistí den sórt sin maidir leis an gcuspóir a bhí i gceist, déanfar iad a scaoileadh ar ais sa Chúlchiste Ginearálta.

### 1.7. Sócmhainní Airgeadais

De réir luach an mhargaidh a luaitear sócmhainní airgeadais atá ar coimeád ina sócmhainní neamhreatha. Tugtar cuntas ar bharrachas nó easnamh ina leith sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais. Luaitear ioncam ó Shócmhainní Airgeadais sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais an bhliain chéanna a bhfaightear an t-ioncam sin.

### 1.8. Féichiúnaithe

Déantar féichiúnaithe a lua de réir phraghas an idirbhirt lúide lagú ar bith atá le tabhairt san áireamh. Déantar iasachtaí infhála a mheas ar an gcéad dul síos de réir luach cóir, glan ar chostas idirbheartaíochta, agus a mheas ina dhiaidh sin de réir costas amúchta arna ríomh de réir a mhodh an úis iarmhír, lúide aon lagú atá le cur san áireamh.

### 1.9. Creidiúnaithe

Déantar creidiúnaithe a áireamh ar an gcéad dul síos de réir luach cóir agus a lua ina dhiaidh sin de réir costas amúchta arna ríomh de réir a mhodh an úis iarmhír, murar rófhánach an toradh a bheadh ar lascainiú agus ina leithéid sin de chás, déantar a lua de réir an chostais.

### 1.10. Airgead Tirim sa bhanc agus ar láimh

Is é atá san airgead tirim sa bhanc agus ar láimh airgead tirim atá i dtaisce i mbancanna ar lú ná trí mhí an fógra is gá a thabhairt maidir lena astarraingt.

## 2. Ioncam

Gnóthaíodh ioncam uile na heagraíochta i rith na bliana ón bpríomhbheartaíocht gnó arna dhéanamh in Éirinn go huile agus go hiomlán.

| 3. | Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| | Déantar an barrachas/(easnamh) oibriúcháin a lua ar seo a: | | |
| | **Dímheas** | **329,905** | **309,933** |

| 4. | Foireann Oibre & Luach | | |
|---|---|---|---|
| | Saothair | 2021 | 2020 |
| | | € | € |
| | Pá agus Tuarastail | 2,506,674 | 2,367,158 |
| | Leas Shóisialach | 229,255 | 212,708 |
| | Pinsin | 492,577 | 468,308 |
| | Seirbhísí Bainistithe & costas foirne Gníomhaireachtaí | 1,512,680 | 1,166,128 |
| | Earcaíocht, Oiliúint & Leas na Foirne | 113,640 | 116,866 |
| | Ilghnéitheach | 5,550 | 9,361 |
| | | **4,860,376** | **4,340,529** |

| (A) Sochair na bhFostaithe go Comhiomlán | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair Gearrthéarmacha an Lucht Foirne | 2,506,674 | 2,367,158 |
| Costas Sochair Scoir | 492,577 | 468,308 |
| Ranníocaíocht an Fhostóra maidir le leas sóisialach | 229,255 | 212,708 |
| | **3,228,506** | **3,048,174** |

B'ionann líon iomlán (CLA) na bhfostaithe ag deireadh na bliana agus 54.4 (2020: 51.4).

| (B) Sochair Gearrthéarmacha an Lucht Foirne | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 2,505,482 | 2,352,672 |
| Ragobair | 1,192 | 5,159 |
| Liúntais | - | 9,327 |
| | **2,506,674** | **2,367,158** |

### (C) Príomhbhaill Foirne Bainistíochta

Is iad a áirítear ar bhaill príomhthábhachta lucht bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta, an Stiúrthóir, an Leas-Stiúrthóir, Ceannasaí Fhoghlaim & Thaighde na Múinteoirí, Ceannasaí Oiliúint Tosaigh & Ionduchtú Múinteoirí, an Ceannasaí Clárúcháin, Ceannasaí na gCaighdeán Gairmiúlachta, an Ceannasaí Gnóthaí Corparáide & AD agus an Ceannasaí Airgeadais & TE. Leagtar amach thíos luach iomlán shochair na bhfostaithe do bhaill príomhthábhachta an lucht bainistíochta:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 659,035 | 638,576 |
| | **659,035** | **638,576** |

Ní thugtar san áireamh leis sin luach na sochar aoisliúntais a gnóthaíodh i rith an tréimhse faoi chaibidil. Is comhaltaí baill príomhthábhachta an lucht bainistíochta (taobh amuigh den Stiúrthóir) de scéim pinsin na Comhairle Múinteoireachta agus ní sháraítear maidir lena chuid teidlíochtaí ina leith sin téarmaí na samhla de scéim pinsin seirbhíse poiblí.

Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle luach saothair ar bith as ucht a gcuid oibre thar ceann na Comhairle.

### (D) Tuarastal agus Sochair an Stiúrthóra

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 118,407 | 114,199 |
| | **118,407** | **114,199** |

Tá an Stiúrthóir, atá ar iasacht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ina chomhalta de scéim pinsin na Roinne. Ní sháraítear maidir lena chuid teidlíochtaí ina leith sin téarmaí na samhla de scéim pinsin seirbhíse poiblí. Ní áirítear thuas luach na sochar aoisliúntais a gnóthaíodh i rith an tréimhse faoi chaibidil.

### (E) Sochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe - Rangú

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe is mó ná €60,000 a aicmiú de réir na ranganna seo a leanas:

| Réimse Ó | Go | Líon na bhFostaithe 2021 | Líon na bhFostaithe 2020 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | €69,999 | 2 | 6 |
| €70,000 | €79,999 | 2 | 0 |
| €80,000 | €89,999 | 1 | 3 |
| €90,000 | €99,999 | 3 | 1 |
| €100,000 | €109,999 | 0 | 0 |
| €110,000 | €119,999 | 1 | 1 |

### 5. Costas Pinsin

Is é atá sa chostas pinsin na ranníocaíochta a bhíonn le híoc ag an gComhairle leis an gciste pinsin.

| 6. Cánachas | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cáin na bliana reatha | - | - |
| DIRT | - | - |

Déantar Sceideal 4 leis an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 a leasú le hAlt 37 den Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2013 ionas go dtugtar an Chomhairle Mhúinteoireachta san áireamh le liosta de na comhlachtaí Stát-urraithe neamhthráchtála a sonraítear go bhfuil siad incháilithe maidir le díolúine ó fhorálacha cánach faoi leith faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Faoin alt sin, áirítear díolúine ó cháin ioncaim agus ó cháin corparáide i ndáil le hioncam áirithe a mbeadh cáin le gearradh air faoi Chásanna III, IV, agus V de Sceideal D murach an díolúine sin. Tagann an t-ús a shaothraítear ar thaisce faoi réir cháin coinneála ar ús taisce (DIRT) i gcónaí.

### 7. Sócmhainní Inláimhsithe

| | Áitreabh | Fearas & Feisteas | Bogearraí Ríomhair | Trealamh Ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2021 | 3,691,937 | 1,541,474 | 1,145,693 | 715,957 | 7,095,061 |
| Éadáil | - | | 543,119 | 10,274 | 553,393 |
| Diúscairt | - | - | - | (144,291) | (144,291) |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | **3,691,937** | **1,541,474** | **1,688,812** | **581,940** | **7,504,163** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2021 | 553,788 | 838,855 | 612,884 | 590,148 | 2,595,675 |
| Ar dhiúscairt a dhéanamh | - | - | - | (144,291) | (144,291) |
| Muirear na bliana | 92,298 | 139,858 | 38,029 | 59,720 | 329,905 |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | **646,086** | **978,713** | **650,913** | **505,577** | **2,781,289** |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | **3,045,851** | **562,761** | **1,037,899** | **76,363** | **4,722,874** |
| **Ar an 31 Nollaig2020** | **3,138,149** | **702,619** | **532,809** | **125,809** | **4,499,386** |

### 8. Sócmhainní Airgeadais

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Luach Cóir | € | € |
| Ar an 1 Eanáir | 12,625,531 | 12,351,904 |
| Aistriú Cistí isteach sa Phunann | - | - |
| Gluaiseacht maidir le sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir | 592,896 | 170,208 |
| Ioncam Infheistíochta | 92,891 | 103,419 |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | **13,311,318** | **12,625,531** |

### 9. Suimeanna Infhaighte agus Réamhíocaíochtaí

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna infhaighte eile | 11,466 | 61,582 |
| | **11,466** | **61,582** |

### 10. Suimeanna Iníoctha: Suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí | 70,946 | 157,905 |
| Fabhrú | 400,576 | 247,172 |
| | **471,522** | **405,077** |

Tagann cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta ina leith. Tarlaíonn ús a fhabhrú maidir le híocaíocht mhall. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais.

Tá na téarmaí maidir le fabhrú bunaithe ar na conarthaí lena mbaineann. Ní mar a chéile na téarmaí aisíocaíochta le creidiúnaithe éagsúla trádála

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **Áirítear le cánacha eile agus costas slándála sóisialaí:** | € | € |
| ÍMAT/ÁSPC | 70,847 | 79,454 |
| CISG | - | 25,315 |
| CCI | 99 | 1,409 |
| CBL | - | 51,727 |
| | **70,946** | **157,905** |

| 11. Cúlchistí | Cúlchiste Ginearálta | Cúlchiste Ainmnith | Iomlá |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Cúlchistí Tosaigh | 14,164,513 | 4,000,000 | 18,164,513 |
| Barrachas na bliana | 249,657 | - | 249,657 |
| **Cúlchistí Deiridh** | **14,414,170** | **4,000,000** | **18,414,170** |

I gcomhréir le straitéis airgeadais na Comhairle tá na cistí ainmnithe ar bun mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'eascródh as caingean dlí maidir le haon ghné de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2015 agus ó rialú ar bith de chuid na Comhairle. I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta na Comhairle, sa chás nach mbíonn gá a thuilleadh le cistí den sórt sin, cuirtear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.



### 12. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

I gcomhréir leis na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2015 tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil ar chostais a thabhaítear le teann riachtanais i mbun ghnó na Comhairle agus Choistí na Comhairle dóibh. Ní mór freisin do na comhaltaí sin atá ina múinteoirí an clárúchán a athnuachan gach bliain. Is ar neamhthuilleamaí a dhéantar na hidirbhearta uilig agus tugtar san áireamh iad leis na ráitis airgeadais seo.

| 13. Ollsreabhadh Airgid | € | € |
|---|---|---|
| | 2021 | 2020 |
| **Toradh Infheistíochta agus Fónamh ar Airgeadas** | | |
| **Ús a Fuarthas** | - | - |
| | | |
| **Cánachas** | | |
| **CCUT** | - | - |
| | | |
| **Caiteachas Caipitil agus infheistíocht airgid** | | |
| Íocaíochtaí maidir le sócmhainní inláimhsithe a éadáil | (553,393) | (645,996) |
| Ioncam ó phunann infheistíochta | (92,891) | (103,419) |
| Gluaiseacht ar Luach Cóir maidir leis an bpunann infheistíochta | (592,896) | (170,208) |
| | **(1,239,180)** | **(919,623)** |

| 14. Anailís ar Athruithe maidir le Glanchistí in Airgead agus Coibhéis Airgid | Iarmhéid | Sreabhad | Iarmhéid |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 1,383,091 | (543,057) | 840,034 |
| **Glanchistí in Airgead agus i gCoibhéis Airgid** | **1,383,091** | **(543,057)** | **840,034** |

### 15. Teagmhais tar éis dháta an Chláir Comhardaithe


Níor tharla teagmhas ar bith tar éis dheireadh na bliana a mbeadh cur isteach uaidh ar na ráitis airgeadais ná ar na nótaí leis na ráitis airgeadais nó ar ghá é a lua sna ráitis airgeadais ná sna nótaí leis na ráitis airgeadais.

### 16. Na Ráitis Airgeadais a Aontú

D'aontaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 4 Lúil 2022 agus rinne siad seo a leanas iad a shíniú thar ceann na Comhairle:



**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**



**Phil Fox**
**Stiúrthóir Gníomhach**

# Aguisín 2

## Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

### Tá 37 gcomhalta saorálacha ar an gComhairle, de réir mar a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile, naonúr acu tofa agus beirt acu ainmnithe ag ceardchumainn mhúinteoireachta
- Aon mhúinteoir déag iar-bhunscoile, seachtar acu tofa agus ceathrar acu ainmnithe ag ceardchumainn mhúinteoireachta
- Beirt ainmnithe ag coláistí oideachais
- Beirt ainmnithe ag comhlachtaí sonraithe tríú leibhéal
- Ceathrar ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ar an leibhéal bunscoile agus beirt ar an leibhéal iar-bhunscoile)
- Beirt ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ar an leibhéal bunscoile agus duine amháin ar an leibhéal iar-bhunscoile) agus
- Cúigear ainmnithe ag an Aire Oideachais (lena n-áirítear duine amháin atá ionadaíoch do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus do Chomhar Ceardchumann na hÉireann).

Tháinig an Chomhairle le chéile ocht n-uaire le linn na bliana agus leagtar amach freastal gach comhalta sa tábla seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Asiya Al Tawash, Uas. | 8 |
| Sinead Brett, Uas. | 8 |
| Geoffrey Browne, Uas. | 7 |
| Kathleen Burke, Uas. | 6 |
| Noel Cronin, Uas. | 8 |
| Catherine Cross, Uas. | 6 |
| Mary Curley, Uas. | 7 |
| Michael Delargey, Uas. | 7 |
| Charles Dolan, Uas. | 5 |
| Brendan Doody, Uas. | 7 |
| Catherine Doolan, Uas. | 8 |
| Niall Duddy, Uas. | 8 |
| Niamh Fortune, Uas.* | 1 |
| John Holian, Uas. | 8 |
| Anne Howard, Uas. | 7 |
| Rosena Jordan, Uas. | 7 |
| Michelle Keane, Uas. | 8 |
| Mary Kelly, Uas. | 7 |
| David Leahy, Uas. | 8 |
| Gerry Leydon, Uas. | 4 |
| An Dr Anthony Malone | 6 |
| Claire Markey, Uas. | 8 |
| Peter McCabe, Uas. | 6 |
| An tOllamh Marie McLoughlin* | 1 |
| Seán McMahon, Uas. (Cathaoirleach) | 8 |
| Noelle Moran, Uas. (Leas-Chathaoirleach) | 8 |
| Paul Moroney, Uas. | 8 |
| Catherine Moynihan, Uas. | 8 |
| Anne Mulcahy, Uas. | 7 |
| An Dr Melanie Ní Dhuinn | 7 |
| Seán Ó Dubhlaing, Uas. | 7 |
| Séamus Ó Fearraigh, Uas. | 8 |
| Deirdre O'Connor, Uas. | 8 |
| Ciaran James O'Donnell, Uas. | 5 |
| Seán O'Neill, Uas. | 3 |
| Eamonn Shaughnessy, Uas. | 7 |
| Tracie Tobin, Uas. | 8 |

** Tháinig Niamh Fortune, Uas. in ionad an Ollaimh Marie McLoughlin le linn na bliana tuairiscithe*

# Aguisín 3

## Coistí agus Painéil

Tá roinnt coistí agus painéil bunaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun a cuid oibre a éascú. Tá trí choiste reachtúil ann, ceithre bhuanchoiste a dhéanann formhaoirseacht ar bheartais, nósanna imeachta agus rialachas agus trí phainéal a dhéileálann le clárú múinteoirí aonair, grinnfhiosrúcháin agus nithe a bhaineann le cáilíocht.

### An Coiste Feidhmiúcháin

Éascaíonn an Coiste Feidhmiúcháin feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach na Comhairle trí ghnó na Comhairle a sheoladh idir cruinnithe ginearálta.

Tháinig an Coiste, ar a bhfuil 11 chomhalta, le chéile 10 n-uaire le linn na bliana. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin.

| | |
|---|---|
| Geoffrey Browne, Uas. | 10 |
| Michael Delargey, Uas. | 6 |
| Brendan Doody, Uas. | 9 |
| Rosena Jordan, Uas. | 8 |
| Mary Kelly, Uas. | 8 |
| Claire Markey, Uas. | 10 |
| Seán McMahon, Uas. (Cathaoirleach) | 10 |
| Noelle Moran, Uas. | 8 |
| Séamus Ó Fearraigh, Uas. | 10 |
| Deirdre O'Connor, Uas. | 7 |
| Seán O'Neill, Uas. | 2 |

### An Coiste Imscrúdúcháin

Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh leis an gCoiste Imscrúdúcháin i ndáil le múinteoir cláraithe. Tháinig an coiste, ar a bhfuil 11 chomhalta, le chéile 11 uair le linn na bliana. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin.

| | |
|---|---|
| Asiya Al Tawash, Uas. | 6 |
| Geoffrey Browne, Uas. | 9 |
| Mary Curley, Uas. | 11 |
| Michael Delargey, Uas. | 8 |
| Niall Duddy, Uas. | 0 |
| Michelle Keane, Uas. | 11 |
| Peter McCabe, Uas. | 11 |
| Noelle Moran, Uas. (Cathaoirleach) | 6 |
| Catherine Moynihan, Uas. | 10 |
| Anne Mulcahy, Uas. | 11 |
| Séamus Ó Fearraigh, Uas. | 10 |

### An Coiste Araíonachta

D'fhéadfadh sé sa deireadh, mar thoradh ar ghearáin arna bhfáil ag an gComhairle Mhúinteoireachta i ndáil le múinteoirí cláraithe, go ndéanfadh painéal den Choiste Araíonachta fiosrúchan faoi fheidhmiúlacht múinteora chun múineadh.

Féadfaidh Coiste Imscrúdúcháin na Comhairle gearán a tharchur chuig an gCoiste Araíonachta lena fhiosrú.

Tháinig an Coiste Araíonachta, ar a bhfuil 13 chomhalta, le chéile ceithre huaire le linn na bliana. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin:

| | |
|---|---|
| Kathleen Burke, Uas. | 4 |
| Noel Cronin, Uas. | 3 |
| Catherine Cross, Uas. | 2 |
| Charles Dolan, Uas. | 3 |
| Catherine Doolan, Uas. | 2 |
| Anne Howard, Uas. | 3 |
| Rosena Jordan, Uas. | 3 |
| David Leahy, Uas. | 4 |
| Gerry Leydon, Uas. | 3 |
| Paul Moroney, Uas. | 4 |
| An Dr Melanie Ní Dhuinn | 2 |
| Seán O'Neill, Uas. | 1 |
| Tracie Tobin, Uas. (Cathaoirleach) | 3 |

## Painéil Fhiosrúcháin Araíonachta

I dteannta freastal ar chruinnithe sceidealta coiste, d'fhreastail roinnt comhaltaí coistí ar réamhfhiosrúcháin/fhiosrúcháin faoi Fheidhmiúlacht chun Múineadh (17 lá san iomlán). Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin:

| | |
|---|---|
| Kathleen Burke, Uas. | 4 |
| Noel Cronin, Uas. | 10 |
| Catherine Cross, Uas. | 5 |
| Charles Dolan, Uas. | 8 |
| Catherine Doolan, Uas. | 3 |
| Anne Howard, Uas. | 4 |
| Rosena Jordan, Uas. | 1 |
| David Leahy, Uas. | 3 |
| Gerry Leydon, Uas. | 1 |
| Paul Moroney, Uas. | 6 |
| An Dr Melanie Ní Dhuinn | 6 |
| Seán O'Neill, Uas. | 0 |
| Tracie Tobin, Uas. | 0 |

## An Coiste Clárúcháin

Tugann an Coiste Clárúcháin comhairle don Chomhairle agus tugann sé moltaí maidir le gach réimse a bhaineann le múinteoirí a chlárú.

Tháinig an coiste, ar a bhfuil 13 chomhalta, le chéile sé huaire le linn na bliana. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin:

| | |
|---|---|
| Asiya Al Tawash, Uas. | 4 |
| Mary Curley, Uas. | 6 |
| Brendan Doody, Uas. | 4 |
| Niall Duddy, Uas. | 1 |
| John Holian, Uas. | 6 |
| Anne Howard, Uas. | 5 |
| Rosena Jordan, Uas. (Cathaoirleach) | 6 |
| David Leahy, Uas. | 6 |
| Gerry Leydon, Uas. | 5 |
| An Dr Anthony Malone, Uas. | 5 |
| Peter McCabe, Uas. | 5 |
| An tOllamh Marie McLoughlin | 1 |
| Ciaran James O'Donnell, Uas. | 4 |



## An Grúpa um Athbhreithniú Clárúcháin

Suíonn an Coiste Clárúcháin mar an Grúpa um Athbhreithniú Clárúcháin i gcásanna ina mbíonn múinteoirí míshásta le toradh cinnidh ó phainéal agus ina n-iarrtar athbhreithniú ar an gcinneadh tosaigh. Tháinig an grúpa le chéile cúig uaire le linn na bliana. Déanann comhaltaí den choiste a raibh baint acu leis an gcinneadh ó phainéal nó a bhfuil easaontacht leasa acu tarraingt siar ón gcruinniú.

| | |
|---|---|
| Asiya Al Tawash, Uas. | 4 |
| Mary Curley, Uas. | 5 |
| Brendan Doody, Uas. | 4 |
| Niall Duddy, Uas. | 1 |
| John Holian, Uas. | 5 |
| Anne Howard, Uas. | 5 |
| Rosena Jordan (Cathaoirleach) | 5 |
| David Leahy, Uas. | 5 |
| Gerry Leydon, Uas. | 4 |
| An Dr Anthony Malone | 4 |
| Peter McCabe, Uas. | 5 |
| An tOllamh Marie McLoughlin | 1 |
| Ciaran James O'Donnell, Uas. | 3 |

## An Painéal Clárúcháin

Tá an Painéal Clárúcháin freagrach a measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le múinteoirí a chlárú amhail síntí a dheonú dóibhsan a shealbhaíonn clárú faoi réir coinníollacha.

Tháinig an painéal, ar a bhfuil seacht gcomhalta, le chéile 15 uaire le linn na bliana. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin:

| | |
|---|---|
| Charles Dolan, Uas. | 14 |
| John Holian, Uas. (Cathaoirleach) | 15 |
| Mary Kelly, Uas. | 9 |
| An Dr Melanie Ní Dhuinn | 6 |
| Seán Ó Dubhlaing, Uas. | 10 |
| Séamus Ó Fearraigh, Uas. | 5 |
| Eamonn Shaughnessy, Uas. | 9 |

## An Coiste Oideachais

Tá an Coiste Oideachais freagrach as moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le beartas a bhaineann le leanúntas oideachais múinteoirí.

Tháinig an coiste, ar a bhfuil 13 chomhalta, le chéile cúig uaire le linn na bliana tuairiscithe. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin:

| | |
|---|---|
| Asiya Al Tawash, Uas. | 5 |
| Kathleen Burke, Uas. | 4 |
| Noel Cronin, Uas.** | 5 |
| Brendan Doody, Uas. | 5 |
| Catherine Doolan, Uas. | 4 |
| Michelle Keane, Uas. | 4 |
| Mary Kelly, Uas. | 4 |
| Claire Markey, Uas. | 5 |
| Paul Moroney, Uas. | 4 |
| Catherine Moynihan, Uas. | 5 |
| An Dr Melanie Ní Dhuinn | 5 |
| Seán O'Neill, Uas. (Cathaoirleach)* | 2 |

*D'éirigh Séan O'Neill, Uas. as mar chomhalta den Choiste an 01 Samhain 2021 agus tháinig Noelle Moran, Uas. ina ionad.

**Ceapadh Noel Cronin, Uas. mar Chathaoirleach ó Mheán Fómhair go hEanáir 2022.

## An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais formhaoirseacht ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle.

Tháinig an painéal, ar a bhfuil seacht gcomhalta, le chéile sé huaire le linn na bliana tuairiscithe. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin:

| | |
|---|---|
| Claire Markey, Uas. (Cathaoirleach) | 5 |
| Anne Mulcahy, Uas. | 4 |
| John Holian, Uas. | 5 |
| Seán Ó Dubhlaing, Uas. | 2 |
| Gerry Leydon, Uas. | 4 |
| David Leahy, Uas. | 3 |
| An Dr Anthony Malone | 3 |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Priacail

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Priacail faireachán ar chórais, rialuithe airgeadais, agus nósanna imeachta na Comhairle chun a chinntiú go n-oibríonn siad ar mhodh ordúil agus éifeachtach.

Tháinig an painéal, ar a bhfuil cúig chomhalta, le chéile 2 uair le linn na bliana. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin:

| | |
|---|---|
| Sinead Brett, Uas. | 2 |
| Kathleen Burke, Uas. | 2 |
| Brendan Doody, Uas. | 1 |
| Deirdre O'Connor, Uas. | 0 |
| Ciaran James O' Donnell, Uas. | 0 |

## An Painéal um Fhianaise i dtaobh Carachtair

Déanann an Painéal um Fhianaise i dtaobh Carachtair an fhianaise i dtaobh carachtair de chuid iarratasóirí a bhíonn ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle a mheasúnú.

Tháinig an painéal, ar a bhfuil seacht gcomhalta, le chéile 12 uair le linn na bliana. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin:

| | |
|---|---|
| Sinead Brett, Uas. | 9 |
| Geoffrey Browne, Uas. (Cathaoirleach) | 12 |
| Noelle Moran, Uas. | 7 |
| An Dr Melanie Ní Dhuinn | 6 |
| Seán Ó Dubhlaing, Uas. | 9 |
| Ciaran James O'Donnell, Uas. | 11 |
| Tracie Tobin, Uas. | 8 |

## An Painéal Cáilíochtaí

Déanann an Painéal Cáilíochtaí measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla iarratasóirí a bhíonn ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí.

Tháinig an painéal, ar a bhfuil seacht gcomhalta, le chéile 13 huaire le linn na bliana. Leagtar amach thíos an freastal ar na cruinnithe sin:

| | |
|---|---|
| Michael Delargey, Uas. | 10 |
| Niall Duddy, Uas. | 1 |
| An Dr Anthony Malone | 12 |
| An tOllamh Marie McLoughlin | 1 |
| Anne Mulcahy, Uas. | 9 |
| Eamonn Shaughnessy, Uas. (Cathaoirleach) | 11 |
| Tracie Tobin, Uas. | 10 |

### Próiseas Dearbhaithe Cáilíochta Droichead

Chuir Painéal Dearbhaithe Cáilíochta Droichead a gcuid seisiúin foghlama gairmiúla i gcrích de réir mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Mary Curley, Uas. | 1 |
| Rosena Jordan, Uas. | 1 |
| Michelle Keane, Uas. | 1 |
| Noelle Moran, Uas. | 1 |
| Eamonn Shaughnessy, Uas. | 1 |

### Grúpa Oibre Cosán

Tá Grúpa Oibre Cosán comhdhéanta de mhúinteoirí agus geallsealbhóirí iomchuí agus é de chúram air Próiseas Forbartha Cosán a chur chun cinn agus a chomhordú. Is comhaltaí den Chomhairle iad roinnt den Ghrúpa Oibre seo. Tháinig sé le chéile ceithre huaire le linn na bliana tuairiscithe. Tá freastal chomhaltaí na Comhairle ar na cruinnithe sin leagtha amach thíos:

| | |
|---|---|
| Noel Cronin, Uas. | 3 |
| Catherine Cross, Uas. | 2 |
| Catherine Doolan, Uas. | 2 |
| Niall Duddy, Uas. | 1 |
| Claire Markey, Uas. | 3 |
| Peter McCabe, Uas. | 3 |
| Paul Moroney, Uas. | 3 |
| Catherine Moynihan, Uas. | 4 |
| Seán O'Neill, Uas. | 2 |

### Grúpa Oibre FÉILTE

Tá Grúpa Oibre FÉILTE comhdhéanta de gheallsealbhóirí seachtracha agus comhaltaí den Chomhairle. Tháinig an grúpa le chéile ceithre huaire.

| | |
|---|---|
| Catherine Doolan, Uas. | 1 |
| Seán McMahon, Uas. | 2 |
| Noelle Moran, Uas. | 1 |
| Eamonn Shaughnessy, Uas. | 4 |
| Tracie Tobin, Uas. | 0 |



# Aguisín 4

## Costais Chruinnithe – An Bhliain Airgeadais, 2021

| An Comhalta | Caiteachais a éilíodh | Líon Cruinnithe |
|---|---|---|
| Asiya Al Tawash, Uas. | €0 | 27 |
| Sinead Brett, Uas. | €150.79 | 19 |
| Geoffrey Browne, Uas. | €5,326.21 | 38 |
| Kathleen Burke, Uas. | €107.50 | 20 |
| Noel Cronin, Uas. | €0 | 29 |
| Catherine Cross, Uas. | €0 | 15 |
| Mary Curley, Uas. | €1,669.58 | 30 |
| Michael Delargey, Uas. | €0 | 31 |
| Charles Dolan, Uas. | €0 | 30 |
| Brendan Doody, Uas. | €0 | 30 |
| Catherine Doolan, Uas. | €0 | 20 |
| Niall Duddy, Uas. | €1,493.02 | 12 |
| Niamh Fortune, Uas. | €0 | 1 |
| John Holian, Uas. | €1,897.29 | 39 |
| Anne Howard, Uas. | €830.57 | 24 |
| Rosena Jordan, Uas. | €2,029.97 | 31 |
| Michelle Keane, Uas. | €1,067.78 | 24 |
| Mary Kelly, Uas. | €0 | 28 |
| David Leahy, Uas. | €243.43 | 29 |
| Gerry Leydon, Uas. | €0 | 21 |
| An Dr Anthony Malone | €0 | 30 |
| Claire Markey, Uas. | €0 | 31 |
| Peter McCabe, Uas. | €571.84 | 30 |
| An tOllamh Marie McLoughlin | €0 | 4 |
| Seán McMahon (Cathaoirleach) | €11,859.64 | 20 |
| Noelle Moran (Leas-Chathaoirleach) | €4,133.68 | 31 |
| Paul Moroney, Uas. | €2,465.13 | 25 |
| Catherine Moynihan, Uas. | €0 | 27 |
| Anne Mulcahy, Uas. | €0 | 31 |
| An Dr Melanie Ní Dhuinn | €0 | 32 |
| Seán Ó Dubhlaing, Uas. | €2,410.23 | 28 |
| Séamus Ó Fearraigh, Uas. | €5,906.65 | 33 |
| Deirdre O'Connor, Uas. | €0 | 15 |
| Ciaran James O'Donnell, Uas. | €604.65 | 23 |
| Seán O'Neill, Uas. | €0 | 10 |
| Eamonn Shaughnessy, Uas. | €1,512.73 | 32 |
| Tracie Tobin, Uas. | €3,270.54 | 29 |

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
The Teaching Council

Block A, Maynooth Business Campus,
Maynooth, Co. Kildare, Ireland, W23 Y7X0

**Telephone:** +353 1 651 7900
**Email:** info@teachingcouncil.ie